

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# 2024 - 2029

## Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice





# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá & Comhthéacs** | **4** |
| Réamhrá | 5 |
| Comhthéacs | 7 |
| **Achoimre Fheidhmeach** | **8** |
| Buiséad Ioncaim Bliantúil Spóirt & Áineasa CCBÁC | 13 |
| Clár Caipitil CCBÁC 2024 - 2026 | 14 |
| **Cuspóir, Fís, Misean & Luachanna** | **16** |
| Cuspóir, Fís, Misean | 17 |
| Achoimre ar Chuspóir, Fís, Misean | 20 |
| Luachanna | 21 |
| Cur Chuige Comhoibritheach | 22 |
| **Téamaí Ardleibhéil agus Prionsabail Deartha** | **24** |
| Anailís ar Théamaí Ardleibhéil | 25 |
| Prionsabail Deartha | 27 |
| An Ghaeilge | 28 |
| **Colún 1: Bonneagar** | **30** |
| Forléargas: Céard a dhéanfaimid? | 31 |
| An Léarscáil: 'Uirlis Straitéiseach Cinnteoireachta' | 32 |
| Réimse Fócais: Gníomhartha | 33 |
| **Colún 2: Cláreagrú** | **52** |
| Forléargas: Céard a dhéanfaimid? | 53 |
| Réimse Fócais: Gníomhartha | 54 |
| **Colún 3: Eagrúchán** | **72** |
| Forléargas: Céard a dhéanfaimid? | 73 |
| Réimse Fócais: Gníomhartha | 74 |
| **Cur i bhfeidhm** | **84** |
| Amlíne | 85 |
| Struchtúr Seachadta | 87 |
| **Aguisín** | **88** |

# Réamhrá & Comhthéacs




## Réamhrá

### Daithí de Róiste - Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

**Tá an spórt agus an ghníomhaíocht choirp buntábhachtach chun cathracha a chruthú ina bhféadann daoine saol sona sásúil torthúil a bheith acu. Dá réir sin, mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, fearaimse fáilte chroíúil roimh an gcéad Phlean Spóirt de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2024 – 2029. Is Plean cuimsitheach tomhaiste iomlán trédhearcach é an Plean seo i dtaca leis an staid ag a bhfuil muid faoi láthair agus an staid is mian linn a bhaint amach. Tá croí-chuspóirí agus gníomhartha leagtha amach go soiléir ann, in éagsúlacht de réimsí fócais - agus iad go léir ceaptha chun seirbhísí na Comhairle a fheabhsú ar bhealach iomlánaíoch, ó thaobh an spóirt agus na gníomhaíochta coirp de.**

Mholfainn do gach uile dhuine an cháipéis a léamh, ní hamháin i dtaca leis an méid atá le déanamh amach anseo, ach, freisin, chun breithniú a dhéanamh ar na cás-staidéir éagsúla lena léirítear cuid mhaith den obair iontach atá sa siúl le tamall maith anois, nach dtugtar go leor di faoi deara. Baineann mo chúlra féin leis an margaíocht agus an chumarsáid. Mar sin de, is ábhar misnigh dom a fheiceáil gur réimse é seo a bhfuil sé beartaithe ag foireann Spóirt agus Áineasa CCBÁC plé leis laistigh den Phlean úr.

Is léir freisin go mbeidh tionchar láidir ag taighde agus sonraí ar aon chinnteoireacht straitéiseach amach anseo. Is dea-scéala é seo, dar liom, nó cé go mbímid ag saothrú linn chun meascán de dheiseanna a chruthú le go bhféadann daoine a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí coirp, tá sé lán chomh tábhachtach go gcuirfimis tuiscint ar an tsíceolaíocht atá taobh thiar de na fáthanna a roghnaíonn roinnt daoine fanacht éighníomhach agus ar na cineálacha bacainní roimh an rannpháirtíocht atá ann.



Níor cheil mé féin riamh go bhfuil ann i measc aidhmeanna mo thréimhse in Oifig an Ardmhéara go n-úsáidfidh mé an t-ardán seo chun cur leis na hiarrachtaí cathair níos ionchuimsithí inrochtana a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath. Tá lúcháir orm a fheiceáil go bhfuil na téamaí seo go mór le sonrú ó thús deireadh an Phlean. Tá dualgas ar gach aon duine a oibríonn i réimse an bhonneagair gníomhaíochta coirp agus an chláreagraithe a chinntiú go nglacann siad de fhreagracht orthu féin a chinntiú gur tosca leanúnacha iad an ionchuimsitheacht agus an inrochtaineacht i ngach aon snáithe den chinnteoireacht. Ní ceart, in am ar bith, gur beart 'ticbhosca' a bheadh ann. Tá mé féin sásta nach bhfuil sé sin amhlaidh anseo agus tá sé sin le feiceáil leis na spriocanna agus gníomhartha intomhaiste atá leagtha amach sa Phlean Spóirt.

Ar cheann de bhuaicphointí 2024 go dtí seo, bhí Dúshlán 5 Alive an Ardmhéara – sraith de rití gearra atá dírithe ar shiúlóirí, bogshodairí agus reathaithe núíosacha atá ag iarraidh spriocanna corpacmhainne a bhaint amach. Bhí sé thar a bheith spreagúil bualadh leis na rannpháirtithe agus aoibh an gháire a bhí ar a n-aghaidh a fheiceáil, gan trácht ar an gcomrádaíocht eatarthu. Is féidir buiséid a bheith teann agus is minic foinsí breise maoinithe a bheith ag teastáil chun spriocanna a bhaint amach, ach ní féidir luach a chur ar an mbraistint folláine agus cómhuintearais a eascraíonn as an spórt agus an ghníomhaíocht choirp.

Chun an fhís atá againn a réadú, mar atá, 'Ceann de na Cathracha is Gníomhaí ar Domhan a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath', teastóidh comhoibriú, smaointeoireacht straitéiseach agus infheistíocht ama agus acmhainní. Bí linn chun Cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh Níos Gníomhaí Níos Minice, agus bain súp as an aistear chun na críche sin.

## Richard Shakespeare - Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath



**Is cúis mhór áthais dom an chéad Phlean Spóirt de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2024 – 2029, a chur in bhur láthair. Tá rud éigin sa cháipéis seo do gach aon duine, ar gach aois, de gach ábaltacht agus de gach cúlra, agus cuimsíonn sí gníomhartha agus cuspóirí ar féidir cur síos orthu go bhfuil siad idir uaillmhianach agus inréadaithe. Tá sé bunaithe go láidir ar bheartais áitiúla agus náisiúnta lena chinntiú go mbímid ag teacht le comhghleacaithe sna húdaráis áitiúla ar fud na tíre agus muid ag féachaint le saol ár gcuid saoránach a shaibhriú trí thairbhí aitheanta an spóirt agus na gníomhaíochta coirp.**

Ar an gcéad dul síos, bheadh sé faillitheach agam gan aird a dhíriú ar an gclár oibre spóirt agus gníomhaíochta coirp atá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath á sholáthar le breis agus scór bliain anois. Ní fhaigheann go leor de na hiarrachtaí seo againn ó thaobh an tsoláthair saoráidí, bonneagair, clár & seirbhísí de mórán poiblíochta. Táimid thar a bheith mórtasach as a bhfuil bainte amach againn ach aithnímid gurb iomaí slí a bhféadfaimis feabhsúcháin a dhéanamh i dtaca lenár gcuid struchtúr, an chaoi a gcuirimid muid féin chun cinn agus an comhoibriú idir-rannach. Ní mór dúinn breithniú a dhéanamh freisin ar chomhpháirtíochtaí a dhaingniú agus an taighde agus an bailiú sonraí a fhorbairt chun deiseanna agus léargais bhreise a chur ar fáil chun an chinnteoireacht straitéiseach a threorú. Is ionann an cháipéis seo agus bunús agus treochlár don obair sin agus muid ag dul chun tosaigh.

Thóg sé bliain leis an bPlean Spóirt a fhorbairt. Caitheadh go leor den am sin i mbun rannpháirteachais leis an raon leathan de pháirtithe leasmhara a bhfuil ról acu sa réimse seo, ar bhonn inmheánach sa Chomhairle Cathrach agus ar bhonn seachtrach – ón bpobal go dtí eagrais amhail Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, Spórt Éireann & na Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt. Tógadh go leor ceisteanna a bhí iontach sainiúil ar bhonn áitiúil le linn an phróisis seo agus ba cheart a thabhairt faoi deara gur cáipéis straitéiseach í seo agus, dá réir, nach féidir réitigh dhíreacha a mholadh inti. Is amhlaidh agus is tábhachtach, áfach, gur cuimsíodh inti na struchtúir, na hacmhainní agus an tsoiléire straitéiseach a ligfidh dúinn tosú ar dhul i ngleic leis na ceisteanna seo sa ghearr- go meántréimhse.

An rud a bhí thar a bheith soiléir le linn an phróisis seo ná a thábhachtaí atá an spórt agus an ghníomhaíocht choirp do dhaoine. Tuigtear anois na tairbhí bunúsacha sláinte agus sóisialta don duine aonair agus, dá réir, don chathair trí chéile. Tá i bhfad níos mó daoine anois, a bhíodh éighníomhach roimhe seo, anois réidh chun dul sa seans agus tá sé de dhualgas orainne na deiseanna a chur ar fáil agus iad a spreagadh lena dhéanamh. Cuimsíonn sé seo gach rud ón infheistíocht chaipitiúil go dtí saoráidí nua úrscothacha, conair shiúil shimplí gona treochomharthaí i gceann de na páirceanna iontacha atá againn, bheith ag tacú le clubanna sa chathair nó cláir nuálacha inbhuanaithe ionchuimsitheacha gníomhaíochta coirp a sholáthar sa phobal.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a bhí rannpháirteach i bpróiseas forbartha an Phlean Spóirt seo. Cuireadh a lán obair chrua isteach ach caithfimid a aithint nach bhfuil anseo ach an túsphointe. Tá mé ag dúil leis an eagraíocht seo a threorú i dtreo sheachadadh na spriocanna agus na gcuspóirí atá leagtha amach agus an misean atá sainithe againn, mar atá, saoráidí agus cláir bhardasacha den chéad scoth a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath lena chur ar chumas an uile dhuine saol níos gníomhaí sláintiúla sásúla a bheith aige nó aici, a réadú.





# Comhthéacs

**Tá an spórt agus an ghníomhaíocht choirp buntábhachtach chun cathracha a chruthú ina bhféadann daoine saol sona sásúil torthúil a bheith acu. Le daonra a bheadh níos gníomhaí ar bhonn fisiceach, bíonn tionchar dearfach ar chaighdeán maireachtála na gcónaitheoirí, laghdaítear brúnna ar na córais sláinte poiblí agus cuirtear leis an dea-shláinte mheabhrach agus le folláine an phobail. Nuair a chuireann duine lena leibhéal de ghníomhaíocht choirp, tá léirithe go dtagann buntáistí suntasacha ó thaobh na torthúlachta agus na gnóthachtála oideachasúla de mar aon le leibhéil níos ísle d'iompraíocht fhrithshóisialta. Is ionann cathair ina gcuirtear chun cinn, ina n-éascaítear agus ina dtacaítear leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp agus cathair bhríomhar bhisiúil, cathair níos sláintiúla athléimní, agus cathair iontach le cónaí a dhéanamh inti.**

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ('CCBÁC') an t-údarás áitiúil atá freagrach as cathair Bhaile Átha Cliath agus is í an t-údarás áitiúil is mó sa tír í agus freagracht uirthi as breis agus leathmhilliún duine (agus tá an figiúr sin ag fás). Is í Seirbhísí Spóirt agus Áineasa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ('Spórt agus Áineas CCBÁC') an rannóg laistigh de CCBÁC atá freagrach as seirbhísí spóirt agus áineasa agus as pobail Bhaile Átha Cliath a choinneáil corpacmhainneach sláintiúil gníomhach.

Déanann Spórt agus Áineas CCBÁC 31 ionad spóirt agus limistéar fóillíochta allamuigh ina bhfostaítear breis agus 300 duine a bhainistiú agus a fheidhmiú, agus soláthraíonn siad seo réimse fairsing de dheiseanna le haghaidh rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ar bhonn eagraithe agus ar bhonn neamhfhoirmeálta do gach cónaitheoir agus cuairteoir i gcathair Bhaile Átha Cliath. I láthair na huaire, níl aon phlean ná straitéis ghníomhach spóirt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cuireann CCBÁC deiseanna rannpháirtíochta ar fáil trí obair Chomhpháirtíocht Spóirt & Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath ('CSFCBÁC'). Féachann CSFCBÁC le deiseanna a sholáthar do shaoránaigh as gach pobal le bheith rannpháirteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp, beag beann ar aois, ábaltacht nó cúlra. Leis an bplean STRIDE - Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha, Teagasc, Athnuachan, Infheistiú, Sainmhíniú, Spreagadh (Strategic Partnerships, Teachings, Refreshing, Investing, Defining, Encouraging) - cumasaítear agus spreagtar an uile dhuine i gcathair Bhaile Átha Cliath le bheith rannpháirteach agus tabhairt faoin ngníomhaíocht choirp agus an spórt d'fhonn a sláinte ghinearálta agus folláine a fheabhsú.

Tá leagtha amach i bPlean nua Spóirt CCBÁC 2024-2029 uaillmhian go gcuirfear leis an mbunús seo lena fhágáil go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan, ag teacht i dtír ar chumhacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp chun saol chónaitheoirí chathair Bhaile Átha Cliath a fheabhsú.

Tá bailiúchán suntasach taighde ann a léiríonn go bhfuil na leibhéil reatha aclaíochta agus gníomhaíochta coirp ar fud na hÉireann rud maith faoi bhun leibhéil treoirlíne na mbeartas náisiúnta. Tá líon na ndaoine a bhaineann amach an sprioc laethúil de 60 nóiméad sa lá i rith na seachtaine rud maith faoi bhun na spriocanna náisiúnta. Tá sé seo níos measa i measc grúpaí áirithe lena n-áirítear páistí (a fhad le 18 mbliana d'aois), daoine atá faoi mhíchumas, daoine a chónaíonn i gceantair dhíothacha, mná agus cailíní agus daoine fásta níos sine.


Is é is príomhfhócas do Phlean Spóirt CCBÁC ná leibhéil na gníomhaíochta coirp i measc phobal chathair Bhaile Átha Cliath a mhéadú. Tá an plean bunaithe ar an bhfís Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice agus tá leagtha amach ann uaillmhian go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan.

# Achoimre Fheidhmeach




## Cathair Bhaile Átha Cliath

### Níos Gníomhaí. Níos Minice.



# Colún 1

## Bonneagar

Saoráidí agus limistéir ardchaighdeáin a sholáthar lena chur ar chumas níos mó daoine a bheith níos gníomhaí, níos minice.

### Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| 01 | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Leanfaimid de bheith ag soláthar saoráidí spóirt ardchaighdeáin lena chinntiú go mbíonn go leor saoráidí spóirt insroichte áitiúla, ar leac an dorais agat, ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. |
| 02 | Limistéir Ghlasa / Oscailte | Beimid ag comhoibriú chun leibhéil na ngníomhaíochtaí spóirt agus coirp inár gcuid limistéar glas agus oscailte a uasmhéadú. |
| 03 | Páirceanna | Beidh ról againn in iniúchadh uile-chathrach ar pháirceanna imeartha, mar a ndíreofar isteach ar acmhainneacht, pleanáil straitéiseach, bainistiú agus ar fhorbairt na gcineálacha cur chuige straitéiseacha i gcomhar le hinstitiúidí poiblí. |
| 04 | Uiscebhealaí | Méadóimid ar úsáid ár gcuid uiscebhealaí chun tacú leis an ngníomhaíocht spóirt agus áineasa. |
| 05 | Pleanáil Chun Cinn | Bainfimid feidhm as an bpleanáil chun cinn chun limistéir agus áiteanna le haghaidh gníomhaíochtaí coirp a shainaithint agus chun uastairbhe a bhaint astu mar chuid den fhorbairt straitéiseach agus de chrio-sanna tithíochta. |
| 06 | Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh | Beimid freagrach ar bhonn eacnamaíoch agus comhshaoil maidir le hathghiniúint, cuíchóiriú agus infheistíocht sna saoráidí Spóirt & Áineasa de chuid CCBÁC. |

# Colún 2

## Cláreagrú

Punann de chláir (agus tionscnaimh) ilchineálacha a sholáthar lena méadófar leibhéil na gníomhaíochta ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.

### Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| 01 | Baile Átha Cliath Gníomhach | Cinnteoimid stádas mar Chathair Ghníomhach do Bhaile Átha Cliath agus glacfaidh le 'Gníomhach' mar chroí-théama i ngach clár agus tionscnamh. |
| 02 | Spriocghrúpaí | Díreoimid go réamhghníomhach ar dhéimeagrafaic faoi leith chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú agus chun cur le deiseanna rochtana ar an ngníomhaíocht choirp i gCathair Bhaile Átha Cliath. |
| 03 | Comhpháirtíochtaí | Comhoibreoimid agus rachaimid i gcomhairle le comhpháirtithe úra agus comhpháirtithe reatha (idir inmheánach agus sheachtrach) chun croí-chuspóirí a sheachadadh. |
| 04 | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Tabharfaimid faoi thaighde saincheaptha agus forbróimid cláir agus tionscnaimh, bunaithe ar shonraí agus léargais láidre. |
| 05 | Margaíocht & Cumarsáid | Forbróimid feachtais spriocdhírithe margaíochta agus cumarsáide chun Cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh níos gníomhaí níos minice. |

# Colún 3

## Eagrúchán

**Struchtúr (agus múnla) eagraíochta a fhorbairt atá oiriúnach don fheidhm chun tacú leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp áineasa i mBaile Átha Cliath.**

## Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| 01 | **Struchtúr na hEagraíochta** | Déanfaimid struchtúr Spórt agus Áineas CCBÁC a atheagrú le go mbeidh sé ag teacht leis an bPlean Spóirt agus lena chinntiú go mbíonn fócas soiléir ar na croí-réimsí tosaíochta. |
| 02 | **Oibriú trasfheidhmeach** | Déanfaimid comhordú agus beimid ag comhoibriú le rannóga, rannáin agus oifigí eile de chuid CCBÁC mar aon le comhpháirtithe seachtracha chun soláthar na dtorthaí agus na spriocanna atá sa Phlean Spóirt a éascú. |
| 03 | **Forbhreathnú Straitéiseach** | Cruthóimid struchtúir, próisis agus múnlaí tuairiscithe le haghaidh forbhreathnú straitéiseach lena chinntiú go ndéanaimid monatóireacht agus breithmheas ar bhonn leanúnach ar sheachadadh an Phlean Spóirt. |
| 04 | **Múnla Oibríochtúil** | Déanfaimid breithniú ar ár múnla oibriúcháin chun na torthaí ar an infheistíocht maoinithe poiblí a uasmhéadú agus cinnteoimid, san am céanna, solúbthacht, gastacht agus éifeachtúlacht i seachadadh an Phlean Spóirt. |
| 05 | **Foireann** | Déanfaimid tiomantas dár bhfócas a mhéadú ar fhorbairt agus uas-sciliú leanúnach ár bhfoirne, chun tacú le seirbhísí agus torthaí Phlean Spóirt den chéad scoth a sheachadadh |






# Buiséad Ioncaim Bliantúil Spóirt & Áineasa CCBÁC

Soláthraítear leithdháileadh buiséad ioncaim bliantúil de €20 milliún don Spórt agus Áineas d'fhonn soláthar leantach na seirbhísí a chinntiú ar fud an 30 saoráid againn agus trí chur i bhfeidhm chláir agus tionscnaimh na nOifigeach Forbartha Spóirt againn. Cinntíonn an buiséad seo go mbíonn ár gcuid seirbhísí / saoráidí ar fáil dár gcustaiméirí ar rátaí inacmhainne agus éascaíonn dúinn líon na gcuairteoirí sna saoráidí a mhéadú bliain i ndiaidh bliana trínár réimse de ranganna agus cláir a leathnú. Cinntíonn sé go ndéantar na seirbhísí seo a bhainistiú go maith agus go soláthraítear iad i dtimpeallacht shábháilte sholáimhsithe.

Cé gurb í CCBÁC a leithdháileann an chuid is mó den bhuiséad go díreach, tagann maoiniú deontais breise freisin ó roinnt foras seachtrach lena n-áirítear Spórt Éireann, FSS, Bord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath, Pobal agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá léirithe sa ghrafaic thíos leithdháileadh CCBÁC agus na bhforas seachtrach iomchuí don bhuiséad ioncaim bliantúil don Spórt agus Áineas:

### Miondealú ar an Leithdháileadh do Bhuiséad Ioncaim Bliantúil Spórt & Áineas CCBÁC




Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Forais Sheachtracha



# Clár Caipitil CCBÁC 2024 - 2026

**Tá leagtha amach i gClár Caipitil CCBÁC 2024 - 2026 clár straitéiseach caiteachas caipitil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don tréimhse trí bliana ó 2024 go 2026. Beidh CCBÁC ag díriú ar sceideal uaillmhianach d'obair sna trí bliana atá romhainn agus rinneadh cuid de na ceannfhigiúirí a aibhsiú thíos:**

2024 – 2026

### €108m* Saoráidí Úra

Déanfar **€108 milliún** a infheistiú chun **saoráidí úra spóirt & áineasa a fhorbairt** ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear Páirc Chnocán Uí Dhálaigh agus Ionad Fóillíochta an Bhaile Ghaelaigh
*(*Sínfear an figiúr seo lastall den Chlár Caipitil 3 bliana reatha)*

### €27.2m Saoráidí Reatha

Caithfear **€27 milliún ar uasghráduithe inbhuanaitheachta, bainistiú fuinnimh, athchóiriú, agus leathnú na saoráidí spóirt & áineasa atá ann cheana** i gCathair Bhaile Átha Cliath

2024 – 2026

### €9m* Páirceanna Imeartha Uile-Aimsire


**milliún chun páirceanna imeartha**
**ɜ-aimseartha úra a sholáthar agus**
**ırceanna imeartha uile-aimseartha**
**reatha a uasghrádú** laistigh de
Chathair Bhaile Átha Cliath
*ıcludes €1 million for the resurfacing of Irishtown Stadium's track)*

### €1m* Cur i bhFeidhm an Phlean Spóirt

**Cuirfear €1 mhilliún ar leataobh chun cabhrú le forfheidhmiú Phlean Spóirt CCBÁC 2024 – 2029**
*(*Sínfear an figiúr seo lastall den Chlár Caipitil 3 bliana reatha)*







# Cuspóir, Fís, Misean & Luachanna



## Cuspóir, Fís, Misean

**Is ionann an Cuspóir, Fís & Misean agus bunchloch lena gcuirtear i bhfriotal an treo a mbeifear ag dul leis an obair chun todhchaí fíorspreagúil a chruthú do chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath.**

1. Trí Chuspóir, Fís agus Misean an Phlean Spóirt a chinntiú, éascófar soiléire fócais agus cinntítear go mbeidh na spriocanna, na torthaí beartaithe agus na huaillmhianta soiléir do gach duine bainteach.
2. Tabharfaidh na ráitis seo CCBÁC agus croí-pháirtithe leasmhara le chéile agus spreagfaidh an uile dhuine, ag cur chun cinn na n-iompraíochtaí dearfacha atá ag teastáil chun na spriocanna uaillmhianacha seo a bhaint amach.
3. Tacóidh siad le gach duine lena chinntiú go ndéanfar an téama 'níos gníomhaí, níos minice' a ghníomhachtú agus go spreagfar gníomh ar fud na comhairle, agus ar bhonn seachtrach, le comhpháirtithe de chuid CCBÁC.

## Cuspóir

Tá leagtha amach inár ráiteas cuspóra an fáth leanúnach arb ann don straitéis seo. Tá míniú ann ar na fáthanna a ndéanaimid a ndéanaimid agus na daoine a ndéanaimid seo dóibh. I rannóg Spóirt agus Áineasa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, is é an cuspóir atá againn ná a éascú do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus iad a spreagadh chun éirí níos gníomhaí níos minice.

Cuimseofar, d'aon turas, cónaitheoirí, comaitéirí, taistealaithe agus gach uile dhuine aonair, beag beann ar an déimeagrafach

> **"Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice"**

Is mian linn go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan.
Is mian linn iad sin nach mbíonn gníomhach a éirí gníomhach. Agus iad sin atá gníomhach a gcuid leibhéal gníomhaíochta a chothú agus a mhéadú.

# Fís

Is éard is fís leis an straitéis seo ná go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan. Is éard is cathair ghníomhach ann ná cathair ina ndéantar tosaíocht den ghníomhaíocht choirp don uile dhuine le go ndéantar norm sóisialta de, ar bunchuid í de shaol teaghlaigh, oibre agus pobail na ndaoine agus ina mbítear ag féachaint freisin le líon na limistéar gníomhach ar fud na cathracha a mhéadú chun inrochtaineacht agus deiseanna cothroma a chur ar fáil do gach duine le bheith rannpháirteach.

Ba mhaith linn go n-éireodh an mhuintir sin sa chathair nach bhfuil gníomhach, gníomhach, go n-éireodh siad sin atá measartha gníomhach níos gníomhaí agus go bhfanfadh siad sin atá an-ghníomhach an-ghníomhach. Beidh an bonneagar agus an cláreagrú ann chun gach leibhéal agus réimse leathan de ghníomhaíocht a éascú. Ní mór dúinn teacht i dtír ar an bhflúirse de dheiseanna atá sa chathair seo, chun an deis a thabhairt dár gcuid saoránach ar fad – gach déimeagrafaic – chun bheith gníomhach go fisiceach.

> **“Go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan”**

Croí-thiomantas de chuid CCBÁC sa straitéis seo ná Baile Átha Cliath a bheith níos gníomhaí.

Is iomaí ciall atá ag baint leis an bhfocal seo:
- Daoine gníomhacha
- Páirceanna gníomhacha
- Uiscebhealaí gníomhacha
- Scoileanna gníomhacha
- Spásanna gníomhacha
- Clubanna gníomhacha
- Pobail ghníomhacha
- Etc....

Inspioráidí agus spriocanna uaillmhianacha den chéad scoth

# Misean

Is é an misean atá againn ná saoráidí agus cláir a chur ar fáil, ag caighdeán bardasach den chéad scoth, lena chur ar chumas an uile dhuine i gCathair Bhaile Átha Cliath saol níos gníomhaí sláintiúla sásúla a bheith aige nó aici. Is éard is misean dúinn ná folláine na ndaoine go léir a chónaíonn i mBaile Átha Cliath agus a thugann cuairt air a chinntiú. Bainfear é seo amach trí bhonneagar agus cláir bhardasacha den chéad scoth a chuirfear ar fáil chun saol gníomhach a éascú, pé acu tríd an spórt, trí shúgradh, tríd an taisteal nó tríd an bhfóillíocht.

Tarraingítear aird ar an méid atá ar fáil agus a thábhachtaí atá an dá ghné

> **“Saoráidí agus cláir bhardasacha den chéad scoth a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath lena chur ar chumas an uile dhuine saol níos gníomhaí sláintiúla sásúla a bheith aige nó aici.”**

Sonraítear an uaillmhian go mbeadh gach seirbhís agus bonneagar ar an gcaighdeán is airde, rud a rachadh chun sochair don phobal

Léirítear Spreagadh Dearfach

Athneartaítear cuspóir, spriocanna agus tairbhí na straitéise



# Achoimre ar Chuspóir, Fís, Misean

**Cuspóir**

**Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice**

**Fís**


Go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan.

**Misean**

Saoráidí agus cláir bhardasacha den chéad scoth a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath lena chur ar chumas an uile dhuine saol níos gníomhaí sláintiúla sásúla a bheith aige nó aici.


# Luachanna

Is ionann ár gcuid luachanna agus treoir iompraíochta dúinn. Meabhraíonn siad dúinn an méid atá tábhachtach agus an méid a gcloífimid leis agus muid ag saothrú lenár gcuid cuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm. Spreagann siad muid agus cuireann chun cinn na hiompraíochtaí dearfacha a theastaíonn de réir mar a bhíonn Plean Spóirt Chathair Bhaile Átha Cliath á sholáthar.



# Cur Chuige Comhoibritheach

Tá béim sa straitéis seo ar chur chuige straitéiseach agus spreagtar a leithéid maidir leis an spórt agus an ghníomhaíocht choirp i gCathair Bhaile Átha Cliath. Luíonn an Plean Spóirt taobh le gach rud atá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag iarraidh a fhorbairt agus a bhaint amach sa tréimhse 2024-2029. Beidh an comhoibriú idir gach roinn, rannóg agus oifig de chuid na Comhairle ríthábhachtach maidir le forfheidhmiú rathúil an Phlean Spóirt, lena chinntiú go ndéantar breithniú ar réimse iomlán na ndeiseanna, na gcumas agus na nuálaíochta le chéile, mar fhoireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin.










# Téamaí Ardleibhéil agus Prionsabail Deartha





# Anailís ar Théamaí Ardleibhéil

D'eascair roinnt croí-théamaí as an bpróiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara agus tá siad buntábhachtach maidir le forbairt na moltaí straitéiseacha agus na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Spóirt:

## Freastal ar an bPobal

Ar cheann de na croí-róil atá ag Rannóg Spóirt agus Áineasa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá rochtain a sholáthar ar dheiseanna le haghaidh gníomhaíochta coirp fud fad chathair Bhaile Átha Cliath. Ní mór gné seo na seirbhíse poiblí a bheith ag croí-lár Phlean úr Spóirt CCBÁC 2024-29 i gcónaí.

## Ó Chliabhán go Cróchar

Féachann an Plean Spóirt le bheith ag freastal ar gach aoisghrúpa – ó óg go haosta – agus chun fócas fadsaoil ar an ngníomhaíocht choirp a spreagadh. Tá an fhealsúnacht 'cliabhán go cróchar' seo mar bhonn agus taca faoi na cláir agus tionscnaimh laistigh den phlean.

Leis an bPlean Spóirt, éascaítear do dhaoine óga dul i dtaithí ar an ngníomhaíocht choirp nó tá sé mar aidhm leis an óige (naíonáin go déagóirí) a choinneáil rannpháirteach sa spórt agus gníomhach ar feadh an tsaoil. Agus muid meabhrach ar dhaonra Bhaile Átha Cliath, a bhfuil níos mó acu ag dul in aois anois, is mian linn gníomhartha simplí uathúla a aimsiú lena éascú don ghrúpa seo fanacht gníomhach sláintiúil tráth níos faide anonn sa saol. Is é is sprioc dúinn ná daoine ar gach aois a spreagadh le bheith níos gníomhaí agus cloí leis an ngníomhaíocht ar feadh an tsaoil.

## Ilchineálacht agus Ionchuimsiú

Is cathair ilchineálach ilchultúrtha nua-aimseartha í cathair Bhaile Átha Cliath agus ba cheart go léireodh Plean úr Spóirt CCBÁC 2024-29 é seo. Ar aidhmeanna an Phlean Spóirt úir, tá, go mbeifí ag cabhrú chun gach cultúr a imeascadh sa phobal. Tagann deis leis an bPlean Spóirt chun deiseanna gníomhaíochta coirp a leathnú chuig grúpaí a bhí stoite, go traidisiúnta, ó spórt agus ón ngníomhaíocht choirp.

## Spóirt atá ag Teacht Chun Cinn agus Cineálacha eile de Ghníomhaíocht Choirp

Ar chroí-riachtanais an Phlean Spóirt seo, tá riar a dhéanamh ar spóirt a bheadh ag teacht chun cinn. Solúbthacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht maidir le húsáid an bhonneagair atá againn faoi láthair mar aon lena chinntiú go ndéantar, le beartas spóirt agus le sceideal cláreagraithe CCBÁC, éascaíocht ar spóirt a bhíonn ag teacht chun cinn agus go sainaithnítear deiseanna chun iad seo a fhás agus a fhorbairt a thuilleadh.

### Buntáistí Leitheadacha an Spóirt/na Gníomhaíochta Coirp

Tá neart fianaise ann a thacaíonn le buntáistí fisiceacha, meabhrach agus sóisialta an spóirt agus na gníomhaíochta coirp. Tagann deis leis an bPlean Spóirt chun a thuilleadh fiosraithe a dhéanamh ar bhealaí le dul i gcion ar dhaoine agus níos mó daoine i gcathair Bhaile Átha Cliath a imeascadh lena bpobal.

### Rannpháirteachas & Comhoibriú

Tá sé éigeantach a bheith ag plé le pobail agus clubanna ag leibhéal áitiúil agus go gcinnteofaí go gcuimsítear sa phróiseas seo Coistí Náisiúnta Rialaithe agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ag leibhéal náisiúnta. Ní thitfidh rathúlacht an phlean spóirt ar an Rannóg Spóirt agus Áineasa amháin i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is tionscnamh comhoibritheach é an Plean Spóirt, a n-éilítear tiomantas agus rannpháirteachas ó gach roinn agus rannóg i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina leith. Cinnteoimid go mbeimid ag oibriú go dlúth leo chun forfheidhmiú an phlean a phleanáil, a chomhordú agus a ailíniú.

### Cumarsáid – Feasacht a Chruthú

Tá straitéis shoiléir cumarsáide mar aon le cothú feasachta maidir lena gcuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil faoi láthair ó thaobh an spóirt agus an áineasa de buntábhachtach le go n-éireoidh leis an bPlean Spóirt úr. Tá obair den chéad scoth á déanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó thaobh an Bheartais agus an Chláreagraithe Spóirt de agus ó thaobh saoráidí Spóirt agus Áineasa a sholáthar araon. Ní mór dúinn é seo a aibhsiú agus leibhéil feasachta ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath a ardú.

### Úsáid agus Dea-Chleachtas a Uasmhéadú

Cé gur sainaithníodh sa Phlean Spóirt gur gá saoráidí úra a fhorbairt sa chathair, tá fócas príomha ann freisin ar úsáid na limistéar atá ann cheana i gCathair Bhaile Átha Cliath a uasmhéadú. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar an dea-chleachtas ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun teacht ar bhealaí nuálacha ina bhféadfaimis feidhm a bhaint as na limistéir atá againn cheana d'fhonn úsáid uasta na spásanna gníomhaíochta laistigh den chathair a chinntiú.



# Prionsabail Deartha

**Bunaithe ar na téamaí ardleibhéil a sainaithníodh, bunaíodh 16 de phrionsabail deartha chun muid a threorú agus muid ag leagan amach Phlean agus Straitéis Spóirt CCBÁC don lá inniu agus amach anseo. Tá na prionsabail deartha seo mar bhonn agus mar thaca faoin bPlean Spóirt agus faoi na réimsí fócais a bhfuiltear le gníomhú ina leith.**

- Déanfar cinntí todhchaí i dtaca le mór-infheistíochtaí caipitiúla le haghaidh bonneagair agus saoráidí, bunaithe ar riachtanais straitéiseacha shainaitheanta.
- Tacaímid le cultúr de chomhoibriú inmheánach laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Déantar saoráidí úra iomlán insroichte agus déantar saoráidí atá ann cheana a uasghrádú chun an inrochtaineacht a fheabhsú. Déanfar gach beartas agus cláreagrú a fhorbairt agus croí-fhócas ar an inrochtaineacht.
- Cuirfimid lenár bhfócas agus ár gcuid iarrachtaí i dtaca le cumarsáid éifeachtach agus feasacht ar shaoráidí, beartais agus cláreagrú CCBÁC.
- Freastalaíonn bonneagar, saoráidí agus sceidil cláreagraithe CCBÁC ar réimse leathan de ghníomhaíocht - níos mó spórt, níos mó gníomhaíochtaí áineasa agus caitheamh aimsire.
- Cothaítear cothromaíocht idir cothabháil na saoráidí atá ann cheana agus infheistíocht chaipitiúil úr.
- Déanfar aon infheistíocht chaipitiúil úr a chur i gcrích i gcomhréir le cáilíocht bhardasach den chéad scoth.
- Bímid ag feidhmiú go lúfar chun uasmhéadú ar úsáid saoráidí, beartas agus clár. Ba mhaith linn luach níos fearr a fháil ar ár gcuid airgid.
- Tacaíonn ár gcuid saoráidí, ár mbonneagar, ár gcuid beartas agus ár gcláreagrú le hidir ghníomhaíocht eagraithe agus ghníomhaíocht spontáineach.
- Déanfaimid ailíniú straitéiseach le Cathracha Gníomhacha agus síneoimid an téama seo ar fud ár gcuid pleananna agus tionscnamh.
- Tacóidh an bonneagar, beartais agus cláreagrú leis na ceithre chroí-ghníomhaíocht, Siúl, Reathaíocht, Rothaíocht agus Snámh, mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt.
- Tá an inbhuanaitheacht chomhshaoil & eacnamaíoch lárnach maidir le gach cinneadh, toradh agus tionscnamh todhchaí.
- Cuirfear smaointeoireacht nuálach, as an úr, i bhfeidhm ar dhúshláin reatha agus todhchaí.
- Beimid ar ár ndícheall chun an ilúsáid a chinntiú ar fud ár mbonneagair úir agus reatha.

# An Ghaeilge

Is áis thábhachtach í an Ghaeilge chun spóirt a fhorbairt sa chathair agus is áis thábhachtach é an spórt chun an Ghaeilge a fhorbairt sa chathair.

Ó bhí 1991 ann, tá líon na nGaeilgeoirí sa chathair tar éis méadú 41%. De réir Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghlór (2022), is mian le 61% de dhaonra Bhaile Átha Cliath níos mó deiseanna chun an Ghaeilge a labhairt.

Ní mór dúinn breithniú ar na bealaí ina bhféadfaimis freastal ar na mianta sin tríd an spórt agus ar na bealaí ina bhféadfaimis leas a bhaint as na mianta sin chun an rannpháirteachas leis an spórt a mhéadú.

## Aithnímid na nithe seo a leanas:

- Gur cruthaíodh, le heiseamláir CLG na nGael Óg, samhail le haghaidh cumann spóirt lán-Ghaeilge agus gurbh fhiú go mór dúinn breithniú ar bhealaí a bhféadfaimis níos mó cumann spóirt lán-Ghaeilge a spreagadh sna ceantair againn.
- Go bhfuil féidearthachtaí ann chun cleachtas den chéad scoth a chruthú lena spreagfaí rannpháirtíocht trí mheán na Gaeilge sa spórt i ngach halla spóirt agus saoráid spóirt de chuid na Comhairle.
- Ós rud é go bhfuil na mílte páiste ar fud na cathrach arb í an Ghaeilge teanga an tí acu nó atá ag freastal ar Ghaelscoil, gurbh fhiú dúinn a chinntiú go mbíonn teacht acu ar dheiseanna chun spóirt a imirt trí mheán na Gaeilge lasmuigh d'am scoile.
- Go bhfuil ról uathúil ag an spórt i dtaca le foghlaim phraiticiúil na Gaeilge, is fusa do roinnt daoine an Ghaeilge a fhoghlaim tríd an spórt a imirt ná an Ghaeilge a fhoghlaim sa seomra ranga.
- Go mbeidh ról níos lárnaí ag an nGaeilge inár gcuid seirbhísí agus, i bhfianaise na spriocanna reachtúla earcaíochta atá le teacht isteach in 2030, gur gá tacú lenár gcuid fostaithe le gur féidir leo a gcuid scileanna sa réimse seo a uasmhéadú.







# Colún 1
# **Bonneagar**



## Colún 1
### Bonneagar

**Saoráidí agus limistéir ardchaighdeáin a sholáthar lena chur ar chumas níos mó daoine a bheith níos gníomhaí, níos minice.**

## Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| 01 | **Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC** | Leanfaimid de bheith ag soláthar saoráidí spóirt ardchaighdeáin lena chinntiú go mbíonn go leor saoráidí spóirt insroichte áitiúla, ar leac an dorais agat, ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. |
| 02 | **Limistéir Ghlasa / Oscailte** | Beimid ag comhoibriú chun leibhéil na ngníomhaíochtaí spóirt agus coirp inár gcuid limistéar glas agus oscailte a uasmhéadú. |
| 03 | **Páirceanna** | Beidh ról againn in iniúchadh uile-chathrach ar pháirceanna imeartha, mar a ndíreofar isteach ar acmhainneacht, pleanáil straitéiseach, bainistiú agus ar fhorbairt na gcineálacha cur chuige straitéiseacha i gcomhar le hinstitiúidí poiblí. |
| 04 | **Uiscebhealaí** | Méadóimid ar úsáid ár gcuid uiscebhealaí chun tacú leis an ngníomhaíocht spóirt agus áineasa. |
| 05 | **Pleanáil Chun Cinn** | Bainfimid feidhm as an bpleanáil chun cinn chun limistéir agus áiteanna le haghaidh gníomhaíochtaí coirp a shainaithint agus chun uastairbhe a bhaint astu mar chuid den fhorbairt straitéiseach agus de chrio-sanna tithíochta. |
| 06 | **Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh** | Beimid freagrach ar bhonn eacnamaíoch agus comhshaoil maidir le hathghiniúint, cuíchóiriú agus infheistíocht sna saoráidí Spóirt & Áineasa de chuid CCBÁC. |

# An Léarscáil: 'Uirlis Straitéiseach Cinnteoireachta'

Is ionann an chéad phrionsabal den chinnteoireacht straitéiseach againn agus an eochair lena ndíghlasálfar saoráidí agus bonneagar chun muintir Bhaile Átha Cliath a chumasú chun saol níos gníomhaí sláintiúla sásúla a bheith acu. Chun an chinnteoireacht straitéiseach a éascú, déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC Léarscáil Saoráidí agus Bonneagair a fhorbairt.

Fágfaidh srathú na dtacar éagsúil sonraí ar an léarscáil go mbeidh CCBÁC in ann anailís chruinn a dhéanamh, bunaithe ar riachtanais, ar na saoráidí agus an bonneagar atá ar fáil i láthair na huaire do mhuintir Bhaile Átha Cliath Mar shampla de sin, bheadh sainaithint na Linnte Snámha atá ar fáil dóibh sin a chónaíonn sa limistéar a thiteann faoi chúram CCBÁC. Tiocfaidh feidhmiúlacht leis an léarscáil le go léireofaí áit a bhfuil gach saoráid snámha CCBÁC agus bhardasach suite. Is féidir é seo a shrathú le tacair sonraí córais faisnéise geografaí eile amhail an tionscnamh 'Éirigh Gníomhach in Éirinn' de chuid Spórt Éireann, chun eolas a fháil ar shaoráidí snámha nó le 'Próifílí Daonra na Réigiún Sláinte' de chuid Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte le go bhfaighfear léargas breise ar dhlús daonra. Soláthraíonn sé seo cumas straitéiseach chun anailís a dhéanamh, bunaithe ar riachtanais, ar na háiteanna inar cheart saoráidí snámha a lonnú amach anseo. Is féidir tabhairt faoi anailís sonraí den chineál céanna ar raon leathan de réimsí straitéiseacha amhail deisriocht foirgneamh agus trealaimh, déimeagrafaic aoise lucht úsáidte na saoráidí, inrochtaineacht na saoráidí, naisc iompair phoiblí, rátáil fuinnimh agus gnéithe inbhuanaitheachta na saoráidí agus go leor rudaí eile nach iad.

Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú ar acmhainní inmheánacha Córais Faisnéise Geografaí lena chinntiú go mbíonn na hacmhainní cuí againn chun tabhairt faoi chothabháil agus forbairt réamhghníomhach sonraí agus córas, lena n-áirítear an uirlis úr cinnteoireachta straitéisí seo. Déanfar an léarscáil sin a fhorbairt agus cuimseoidh sí meabhrúcháin lena chinntiú go gcoimeádann úinéirí sonraí CCBÁC a gcuid sonraí. Beidh Spórt agus Áineas CCBÁC ag oibriú go dlúth leis an bhfoireann Sonraí agus Anailísíochta laistigh de CCBÁC chun bainistiú agus stóráil iomchuí na léarscáile agus na sonraí bainteacha ar fad a chinntiú. Cuirfidh sé sin ar chumas Spórt agus Áineas CCBÁC faisnéis cothrom le dáta a bheith acu chun cinnteoireacht straitéiseach leanúnach a éascú i rith na bliana.




*Tabhair faoi deara: Tá na háiteanna atá léirithe táscach agus is chun críche léirithe amháin a úsáideadh iad



# Réimse Fócais: Bearta

## Réimse Fócais 1: Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC

I. **Bainfidh Spórt agus Áineas CCBÁC feidhm as an uirlis mhapála straitéisí chun ceantair sa chathair a shainaithint nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu ó thaobh áiseanna de. Chomh luath is a shainaithneofar iad, déanfar tosaíocht de na ceantair sin le haghaidh infheistíocht straitéiseach.**

- Cuirfimid béim ar thosaíocht a dhéanamh d'fhorbairt áiseanna i zóin forbartha straitéisí agus i gceantair nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu, i láthair na huaire agus ar bhonn tuartha de réir fás daonra (limistéar an Cholbha Thuaidh, imeall na cathrach, deisceart agus tuaisceart lár na cathrach);
- Cinnteoimid go dtacóidh uirlis mhapála CCBÁC leis an bpleanáil agus cinnteoireacht straitéiseach;
- Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíocha CCBÁC le hacmhainn Córais Faisnéise Geografaí a chur i bhfeidhm chun an uirlis mhapála a fhorbairt agus a chothabháil.
- Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíocha CCBÁC le bheith ag oibriú go dlúth le foireann Sonraí agus Anailísíochta CCBÁC d'fhonn bainistiú agus stóráil iomchuí na sonraí ar fad a bhaineann leis an uirlis mhapála a chinntiú.
- Cinnteoimid go mbeidh fócas ar sholáthar an bhonneagair chun tacú leis na spriocanna náisiúnta rannpháirtíochta atá ailínithe leis na ceithre chroí-ghníomhaíocht, mar atá, snámh, rothaíocht, siúl agus reathaíocht.
- Fiosróimid réitigh nuálacha a bhféadfaí iad a úsáid chun croí-dhúshláin i dtaca le tearcsheirbhísí a fhuascailt e.g. a chinntiú go ndéanfar linnte a dheighilt le gur féidir freastal ar úsáid ghinearálta áineasa nuair a bhíonn ceachtanna agus cláir struchtúrtha eile sa siúl chun rochtain/úsáid mhéadaithe linnte a sholáthar.
- Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC fiosrúcháin agus déanfaidh scoileanna agus institiúidí eile a dhreasú chun rochtain ar a gcuid áiseanna a chomhroinnt agus / nó a leathnú chuig pobail CCBÁC.



**II. Tá clár leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin lena sholáthar faoi Chlár Caipitil reatha CCBÁC.**

- Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC suíomhanna atá curtha in áirithe cheana chun maoiniú a fháil faoi Chlár Caipitil CCBÁC a uasghrádú, lena n-áirítear Baile Munna, Fionnghlas, Baile Formaid agus an Chabrach;
- Déanfar spásanna coimhdeacha ar fud ár ngréasáin de fhoirgnimh agus limistéir a athmheas lena n-uasghrádú go dtí cuspóirí ilúsáide, nuair is féidir;
- Bainfidh Spórt agus Áineas CCBÁC saoráidí reatha a shaincheapadh chun cur le réimse na ngníomhaíochtaí atá ar fáil i ngach saoráid;
- Feidhm a bhaint as an uirlis mhapála bonneagair chun cabhrú le Cláir Chaipitil todhchaí de chuid CCBÁC trí na saoráidí reatha a shainaithint is mó a dteastaíonn athchóiriú nó uasghrádú uathu (díon, fuinneoga, uasghráduithe trealaimh, etc.);
- Ba cheart go ndíreofaí infheistíocht & uasghráduithe ar spásanna ilúsáide a chruthú, rud a mhéadódh lúfaireacht na spásanna a sholáthraíonn CCBÁC.



Is féidir an nasc seo a leanúint chun teacht ar Chlár Caipitil CCBÁC 2024-2026 mar a bhfaighfear sonraí ar thionscadail faoi leith – **https://www.dublincity.ie/council/budgets-and-finance/management-accounting/capital-programme.**

Tá le sonrú san íomhá thíos na 16 saoráid Spóirt agus Aclaíochta atá faoi úinéireacht agus atá á bhfeidhmiú ag Spórt agus Áineas CCBÁC i láthair na huaire, agus an áit a bhfuil siad suite i gCathair Bhaile Átha Cliath:




**Ionaid Spóirt & Aclaíochta CCBÁC**

| | |
|---|---|
| **1. Ionad Pobail, Óige & Spóirt an Bhaile Bhoicht** | **10. Ionad Spóirt & Aclaíochta Fhionnghlaise** |
| **2. Ionad Spóirt & Aclaíochta Bhaile Formaid** | **11. Ionad Spóirt Pobail Inse Chór** |
| **3. Ionad Spóirt agus Aclaíochta Bhaile Munna** | **12. Ionad Spóirt & Aclaíochta an Bhaile Ghaelaigh** |
| **4. Ionad Spóirt Pobail Thaobh na Páirce, an Chabrach** | **13. Ionad Spóirt & Aclaíochta Markievicz** |
| **5. Ionad Spóirt Bhóthair an Chlochair** | **14. Ionad Spóirt Chrann Phapáin** |
| **6. Linn Snámha na Cúlóige** | **15. Linn Snámha Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada**** |
| **7. Ionad Spóirt Uisce Bardasach Cheantar na nDugaí** | **16. Ionad Spóirt Pobail San Caitríona** |
| **8. Ionad Rámhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath** | **17. Swan Leisure, Cromghlinn** |
| **9. Ionad Spórt Uisce an Bhalla Thoir** | **18. Swan Leisure, Ráth Maonais*** |

*Saoráid ar le CCBÁC í ach arb é Swan Leisure a reáchtálann í agus a sholáthraíonn an fhoireann inti

**Saoráid ar le CCBÁC í ach arb é Cumann Snámha na hÉireann a reáchtálann í agus a sholáthraíonn an fhoireann inti

**III. Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC an comhoibriú le gach roinn, rannóg agus oifig iomchuí de chuid na Comhairle a neartú.**

- Rachfar i dteagmháil le Roinn Pleanála CCBÁC ('Pleanáil CCBÁC' as seo amach) agus bonneagar suntasach tithíochta á bhunú.
- Tabharfar isteach Spórt agus Áineas CCBÁC go luath sa phróiseas pleanála, roimh chéim na tógála, lena chinntiú go soláthraítear saoráidí leorga spóirt agus áineasa san fhorbraíocht.
- Moltar a leithéid chéanna de chomhoibriú freisin le Roinn Páirceanna, Bithéagsúlachta & Seirbhísí Tírdhreacha CCBÁC ('Páirceanna CCBÁC' as seo amach) i dtaca le gach mórfhorbraíocht maidir le spásanna glasa, siúlbhealaí agus tionscnaimh eile maidir le páirceanna.
- Ba cheart go mbeifí ag plé go gníomhach agus go neartófaí an comhoibriú le go leor ranna, rannóg agus oifigí eile, mar shampla, amhail Roinn Iompair agus Comhshaoil CCBÁC nó Oifig Ealaíon na Comhairle.

**IV. Leanfaidh an clár infheistíochta caipitiúla rollach, lena leithdháiltear caipiteal suntasach le haghaidh tionscadail mhóra thar thréimhse trí bliana, d'oibreacha atá beartaithe cheana do Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh, an Baile Gaelach, srl. (Tionscadail faoi réir maoiniú suntasach caipitil ón Rialtas Láir)**

- Tá clár leantach d'infheistíocht todhchaí atá bunaithe ar riachtanais straitéiseacha le forbairt a thuilleadh le go leanfar de bheith ag pleanáil agus de bheith ag déanamh tosaíochta den chlár infheistíochta caipitiúla sin.

**V. Cinnteoidh CCBÁC go dtiocfaidh, le gach infheistíocht chaipitiúil úr agus le feabhsúcháin chaipitil ar bhonneagar atá ann cheana, deiseanna le haghaidh rochtain fheabhsaithe do dhaoine ar gach cumas.**

- Déanfaidh CCBÁC iniúchóireachtaí inrochtaineachta ar an mbonneagar reatha Spóirt agus Áineasa ar fad de chuid CCBÁC d'fhonn aon saoráidí a shainaithint a dteastaíonn infheistíocht agus uasghráduithe ina leith ó thaobh na hinrochtaineachta de.
- Déanfar infheistíocht agus uasghráduithe mar chuid den sceideal leanúnach oibreacha faoi Chlár Caipitil CCBÁC 2024 – 2026 agus díreofar ar rochtain a fheabhsú do gach duine lena n-áirítear dóibh sin a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu trí bhonneagar, cláir agus gníomhaíochtaí a sholáthar.
- Beidh Spórt agus Áineas CCBÁC ag comhoibriú le forbairt na bhfeabhsúchán bonneagair i gcomhthéacs na spriocanna agus na gcuspóirí atá leagtha amach faoi iarrachtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar an gcéad phríomhchathair uathachas-bháúil ar domhan, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar sholáthar seomraí céadfacha. Bonneagar agus cláir.

## Cás-Staidéar: Mol Pobail - Ionad Caitheamh Aimsire Naomh Lorcán Ó Tuathail

Tá Ionad Caitheamh Aimsire Naomh Lorcán Ó Tuathail ar cheann de na 14 Ionad Caitheamh Aimsire atá faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá an t-ionad suite i gcroílár Oirthuaisceart Lárchathair Bhaile Átha Cliath ar Shráid an tSirriam Íochtarach.

Tá ról ríthábhachtach ag ionad Naomh Lorcán Ó Tuathail sa cheantar, nó is mol atá ann don phobal áitiúil. Is dea-shampla iad na tionscnaimh atá idir lámha ag Ionad Caitheamh Aimsire Naomh Lorcán Ó Tuathail den chaoi ar féidir Ionad Spóirt & Áineasa CCBÁC a leabú i gceart sa phobal áitiúil agus an pobal glacadh leo:

Beartaa Doras Oscailte: Bíonn beartas 'Doras Oscailte' i bhfeidhm ag ionad Naomh Lorcán Ó Tuathail. Ciallaíonn sé seo go mbíonn an doras tosaigh oscailte i rith an ama le linn uaireanta oibre an ionaid. Cruthaíonn sé seo atmaisféar tarraingteach fáilteach don uile dhuine sa phobal.

Cur Chuige Ó Chliabhán go Cróchar: Glacann Ionad Naomh Lorcán Ó Tuathail le cur chuige 'ó chliabhán go cróchar' i leith an chláreagraithe, nó cuireann siad deiseanna ar fáil do gach aoisghrúpa, idir óg agus aosta. Mar shampla, tá tionscadal 'Common Ground' i bhfeidhm ag an ionad, mar a mbíonn páistí ag oibriú le baill breacaosta den phobal chun aire a thabhairt do ghairdín ag an ionad.

Rannpháirteachas Pobail: Bíonn an t-ionad rannpháirteach leis an bpobal trí shaoráidí a chur ar fáil do scoileanna, gnólachtaí, clubanna spóirt agus grúpaí áitiúla pobail mar aon le seirbhísí riachtanacha amhail clubanna obair baile agus campaí samhraidh. De bhreis ar an soláthar saoráidí agus seirbhísí, óstálann an t-ionad imeachtaí pobail agus ócáidí ceiliúrtha séasúracha amhail 'Cuairt Dhaidí na Nollag' do pháistí áitiúla um Nollaig.

**Croí-Thátail le haghaidh Phlean Spóirt CCBÁC**

Aibhsíodh an tábhacht atá le himeascadh pobail trí chás-staidéar Naomh Lorcán Ó Tuathail. Beidh an cur chuige teagmhálach seo lárnach sa Phlean Spóirt úr lena chinntiú go n-éireoidh lena chur i bhfeidhm agus leis an rannpháirteachas le Cathair Bhaile Átha Cliath.



# Réimse Fócais 2: Spásanna Glasa/Oscailte

Tá leagtha amach go soiléir i Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath go bhfuil, ar cheann de 'na príomhrudaí a chuireann le 'inchónaitheacht' cathrach ná caighdeán agus líon na bpáirceanna agus na spásanna oscailte. Baineann tábhacht le páirceanna agus tírdhreacha cathracha ar an iliomad cúiseanna; cúiseanna comhshaoil, stairiúla, pobail agus eacnamaíocha. Is ionann ár gcuid páirceanna agus limistéar nádúrtha agus spás do dhaoine atá scartha ó cheantair tuaithe le bheith i dteagmháil leis an dúlra. Trína dhéanamh seo, bíonn ról suntasach acu i dtaca le braistint féiniúlacht áite a chruthú do phobail áitiúla agus is ionann iad agus spásanna le haghaidh scíthe, áineasa agus gníomhaíochtaí cultúrtha.

Tríd an gcomhoibriú, déanfaidh CCBÁC deiseanna a fhorbairt chun úsáid na bPáirceanna agus na spásanna oscailte a optamú, nuair is cuí, chun Cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh Níos Gníomhaí, Níos Minice.

**I.** **Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC infheistíocht i saoráidí áineasa sábháilte dea-chaighdeáin, rud a shaibhreoidh spásanna poiblí ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath. Tacóidh Spórt agus Áineas CCBÁC le húsáid chruthaitheach pleanáilte na spásanna poiblí, go háirithe maidir le soláthar Roinn Páirceanna CCBÁC, Pleanáil CCBÁC mar aon le ranna, rannóga agus oifigí ábhartha eile.**

**II.** **Bainfidh Spórt agus Áineas CCBÁC leas as an uirlis mhapála chun léarscáil agus taifead cruinn a dhéanamh de na saoráidí agus bonneagar atá ar fáil. Cuirfidh sé lena gcuspóir maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath a bheith níos gníomhaí níos minice.**

- Is féidir an léarscáil a úsáid chun measúnachtaí a dhéanamh d'fhonn feabhsúcháin agus dúshláin i dtaca le gníomhaíocht agus rannpháirteachas a aibhsiú laistigh de na spásanna glasa / oscailte agus páirceanna.

**III.** **Déanfar Oifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na spásanna glasa / oscailte agus páirceanna ar fad.**

- Déanfaidh an tOifigeach imscrúdú ar dheiseanna agus ar chuir chuige nuálacha le go bhféadfaidh CCBÁC breithniú a dhéanamh orthu;
- Déanfaidh an tOifigeach Áineasa Allamuigh pleananna gníomhachtaithe a fhorbairt agus coimeádfaidh seilbh orthu chun teacht i dtír ar acmhainneacht suíomhanna faoi leith, i gcomhpháirt le Páirceanna CCBÁC, chun tacú le cathair níos gníomhaí, níos minice i spásanna glasa / oscailte agus páirceanna iomchuí i gCathair Bhaile Átha Cliath;
- Is éard is sprioc leis seo, go gcruthófar, leis an ról seo agus leis an obair a dtabharfar fúithi, deiseanna chun gníomhaíocht sna spásanna seo ar bhonn leanúnach a aibhsiú agus a éascú.

**IV.** **Tá measúnacht ar spásanna glasa / oscailte agus páirceanna i gCathair Bhaile Átha Cliath le déanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí fisiceacha agus áineasa.**

- I gcomhpháirt le Páirceanna CCBÁC, agus bunaithe ar an measúnacht in iii thuas, tá pleananna gníomhachtaithe le cruthú;
- Leagfar amach sna pleananna gníomhachtaithe seo an cur chuige chun acmhainneacht na suíomhanna iomchuí a uasmhéadú chun tacú le bheith níos gníomhaí, níos minice;
- Chun cabhrú leis an measúnacht seo, tá breithniú le déanamh ar nithe a d'fhéadfadh cur le hacmhainn an spáis oscailte deiseanna a sholáthar le haghaidh gníomhaíochta coirp amhail, trealamh aclaíochta, inrochtaineacht, soilsiú oiriúnach, siúlbhealaí/cosáin srl.

**V.** **Déanfaidh CCBÁC breithniú ar an lá súgartha náisiúnta a reáchtáiltear gach bliain i gCearnóg Mhuirfean, a leathnú go dtí páirceanna eile i gCathair Bhaile Átha Cliath chun imeacht don chathair ar fad a dhéanamh de a bheadh insroichte ag bunús na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí.**

**VI.** **Chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Súgartha, beidh Spórt agus Áineas CCBÁC ag comhoibriú le Páirceanna CCBÁC i dtaca leis an iniúchóireacht leorgachta súgartha a bhfuil siad ag gabháil di.**

**VII.** **Tá Spórt agus Áineas CCBÁC, i gcomhpháirt le Taisteal Gníomhach CCBÁC le Scoil Rothaíochta píolótach a reáchtáil chun scileanna rothaíochta áineasa agus praiticiúla a sholáthar don phobal, agus béim ann ar an tsábháilteacht. Déanfar scileanna loingseoireachta bóithre mar aon le feasacht feithiclí agus coisithe a theagasc.**



# Cás-Staidéar: Saoráid Ilfheidhmeach - Páirc Éamoinn Cheannt

**Is sampla í Páirc Éamoinn Cheannt nó Páirc Ghrianréime de shaoráid, faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a léiríonn an tábhacht atá le "huasmhéadú úsáide" na spásanna oscailte, rud a dtacaíonn an straitéis seo leis. Tá acmhainneacht ann chun an pháirc seo a leathnú a thuilleadh arís, le forbairtí breise spriocdhírithe le mol ilfheidhmeach spóirt a dhéanamh di don cheantar.**

**Staid Reatha agus Tionscnaimh:**

- I láthair na huaire, is i bPáirc Éamoinn Cheannt a óstáiltear Cumann Sacair Cheiltigh Lourdes, Cumann Rothaíochta Ghrianréime agus an veileadróm náisiúnta gona páirc istigh, "Café Tram", leithris phoiblí, cúirteanna spóirt ilfheidhmeacha faoin aer, 4 pháirc imeartha féir, clós súgartha mór agus spásanna glasa oscailte fairsinge mar a mbíonn go leor deiseanna i dtaca le siúl, bogshodar agus gníomhaíochtaí spontáineacha.
- Tá an éirí go geal leis an tionscnamh "BoxUp", a feistíodh le déanaí, arb iad Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath atá taobh thiar de. Tugann sé seo deis d'úsáideoirí na páirce rochtain a fháil ar éagsúlacht trealamh spóirt ar bhonn uainithe cíosa agus cuireann le deiseanna rannpháirtíochta.
- Tá CCBÁC tar éis infheistíocht a dhéanamh ar na mallaibh sna cúirteanna spóirt faoin aer. Bhí na buntáistí a tháinig leis seo breá soiléir nó bíonn na cúirteanna lán go béal go rialta, agus grúpaí neamhfhoirmeálta á n úsáid le haghaidh cispheile, leadóige agus sacair, mar shampla.
- D'éirigh le "Tram Café", atá á reáchtáil ag CCBÁC, cur le sreabhadh na ndaoine isteach sa pháirc. Féadann cuairteoirí caife a fháil agus dul ar shiúlóid, agus saoráidí na páirce a úsáid mar dheis rannpháirtíochta le haghaidh gníomhaíocht choirp, ar bhealach spontáineach, neamhfhoirmeálta insroichte.
- Reáchtálann CCBÁC clár rothaíochta sóisialta nuálach chun cur leis an spéis sa rothaíocht, agus cuimsíonn sé seo coincheap na rothar lastais, ar féidir iad a fháil ar cíos ar feadh roinnt uaireanta an chloig.

**Féidearthachtaí Feabhsúcháin:**

- Ba cheart go bhfaighfí léargas, le hiniúchóireachtaí ar pháirc Éamoinn Cheannt agus ar pháirceanna eile i gceantar Chathair Bhaile Átha Cliath, ar bhealaí a bhféadfaí an úsáid a uasmhéadú a thuilleadh i dtaca le timpeallacht ilspóirt a chruthú ina mbeifí ag freastal ar dheiseanna spóirt agus áineasa traidisiúnta, agus ar chinn eile a bheadh ag teacht chun cinn, d'úsáideoirí ar gach aois agus de gach ábaltacht.
- Ní mór maoiniú a leithdháileadh, ní hamháin le haghaidh tionscnaimh úra ach chun bonneagar reatha a chothabháil, chun na saoráidí seo a choimeád ar ardchaighdeán.
- Tá Cumann Sacair Cheiltigh Lourdes tar éis gearradh siar ar líon na bhfoirne atá acu nó ní féidir leo freastal ar an éileamh ar an bpáirc Astroturf naonúr an taobh agus ar na páirceanna féir atá ann faoi láthair. Tá deis ann páirc istigh an veileadróm, spás nach n-úsáidtear, a fhorbairt ina páirc uile-aimsire lánmhéide a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh éagsúlacht de spóirt mar aon le raon siúil reathaíochta a fhorbairt thart ar fháinne istigh an veileadróm agus lasmuigh d'imeall an veileadróm, chun saoráid fíor-ilfheidhmeach a dhéanamh de. Ba cheart freisin breithniú ar dhromchla an veileadróm a fheabhsú.
- Tá infheistíocht ag teastáil ar na páirceanna féir atá ann faoi láthair chun iad a choimeád ar ardchaighdeán agus chun freastal ar dhaonra mór an cheantair.
- D'fhéadfaí freisin, le soilsiú agus comharthaíocht níos fearr, leibhéil na húsáide spontáiní sa pháirc a fheabhsú.
- Tá féidearthachtaí ann maidir leis na cláir rothaíochta sóisialta a leathnú a thuilleadh. Ar na moltaí a rinneadh, bhí, go bhféadfaí "scoil rothaíochta" a chruthú le go bhféadfadh páistí a bheith ag foghlaim conas an rothar a úsáid go sábháilte, rud a mhéadódh an spéis agus an rannpháirtíocht sa spórt ag an am céanna.

**Croí-Thátail le haghaidh Phlean Spóirt CCBÁC**

Is cuid lárnach de Phlean Spóirt CCBÁC 2024 – 2029 é 'uasmhéadú úsáide' na spásanna oscailte. Is ionann an tseiftiúlacht agus treallús a léiríodh i bPáirc Éamoinn Cheannt chun úsáid an spáis a uasmhéadú agus rud ar mhaith linn aithris a dhéanamh air fud fad Chathair Bhaile Átha Cliath.





# Réimse Fócais 3: Páirceanna

Tá tuairim is 230 páirc imeartha leagtha amach i measc pháirceanna poiblí agus spásanna oscailte Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le haghaidh sacair agus na gcluichí Gaelacha go príomha (á mbainistiú ag Páirceanna CCBÁC, Seirbhísí Bithéagsúlachta & Tírdhreacha). Déanann rannóga eile de chuid CCBÁC (lena n-áirítear Spórt & Áineas) líon níos lú saoráidí uile-aimsire, taobh lenár gcuid ionad agus coimpléacs tithíochta, a bhainistiú. Meastar go mbíonn suas le 5,000 duine rannpháirteach sna cluichí páirce gach seachtain sna páirceanna Cathrach amháin.

Tugadh le tuiscint le measúnacht ar an líon páirceanna per capita agus i gcoibhneas le scaipeadh, a tiomsaíodh mar chuid de Straitéis na bPáirceanna Cathrach, go bhfuil freastal measartha maith á dhéanamh ar an gcathair ó thaobh na bpáirceanna imeartha de.

Baineann ceisteanna suntasacha, áfach, le rochtain ar pháirceanna imeartha agus is féidir na ceisteanna sin a choimriú mar seo a leanas -

- Níl aon pháirceanna imeartha poiblí i lár na cathrach laistigh den Chanáil Mhór agus den Chuarbhóthar Thuaidh (is iad páirceanna Choláiste na Tríonóide, Plás Blackhall agus Campas Ghráinseach Ghormáin na páirceanna príobháideacha amháin atá sa limistéar seo). Aibhsíodh é seo mar fhadhb faoi leith in iarthuaisceart lár na cathrach le linn fhorbairt an Phlean.
- Líonta méadaithe rannpháirtíochta (agus, dá réir, ráchairt mhéadaithe ar áiseanna) sna spóirt páirce eagraithe (go háirithe i measc cailíní agus ban) le blianta beaga anuas.
- Súilíochtaí i dtaca le soláthar na saoráidí spóirt, lena n-áirítear páirceanna imeartha, seomraí feistis, páirceáil, clubthithe, leithris etc do phobail agus clubanna faoi leith.

Tá méadú ag teacht ar an ráchairt ar shaoráidí uile-aimsire le haghaidh traenála agus, go deimhin, cluichí sraithe. Le dromchlaí sintéiseacha, cuirtear leis an minicíocht úsáide le haghaidh cluichí agus laghdaítear ar an gcaitheamh agus cuimilt ar pháirceanna féir, a d'úsáidfí don traenáil, murach na páirceanna sintéiseacha. Is amhlaidh, áfach gur gá breithniú ar roinnt tosca maidir le soláthar agus leathnú na bpáirceanna uile-aimsire, lena n-áirítear –

- An costas suntasach a bhaineann le tógáil, cothabháil agus athnuachan:
- Infhaighteacht talaimh laistigh de theorainneacha na cathrach:
- Is é a eascraíonn as iarfheistiú na bpáirceanna uile-aimsire i bpáirceanna atá ann cheana ná caillteanas spáis oscailte nó cuirtear sconsa thart ar na saoráidí seo, rud a eisiann na daoine sin a bheadh ag iarraidh an limistéar a úsáid le haghaidh imirt neamhfhoirmeálta, siúl nó áineas éighníomhach. Baineann ceist shuntasach freisin le caillteanas na limistéar féarach agus leis an tionchar ar an mBithéagsúlacht, lena n-áirítear láithreacha beathaithe do chadhain, mar shampla.
- Cruthaíonn úsáid mhéadaithe fadhbanna maidir le truailliú solais ó na tuilsoilse isteach i gceantair chónaithe, soláthar seomraí feistis agus saoráidí stórais agus páirceála.

Molann CCBÁC na gníomhartha seo a leanas:

**I. CCBÁC le hiniúchóireacht iomlán a dhéanamh ar pháirceanna imeartha CCBÁC ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.**

- Baineann sé seo le hiniúchadh iomlán ar na páirceanna imeartha ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear deisriocht, anailís ar éileamh, anailís ar bhearnaí agus tuairisc achomair gona plean gníomhaíochta le haghaidh forbairt agus bainistiú straitéiseach **inréadaithe** sa chathair;
- Breithneofar freisin, leis an iniúchóireacht, ar úsáidí nuálacha do na spásanna atá ann cheana a fhorbairt lena n-áirítear smaointeoireacht chruthaitheach i dtaca le treonna féideartha don fhorbairt páirceanna (amhail páirceanna ilspórt, páirceanna uile-aimsire agus páirceanna dín) agus tabharfar aird faoi leith ar an dea-chleachtas ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**II. Déanfar staidéar féidearthachta chun comhpháirtíochtaí féideartha a fhiosrú le scoileanna, tríd an Roinn Oideachais agus comhlachtaí/institiúidí poiblí eile, a bhféadfadh sé páirceanna imeartha nach mbaintear lánúsáid astu a bheith ar fáil acu chun cabhrú le CCBÁC freastal ar an éileamh ar a gcuid páirceanna imeartha féin. Díreofar leis an staidéar ar dheiseanna chun saoráidí atá ann cheana a fháil ar cíos agus, chomh maith, ar scéimeanna féideartha cómhaoinithe le haghaidh forbraíochtaí todhchaí.**

**III. CCBÁC lena chinntiú go gcuimsíonn gach plean le haghaidh forbraíochtaí todhchaí (m.sh. forbraíochtaí tithíochta agus oifige) foráil le haghaidh spásanna agus áiseanna spóirt agus áineasa iomchuí.**

**IV. Cuirfidh CCBÁC clár straitéiseach i bhfeidhm chun páirceanna uile-aimsire nua a sholáthar agus páirceanna uile-aimsire atá ann cheana a uasghrádú i gcomhréir le leithdháileadh ciste infheistíochta caipitiúla €8m mar chuid de Chlár Caipitil CCBÁC.**





## Réimse Fócais 4: Uiscebhealaí

**I. Rannóg Spóirt & Áineasa CCBÁC leis an uirlis mhapála a úsáid chun gach linn snámha, uiscebhealach, stráice cósta, canáil & abhainn atá ar fáil i gCathair Bhaile Átha Cliath a aibhsiú chun deiseanna féideartha lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt & áineasa a shainaithint.**

- Déanfar é seo i gcomhpháirt leis na ranna agus rannóga sonracha de chuid CCBÁC amhail Roinn Comhshaoil agus Iompair CCBÁC, mar aon le comhlachtaí eile amhail Calafort Bhaile Átha Cliath agus Oifig na nOibreacha Poiblí, atá freagrach as straitéis uiscebhealaí chun tionscnaimh agus tosaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt, agus, san am céanna, aon dúbailt iarrachta a sheachaint.

**II. Tá staidéar féidearthachta ar fhéideartachtaí i dtaca le linnte modúlacha, linnte snámha iniompartha, lido-nna agus linnte poiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath lena dhéanamh agus díreofar aird chuí ar shamplaí ábhartha as cathracha eile.**

- Spórt agus Áineas CCBÁC le hiniúchadh a dhéanamh ar chomhpháirtíocht fhéideartha le Cumann Snámha na hÉireann, agus/nó Uiscebhealaí Éireann d'fhonn na deiseanna seo a fhiosrú.

**III. Spórt agus Áineas CCBÁC le hOifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na linnte, na n-uiscebhealaí, na stráicí cósta, na gcanálacha agus na n-aibhneacha go léir.**

- Is é a eascróidh as an obair ná staidéir féideartachta agus cuir chuige nuálacha a bhféadfaidh CCBÁC breithniú a dhéanamh orthu.
- Déanfaidh an tOifigeach Áineasa Allamuigh seicliosta uiscebhealaí a fhorbairt agus a bhainistiú chun cabhrú leis an measúnacht. Tá an seicliosta thíos de nithe a d'fhéadfadh cur le hacmhainn an spáis oscailte deiseanna a sholáthar le haghaidh gníomhaíochta coirp le forbairt:
  - i. Soilsiú Saorga
  - ii. Comharthaíocht
  - iii. Rochtain
  - iv. Gardaí tarrthála agus Zóin Snámha tiomnaithe
  - v. Trealamh spóirt & aclaíochta e.g. suiteálacha corpacmhainne a dheisiú agus tionscnamh 'BoxUp' a leathnú.
  - vi. Siúlbhealaí do na canálacha
  - vii. Uaireanta oscailte
- Déanfaidh an tOifigeach Áineasa Allamuigh pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus coimeádfaidh seilbh orthu chun acmhainneacht suíomhanna faoi leith, i dtaca le bheith ag tacú le níos gníomhaí, níos minice, a uasmhéadú ag gach uiscebhealach de chuid CCBÁC.
- Is éard is sprioc leis seo, go gcruthófar, leis an ról seo agus leis an obair a dtabharfar fúithi, deiseanna chun gníomhaíocht sna spásanna seo ar bhonn leanúnach a aibhsiú agus a éascú.

**IV. Cuirfear Plean Saoráidí Uisce Faoin Aer CCBÁC, atá á fhorbairt i láthair na huaire, i bhfeidhm ina iomláine chomh luath is a bheidh sé réidh. Mar atá luaite sa straitéis atá ag teacht chun cinn sa Phlean, beidh sé d'aidhm leis níos mó daoine a bheith gníomhach ar ár gcuid uiscebhealaí lena n-áirítear aibhneacha, canálacha, ceantair dugaí, tránna agus limistéir uisce oscailte.**

- Déanfaidh CCBÁC saoráidí iomchuí de chuid Rannóg Spóirt & Áineasa CCBÁC a ghiaráil freisin, mar atá, ionaid spóirt uisce agus gníomhaíochta Cheantar na nDugaí, Rámhaíochta Bhardasaí, agus an Phoirt Thoir chun cur leis an spórt agus áineas uisce-bhunaithe.
- Beidh gá freisin le réimse níos mó de chláir a fhorbairt agus béim faoi leith ar ghníomhaíochtaí nach mbítear ag brath an oiread céanna ar an aimsir agus ar thaoidí lena ndéanamh.



## Réimse Fócais 5: Pleanáil Chun Cinn

**I. CCBÁC le tosaíocht a dhéanamh de shiúlbhealaí agus de rotharbhealaí níos sábháilte go dtí agus ó scoileanna, ionaid phobail, moil áineasa agus saoráidí spóirt CCBÁC chun rochtain níos éasca ar shaoráidí atá ann cheana a chur chun cinn.**

**II. Déanfar bealach/bealaí leanúnacha siúil, rothaíochta agus uisce a bhunú thart ar Chathair Bhaile Átha Cliath faoi mheirge Bhaile Átha Cliath Ghníomhaigh.**

**III. Spórt agus Áineas CCBÁC le hOifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na mbóithre, sráideanna, cosán agus lánaí rothair oiriúnacha.**

- Déanfaidh an tOifigeach Áineasa Allamuigh, i gcomhpháirt le hAonad Cathair Ghníomhach CCBÁC seicliosta de shaoráidí agus áiseanna a fhorbairt agus a bhainistiú, rud a chabhróidh leis an bpleanáil straitéiseach chun uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn na mbóithre, sráideanna, cosán agus lánaí rothair oiriúnacha Cathair Ghníomhach a éascú.

**IV. Spórt agus Áineas CCBÁC lena chinntiú go gcuimseofar iad agus go mbeidh siad san áireamh i ngach mórthionscadal caipitil de chuid CCBÁC, i bpleananna ceantair áitiúil agus i máistirphleananna, agus sa phleanáil nó san iniúchóireacht phobail le haghaidh forbraíochtaí móra tithíochta.**

- Tá sé éigeantach go mbunófaí forálacha don spórt agus don áineas go luath i ngach forbraíocht.
- Ní mór foráil a chur san áireamh i bpleanáil agus i mbuiséadú na tithíochta (e.g. tionscadal Theach an Charnáin), agus i dtionscadail eile dá leithéid, don spórt agus áineas. Ní mór soiléireacht a chinntiú maidir le maoiniú tosaigh agus maoiniú agus cothabháil leanúnach na saoráidí seo.

**V. Mar atá luaite sa Straitéis Súgartha, tacóidh CCBÁC le hiniúchadh leorgachta súgartha, rud a bhféadfaí é a úsáid mar chuid den bhonn eolais faoi fhorbairt phlean 'Sráideanna Gníomhacha', arbh é ab aidhm leis sráideanna súgartha a chothú trí chleas na bacóide agus suiteálacha spontáineacha eile a chur chun cinn.**

**VI. Spórt agus Áineas CCBÁC le foinsí maoinithe a shainaithint, amhail scéim an bhonneagair áineasa allamuigh, chun tacú le cuid de na tionscnaimh atá beartaithe ar fud na cathrach.**

# Réimse Fócais 6: Inbhuanaitheacht um Ghníomhú ar son na hAeráide & Bainistiú Fuinnimh

Téann an ghéarchéim aeráide i bhfeidhm orainn go léir agus caithfimid go léir ár gcion féin a dhéanamh. Ar spriocanna ár gcuid pleananna um ghníomhú ar son na haeráide, tá go mbeidh teacht aniar i mBaile Átha Cliath i gcoinne an athraithe aeráide agus iarrtar ann an chathair agus an contae, agus cónaitheoirí, a chur in oiriúint do thodhchaí ina mairfimid le tionchair an athraithe aeráide, amhail tuilte, teochtaí foircneacha, agus imeachtaí adhaimsire. Is é an dúshlán fadtéarmach ná a chinntiú go mbíonn na gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a chuirimid i bhfeidhm cóir. Tá cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030 in éineacht lenár bPlean Forbartha Cathrach, agus lenár bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, agus an Plean Spóirt seo chomh maith, ríthábhachtach an chathair agus a cuid cónaitheoirí a dhéanamh acmhainneach i gcoinne an athraithe aeráide.

B'ionann beart amháin agus a chinntiú go mbíonn Baile Átha Cliath cliste i dtaca leis an tomhaltas fuinnimh a laghdú agus ár gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú. Is sna hionaid spóirt agus áineasa againn a úsáidtear 11% d'iomlán an fhuinnimh a úsáideann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Táimid ag oibriú le roinnt blianta anuas chun ár dtomhaltas fuinnimh a laghdú go córasach agus chun aistriú i dtreo foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe, trí roinnt gníomhartha agus tionscnamh lena n-áirítear cur i bhfeidhm Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh inár gcuid saoráidí. Beimid ag oibriú go comhpháirteach laistigh de CCBÁC agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun fís, misean agus spriocanna Bhaile Átha Cliath Neodrach ó Thaobh na hAeráide de 2030 a réadú chun Cathair Bhaile Átha Cliath, ár mbaile, a ullmhú le haghaidh thionchair an athraithe aeráide san am i láthair agus san am atá le teacht.

**I. Cloífidh CCBÁC le spriocanna astaíochta carbóin agus fuinnimh Bhaile Átha Cliath Neodrach ó Thaobh na hAeráide de 2030 agus muid ag seachadadh na dtionscnamh agus na gclár i bPlean Spóirt úr CCBÁC 2024-29.**

**II. Déanfaidh CCBÁC ailíniú leis an gClár Pathfinder atá ann cheana, rud atá ríthábhachtach maidir le forfheidhmiú an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe.**

- Úsáidfidh Spórt agus Áineas CCBÁC an Clár Pathfinder chun spriocanna náisiúnta laghdaithe gás ceaptha teasa a chomhlíonadh;
- Cuirfidh an Clár Pathfinder dlús faoi sheachadadh Bhaile Átha Cliath Ghníomhaigh, go háirithe tionscnaimh Taistil Ghníomhaigh lena chinntiú go mbíonn Baile Átha Cliath Níos Gníomhaí Níos Minice ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

**III. Cinnteoidh CCBÁC go mbíonn fócas inbhuanaitheachta ar gach tionscadal Forbartha Bonneagair i réimse an spóirt agus an áineasa.**

- Cinnteoidh Spórt agus Áineas CCBÁC go gcomhlíonann aon infheistíocht úr caipitiúil bonneagair, lena n-áirítear bonneagar nuathógtha mar aon le huasghráduithe ar fhoirgnimh sa bhonneagar atá ann cheana, na caighdeáin bainistithe fuinnimh agus inbhuanaitheachta is úire;
- Fiosróidh CCBÁC conarthaí nua agus reatha Chonraitheoireacht Feidhmíochta Fuinnimh a fhorbairt d'fhonn gach córas a bheadh bunaithe ar bhreoslaí iontaise a bhaint amach as ionaid fóillíochta atá ann cheana agus chun na foirgnimh agus na córais sin a dhéanamh iomlán leictreach.
- Déanfaidh CCBÁC measúnú dícharbónaithe ar shaoráidí áineasa eile níos lú agus cruthóidh treochlár don dícharbónú agus chun gach córas atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a laghdú/a dhíbirt.

**IV. Cinnteoidh Spórt & Áineas CCBÁC go mbeifear meabhrach ar chúrsaí comhshaoil agus fuinnimh agus gach oibreacha iarfheistithe agus cothabhála i saoráidí de chuid Rannóg Spóirt agus Áineasa CCBÁC idir lámha.**

- Agus cothabháil á déanamh acu ar shaoráidí reatha de chuid Rannóg Spóirt & Áineasa CCBÁC, fiosróidh Spórt & Áineas CCBÁC a indéanta a bheadh sé:

i. An t-insliú a uasghrádú chun an fhriotaíocht theirmeach a fheabhsú, rud a laghdódh an méid fuinnimh a bheadh ag teastáil don téamh agus don fhuarú;

ii. Fáil réitithe d'fhearais neamhéifeachtúla agus cinn úra a chur ina n-áit;

iii. Gach innealra agus trealamh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a chéimniú amach;

iv. Foinsí fuinnimh in-athnuaite a thabhairt isteach, mar shampla, painéil ghréine;

v. Aon sceitheadh aeir a shéalú agus sláine an imchlúdaigh foirgnimh a fheabhsú.



## Cás-Staidéar: Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh

Bhronn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a gcéad tionscadal Chonradh Feidhmíochta Fuinnimh (CFF) ar Noel Lawler Green Energy Solutions i mí iúil 2016 agus iad ag obair go dlúth le gníomhaireacht fuinnimh Bhaile Átha Cliath, Codema, chun an conradh seo a sholáthar chun trí cinn de Shaoráidí Spóirt agus Aclaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a uasghrádú.

Mairfidh an conradh go ceann tréimhse ocht mbliana agus cuimsíonn sé cothabháil gach trealaimh ag gach ceann de na foirgnimh. Chuimsigh an conradh oibreacha feabhsúcháin caipitiúla sna 3 ionad bhainteacha, mar atá, Ionaid Spóirt agus Aclaíochta Bhaile Munna, Fionnghlaise agus Markievicz.

Cuireadh tús leis an gconradh i mí na Nollag, 2026 agus tiocfaidh deireadh leis i mí na Nollag, 2024. Ar na croí-thorthaí ón gconradh, bhí:

- Feidhmíodh an Conradh Feidhmíochta Fuinnimh mar a rabhthas ag súil leis agus seo anois an bhliain deiridh de chonradh 8 mbliana. Ag cur fíorchostas sonrasctha san áireamh (agus ag tabhairt meastachán ar na costais le haghaidh 2024), bainfidh an tionscadal coigiltis fhoriomlána fuinnimh de c.34% amach.
- Go dtí seo, tá an tionscadal tar éis méid tomhaiste dearbhaithe de 4,872 tonna de CO2 a choigilt agus tá tuartha go mbeidh coigilteas de bheagáinín faoi bhun 6,000 tonna ann faoi dheireadh an tionscadail.
- Is ionann sin agus meánchoigilteas bliantúil CO2 de 690 tonna de CO2, figiúr arb ionann é agus 10% den bhearna go dtí sprioc astaíochtaí díreacha CCBÁC le haghaidh 2030, mar atá, thart ar 7,398 tonna de CO2.
- Bunaithe ar na torthaí tomhaiste dearbhaithe iarbhír, tá tuartha go dtiocfaidh coigilteas de níos mó ná €1.5m ann i dtaca le costais gháis agus leictreachais nár ghá a íoc.

**Lorg CCBÁC tairiscintí gur bhronn sí an dara Conradh CFF le haghaidh réimse de shaoráidí eile le blianta beaga anuas agus táthar ag súil le torthaí den chineál céanna.**



## Ionaid Áineasa agus Phobail de chuid CCBÁC

Rinneadh na hIonaid Áineasa & Phobail (a dtabharfar ‘Ionaid Áineasa’ orthu feasta) a ionchorprú isteach i Rannóg Spóirt & Fóillíochta CCBÁC in 2010, nó thitidís faoi Roinn Tithíochta agus Seirbhísí Pobail CCBÁC (a dtabharfar ‘Tithíocht & Pobal CCBÁC’ uirthi feasta) roimhe sin. Tá na hIonaid Áineasa ann le go bhféadann an pobal iad a úsáid agus tairbhe a bhaint astu – is spás sábháilte dearfach insroichte iad le haghaidh gach cineál de ghníomhaíocht phobal-bhainteach. Feidhmítear beartas Doras Oscailte i ngach ionad a bhíonn ag plé le pobail áitiúla agus, go háirithe, na daoine is leochailí lena n-áirítear déagóirí, daoine breacaosta, grúpaí mionlaigh agus pobail úra.

Ní reáchtáiltear na hIonaid Áineasa chun brabús a dhéanamh – bíonn na hIonaid Áineasa dírithe ar rannpháirtíocht, ní ar theacht isteach. Is ionann na hIonaid Áineasa freisin agus bunáit d’Oifigigh Forbartha CCBÁC agus do na hOifigigh Spóirt chómhaoinithe don rannpháirtíocht phobail trí chláir, gníomhaíochtaí agus imeachtaí iolracha. Cuirtear spás oibríochtúil ar fáil sna hIonaid Áineasa freisin do ghrúpaí amhail grúpaí athshlánúcháin ó dhrugaí, scoileanna, cláir oideachais iar-scoile, seirbhísí naíolainne agus seirbhísí don óige. Tá roinnt Ionad Áineasa mar chuid de shaoráidí Práinnfhreagartha CCBÁC.

**Maoiniú:** Agus soláthar buiséid bliantúil de €5.6 milliún (go garbh) ó CCBÁC acu, Faigheann ionaid maoiniú freisin ó fhoinsí eile lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus roinnt Gníomhaireachtaí Rialtais, lena n-áirítear Ciste Athnuachana Pobail agus tionscnamh Oirthuaisceart Lár na Cathrach.

**Ionaid:** Tá ceithre Ionad Áineasa dhéag laistigh de shainchúram Spórt agus Áineas CCBÁC a dhíríonn ar riachtanais shonracha a bpobail áitiúla. Athraíonn na saoráidí agus na seirbhísí ó ionad go hionad. Feidhmíonn na hIonaid Áineasa mar mhol ríthábhachtach don phobal. Cuireann na hionaid bealaí ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla agus do chlubanna spóirt oibriú trí shaoráidí sábháilte agus inacmhainne a thairiscint. Trí na himeachtaí séasúracha a chuireann na hIonaid Áineasa ar bun, tugtar daoine sa cheantar le chéile agus cuidíonn sin chun braistint phobail a chothú a chabhraíonn chun dul i ngleic leis na saincheisteanna socheacnamaíocha uile atá roimh roinnt de na pobail seo. Tugann na hionaid rochtain ar roinnt spórt agus tugtar deiseanna agus ceadaítear rannpháirtíocht níos mó do na pobail atá ag fás agus ag éirí níos éagsúla.

**Forbairt Pobail:** Cabhraíonn na hionaid chun seirbhísí um fhorbairt pobail agus um chúnamh Pobail a sholáthar. Éascaíonn na hIonaid Áineasa seachadadh Athshlánú Drugaí FSS agus roinnt seirbhísí óige fad is a óstálann siad cúrsaí oiliúna agus forbartha eile. Téann Ionaid Áineasa i bpáirt le grúpaí agus seirbhísí áitiúla chun go leor clár agus tionscadal séasúrach a chur ar fáil. Cuireann Ionaid Áineasa roinnt imeachtaí agus tionscadal séasúrach ar fáil cosúil le Tionscadail Samhraidh, Paráidí na Samhna, cláir phobail sheachtainiúla, agus cláir Frithchiníochais i gcomhpháirt le grúpaí ar nós Sports against Racism Ireland (SARI). Áirítear ar chláir do sheanóirí, grúpaí garraíodóireachta, grúpaí cniotála, babhláil taobh istigh agus cláir eile chun gníomhaíochtaí agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn dóibh siúd atá páirteach agus dóibh siúd nach dteastaíonn uathu ach teacht le chéile i dtimpeallacht shábháilte agus fáilteach.

**Seirbhísí Riachtanacha:** Saoráid riachtanach do phobail áitiúla is ea an spás a chuirtear ar fáil in Ionaid Áineasa le haghaidh seirbhísí cúram leanaí bainistithe go seachtrach agus na cláir leanaí Ionad Áineasa. Trí rochtain a bheith acu ar na seirbhísí sin, féadfaidh tuismitheoirí sna pobail dul sa tóir ar fho217láine, oideachas, fostaíocht, caitheamh aimsire, agus deiseanna eile nach mbeadh ar fáil dóibh seachas sin mar gheall ar chostas nó tiomantais ama.

## Ionad Áineasa: Bearta

I. **Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú ar an bplean bliantúil reatha do na hIonaid Áineasa chun plean straitéiseach cúig bliana a fhorbairt.**

- o Leagfar amach sa phlean athbhreithnithe ról straitéiseach na nIonad Áineasa, struchtúr optamach eagraíochta agus samhail oibríochta chun na hionaid a reáchtáil, seirbhísí a mhaoiniú, Ionaid Áineasa a ailíniú le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail, spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil, agus socruithe agus struchtúir seirbhísí tacaíochta a dhéanamh foirmiúil, ar a n-áireofar pleanáil comharbais do bhaill foirne na nIonad Áineasa.

II. **Cinnteoidh CCBÁC go bhforbrófar clár aonair le haghaidh gach ionad áineasa.**

- o Mar gheall go bhfuil gach ceantar áitiúil an-éagsúil i dtéarmaí déimeagrafaic, forbróidh ionaid áineasa aonair cláir áitiúla agus spriocdhírithe chun freastal ar riachtanais na saoránach agus na gcónaitheoirí ina gceantair faoi seach. Léirítear sa ghrafaic thíos na 14 Ionad Áineasa agus Pobail atá faoi úinéireacht agus atá á bhfeidhmiú ag CCBÁC i láthair na huaire, agus an áit a bhfuil siad suite i gCathair Bhaile Átha Cliath:

The below graphic displays the **14 Recreation & Community Centres** currently owned and operated by DCC, and where they can be found within Dublin City:

| Ionaid Phobail & Chaitheamh Aimsire CCBÁC |
|---|
| 1. Halla Spóirt Shráid Eachroma |
| 2. Ionad Caitheamh Aimsire an Halla Dhuibh/ Naomh Pól |
| 3. Ionad Caitheamh Aimsire an Chloigín Ghoirm |
| 4. Ionad Caitheamh Aimsire Dharndál / Belcamp |
| 5. Ionad Caitheamh Aimsire Shráid Dhoiminic |
| 6. Ionad Óige agus Pobail Ascaill Dhún Uabhair |
| 7. Ionad Caitheamh Aimsire an Bhalla Thoir |
| 9. Ionad Spóirt agus Caitheamh Aimsire Bhóthar an Ghleanna |
| 10. Ionad Pobail Shráid Hardwicke |
| 11. Ionad Caitheamh Aimsire na Coille Móire Thiar |
| 12. Ionad Caitheamh Aimsire Naomh Lorcán Ó Tuathail |
| 13. Ionad Caitheamh Aimsire Cheantar an Phiarsaigh |
| 14. Ionad Caitheamh Aimsire Pháirc Fhionntrá |






# Colún 2
# **Cláreagrú**



## Colún 2
### Cláreagrú

**Punann de chláir (agus tionscnaimh) ilchineálacha a sholáthar lena méadófar leibhéil na gníomhaíochta ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.**

## Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| **01** | **Baile Átha Cliath Gníomhach** | Cinnteoimid stádas mar Chathair Ghníomhach do Bhaile Átha Cliath agus glacfaidh le 'Gníomhach' mar chroí-théama i ngach clár agus tionscnamh. |
| **02** | **Spriocghrúpaí** | Díreoimid go réamhghníomhach ar dhéimeagrafaic faoi leith chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú agus chun cur le deiseanna rochtana ar an ngníomhaíocht choirp i gCathair Bhaile Átha Cliath. |
| **03** | **Comhpháirtíochtaí** | Comhoibreoimid agus rachaimid i gcomhairle le comhpháirtithe úra agus comhpháirtithe reatha (idir inmheánach agus sheachtrach) chun croí-chuspóirí a sheachadadh. |
| **04** | **Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas** | Tabharfaimid faoi thaighde saincheaptha agus forbróimid cláir agus tionscnaimh, bunaithe ar shonraí agus léargais láidre. |
| **05** | **Margaíocht & Cumarsáid** | Forbróimid feachtais spriocdhírithe margaíochta agus cumarsáide chun Cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh níos gníomhaí níos minice. |

# Réimse Fócais: Bearta

## Réimse Fócais 1: Baile Átha Cliath Gníomhach

**I. Oibreoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath chun stádas Lipéad Chathair Ghníomhach Dhomhanda a bhaint amach faoi chreat GAPPA in amfhráma comhaontaithe.**

- Úsáidfimid coiste stiúrtha na Cathrach Gníomhaí ar a bhfuil Oifigeach Cathracha Gníomhacha Chathair Bhaile Átha Cliath, ionadaithe ó Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa CCBÁC agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun smaointeoireacht chomhleanúnach a cheadú ag obair i dtreo na gcritéar a theastaíonn chun deimhniú a bhaint amach.
- Tabharfaimid faoi chomhroinnt eolais agus meantóireacht rialta le cathracha eile a bhain amach Lipéad Chathair Ghníomhach Dhomhanda.
- Pléifear gach tionscadal agus tionscnamh amach anseo mar chuid de Bhaile Átha Cliath Gníomhach le chéile ag na cruinnithe coiste sin agus déanfar iarrachtaí comhoibritheacha na tionscadail sin a chur i gcrích, le Spórt agus Áineas CCBÁC ag tacú nuair is féidir.

**II. Mar chuid den chomhoibriú thuas, oibreoidh coiste stiúrtha na Cathrach Gníomhaí le Foireann CCBÁC chun iarrachtaí a chomhordú i ngach ceann de na 5 cheantar riaracháin.**

- Tabharfar tiomantas d'acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do gach ceann de na 5 cheantar i gCathair Bhaile Átha Cliath le hoifigeach Sinsearach um Fhorbairt Spóirt le díriú ar chur i bhfeidhm thionscadail agus thionscnaimh na Cathrach Gníomhaí ina gceantair faoi seach.
- Déanfaidh CCBÁC, trí CSFCBÁC idirchaidreamh le clubanna spóirt, grúpaí pobail, scoileanna, grúpaí eile, agus daoine aonair áitiúla faoi seach chun cabhrú le coincheapa na Cathrach Gníomhaí a chur chun cinn sa cheantar sin.
- Sainaithneoidh CCBÁC trí CSFCBÁC seaimpíní áitiúla na Cathrach Gníomhaí agus tabharfaimid ar bord iad ó laistigh den phobal agus forbróimid plean leis na daoine aonair sin maidir leis an gcaoi ar féidir leo daoine eile a mhealladh laistigh den phobal le bheith páirteach sa ghníomhaíocht fhisiciúil.

**III. Áireofar ar Thionscnaimh Chathair Ghníomhach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seimineár bliantúil chun samplaí den dea-chleachtas a roinnt, tionscnaimh nua a chur i láthair don bhliain romhainn, nuashonruithe fianaisebhunaithe a thabhairt maidir le cláir go dtí seo agus tuairisciú ar dhul chun cinn i dtreo Stádas Chathair Ghníomhach Dhomhanda a bhaint amach.**

- Roinnfear cumarsáid réamhghníomhach de thionscnaimh beartaithe don bhliain romhainn leis na freastalaithe chun feasacht agus tacaíocht a chruthú.
- Teastaíonn measúnú rialta ar rath na dtionscnamh lena mbaineann bailiúchán sonraí. Roinnfear pointí sonraí ag an seimineár seo agus beidh siad lárnach chun bonn eolais a chur ar fáil do thionscnaimh bhreise chomh maith le sonraí cabhrach a chur ar fáil in aon phléití buiséid agus pleanála.

**IV. Nascfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Cathair Ghníomhach dhomhanda eile a bhfuil deimhniú GAPPA bainte amach acu agus oibreoidh sí leo maidir le meantóireacht, comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a mhalartú.**

- CCBÁC chun rogha oiriúnach a shainaithint don chomhpháirtíocht seo.
- Beidh an chomhpháirtíocht seo ina príomhthosaíocht don ghrúpa agus úsáidfear í a mhéid agus is féidir chun foghlaim ón rath agus na rioscaí a bhí ag cathracha eile ina bhfeachtas chun Lipéad Chathair Ghníomhach Dhomhanda a bhaint amach.

**V. Cruthóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath branda uileghabhálach "Baile Átha Cliath Gníomhach" le roinnt fobhrandaí. Tabharfaidh sé sin raon ardán chun cláir, tionscnaimh, pleananna, acmhainní, uirlisí agus teimpléid nasctha leis an gcoincheap 'Gníomhach' laistigh agus lasmuigh de CCBÁC a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a áireamh ar na fobhrandaí seo agus gan a bheith teoranta dóibh:**

- Páirceanna Gníomhacha
- Scoileanna Gníomhacha
- Clubanna Gníomhacha
- Pobail Ghníomhacha
- Taisteal Gníomhach
- Spraoi Gníomhach
- Uiscebhealaí Gníomhacha
- Dearadh Gníomhach
- Áiteanna Gníomhacha agus Sráideanna Gníomhacha
- Áiteanna Oibre Gníomhacha
- Beidh iarrachtaí suntasacha ag teastáil ó na gníomhaíochtaí sin chun caidrimh oibre agus comhoibriú a fheabhsú le réimse páirtithe leasmhara, ranna, rannóga agus oifigí ábhartha.

**VI. Beidh Taisteal Gníomhach ina phríomhghné de bhranda Bhaile Átha Cliath Gníomhach le béim ar dheiseanna feabhsaithe a chruthú don iompar inbhuanaithe, gníomhach ar fud na cathrach.**

- Chun é sin a bhaint amach, beidh ionadaí ó Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa CCBÁC ar mheitheal Taisteal Gníomhach agus Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Is gá breithniú a dhéanamh i bpleanáil bonneagair agus cláir spóirt amach anseo ar Thaisteal Gníomhach ina forbairt.

# Cás-Staidéar: Dea-chleachtas Cathracha Gníomhacha - Learpholl

In 2005, bhí Learpholl ar an údarás áitiúil ba dhíothaí sa RA. Bhí dúshláin mhóra le sárú ag an gcathair maidir le sláinte an phobail agus bhí leibhéil ísle oideachais agus leibhéal ard dífhostaíochta agus coiriúlachta ann. Aithníodh go raibh gá le cur chuige comhtháite ó gach roinn sa chathair agus glacadh leis an spórt mar chroí-spreagthach lena bhféadfaí athrú a bhaint amach. Ní raibh an bardas féin in ann na dúshláin seo a shárú leis féin, mar sin, fuarthas cúnamh ón Rialtas Láir agus ón tSeirbhís Sláinte.

Díríodh i dtús báire ar a fháil amach cé acu ceantair den chathair agus cé acu grúpaí den phobal ab éighníomhaí. Ní raibh aon sonraí bonnlíne ag Learpholl agus chuathas i dteagmháil le hollscoileanna áitiúla le go ndéanfaí taighde cainníochtúil ar leibhéil gníomhaíochta.

Bhí an buiséad don straitéis tosaigh thar a bheith íseal. Ní raibh ann ach £50k. Is amhlaidh, áfach, gur mhéadaigh ar an iontaoibh sa tionscnamh thar am de réir mar a d'éirigh sé níos soiléire go raibh ag éirí leis agus, dá thoradh seo, táthar tar éis buiséad an tionscnaimh a mhéadú go dtí idir £2.7 - £3 mhilliún.

Déanann Cathracha Gníomhacha Learpholl rannpháirtíocht an phobail sa ghníomhaíocht choirp a thomhas ar bhonn bliantúil. Baineann an chathair feidhm freisin as cothromóid Sport England maidir le brabús ar infheistíocht agus tá figiúirí aici a léiríonn na buntáistí ilchineálacha airgeadais, sláinte agus sóisialta a eascraíonn as bheith ag infheistiú sa ghníomhaíocht choirp.

Forbraíodh fobhrandaí faoi scáth na gCathracha Gníomhacha – páirceanna, taisteal, folláine, pobail ghníomhacha etc. B'ionann scoileanna gníomhacha agus croí-réimse fócais chun an rannpháirtíocht a mhéadú.

Ar chuid de na Croí-Spreagthaigh Rathúlachta a bhí taobh thiar de Thionscnamh Cathracha Gníomhacha Learpholl, bhí:

- Gur cruthaíodh post mar Cheann Cathrach Gníomhaí Learpholl, rud a chuir beocht sa straitéis.
- Straitéis spreagúil fuinniúil cumarsáide. Ar ghnéithe de seo, bhí, foirne agus laochra gairmiúla áitiúla spóirt.
- Gur cruthaíodh curaidh Cathrach Gníomhaí i bpobail áitiúla. Ba dhaoine áitiúla iad na hAmbasadóirí agus scéalta fiúntacha acu.
- Táirgeadh sonraí fianaise-bhunaithe ar bhonn seasta chun tacú le tionscnaimh, chun muinín a spreagadh agus chun tacaíocht a chruthú do choincheap na gCathracha Gníomhacha.

**Croí-Thátail le haghaidh Phlean Spóirt CCBÁC**

*Is ionann Straitéis Cathrach Gníomhaí Learpholl agus treochlár do CCBÁC chun coincheap na gCathracha Gníomhacha a fhorbairt i mBaile Átha Cliath agus CCBÁC ag féachaint le haithris a dhéanamh ar rathúlacht an tionscnaimh i Learpholl.*





# Réimse Fócais 2: Spriocghrúpaí

**I. Úsáidfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sainmhíniú an Achta um Spórt Éireann, 2015 ar ghníomhaíocht fhisiciúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le raon féideartha gníomhaíochta a chumhdaíonn cláir agus tionscnaimh na Rannóige Seirbhísí Spóirt agus Áineasa ar a n-áirítear raon leathan spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil;**

- Sainmhíniú Acht um Spórt Éireann 2015 ar ghníomhaíocht fhisiciúil: "gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a chuireann le haclaíocht fhisiciúil, folláine mheabhrach agus idirghníomhú sóisialta, lena n-áirítear spraoi/áineas gníomhach, spórt eagraithe/iomaíoch, agus spóirt/cluichí neamhfhoirmiúla".
- Ceadaíonn sé sin do raon leathan gníomhaíochtaí fisiciúla a áireamh mar chuid den Phlean Spóirt agus feabhsóidh sé sin an dóchúlacht go méadóidh rannpháirtíocht, go háirithe i measc spriocghrúpaí.
- Díriú leanúnach ar an tsláinte agus folláine fhoriomlán le cur chuige iomlánaíoch le cláir maidir le rannpháirtíocht a mhéadú i ngach cineál le ghníomhaíocht fhisiciúil, cosúil le ióga agus aireachas.
- Sainaithnítear sa chur chuige seo go mbeidh CCBÁC dírithe ar níos mó ná spórt as féin agus go ndíreofar ina ionad sin ar ghníomhaíocht de gach cineál a chur chun cinn. Tá an tiomantas do gach cineál gníomhaíochta a chur chun cinn nasctha go dlúth le croíchuspóir an phlean seo: "Cathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice".
- Áirítear ar shamplaí den chur chuige níos leithne seo:

i. Súgradh
ii. Rothaíocht
iii. Spóirt foirne agus aonair eagraithe agus spontáineach
iv. Siúl
v. Aclaíocht de gach cineál
vi. Damhsa
vii. Maireachtáil Ghníomhach
viii. Corpoideachas Scoile
ix. Gníomhaíocht Fhisiciúil Áineasa

**II. Spriocghrúpa tábhachtach den straitéis seo is ea leanaí in aois scoile. Leanfar ag seachadadh cláir Scoileanna Gníomhacha mar ghné chomhsheasmhach i bhféilire na scoile.**

- Leanfaidh CCBÁC ag cur comhairle agus cúnamh ar fáil do scoileanna maidir le seachtain na Scoileanna Gníomhacha agus aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí leanúnacha chun slí mhaireachtála ghníomhacha a chur chun cinn.
- Beidh tiomantas/comhpháirtíocht dhébhealach i gceist anseo idir na scoileanna agus Spóirt agus Áineas CCBÁC. Beidh gníomhaíocht mhéadaithe i scoileanna ina príomhsprioc do na hOifigigh Spóirt uile ag dul chun cinn agus tuairisceoidh siad ar rannpháirtithe le scoileanna ina gceantair lena n-áirítear cúnamh agus tacaíocht bhreise a phleanáil maidir le rannpháirtíochtaí amach anseo.
- Chomh maith leis an bhformáid reatha, seachtain na Scoileanna Gníomhacha, ina bhfaigheann scoileanna sampla de réimse spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla ar feadh na seachtaine, ag glacadh cur chuige ilspóirt, beidh tionscnaimh spriocdhírithe, i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta Spórt Éireann maidir le croí-ghníomhaíochtaí. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin, mar shampla:
    - i. Seachtain na Rothar
    - ii. Seachtain an tSiúil
    - iii. Seachtain an Spraoi Ghníomhaigh
    - iv. Seachtain na Folláine

**III. Sainaithneoidh CCBÁC cláir nuálacha nua atá ag teacht aníos do scoileanna agus leanfaidh sí le sraith na gcroíchlár a chuirimid ar fáil faoi láthair do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhreisiú sna 5 cheantar riaracháin i gCathair Bhaile Átha Cliath.**

**IV. Fiosróidh CCBÁC forbairt Sheachtain na Folláine do leanaí agus déagóirí le páirtithe leasmhara ábhartha eile.**

- De réir an tsainmhínithe níos leithne ar ghníomhaíocht fhisiciúil thuas, tabharfar deiseanna do leanaí agus aosaigh óga chun cineálacha malartacha gníomhaíochta fisiciúla a dhéanamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do ióga, zumba, agus damhsa mar shampla.
- Fiosróidh CCBÁC roghanna chun acmhainní a chur ar fáil do na seisiúin sin.

**V. Díreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC gníomhaíochtaí ar spriocghrúpaí a bhfuil claonadh acu gan a bheith chomh gníomhach. D'fhéadfaí a áireamh sna spriocghrúpaí sainaitheanta seo:**

- i. Daoine óga (Ag díriú go háirithe ar ógánaigh i mbaol in aois 10 – 21)
- ii. Daoine Breacaosta
- iii. Daoine faoi mhíchumais intleachtúla agus fisiciúla
- iv. LADTA+
- v. Dídeanaithe
- vi. Mná agus cailíní
- vii. Mionlaigh eitneacha
- viii. An Lucht Siúil
- ix. Na Romaigh
- x. Ceantair faoi mhíbhuntáiste
- xi. Baill de chlubanna agus grúpaí

- Déanfaidh Oifigigh Spóirt teagmháil rialta leis na spriocghrúpaí sainaitheanta sin lena fháil amach cé na bacainní atá rompu i ndáil le rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil agus smaointe nuálacha a phlé chun iad a shárú.
- Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC iarratas ar rochtain agus úsáid a bhaint as maoiniú na gcuntas díomhaoin le tacú le clár nideoige, spriocdhírithe do na grúpaí tosaíochta sin.
- Beidh torthaí an tSuirbhé Comhairliúcháin Phoiblí a rinneadh mar chuid den taighde don Phlean Spóirt seo mar uirlis chun roinnt de na bacainní atá ann do na spriocghrúpaí seo a shainaithint chomh maith le smaointe a chuirtear ar aghaidh do chláir nua agus nuálacha.

**VI. Oibreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC le Bainisteoirí Ionaid chun na cláir a chuireann siad ar fáil a scrúdú agus a athfhorbairt.**

- Tá Spórt agus Áineas CCBÁC ag fáil éileamh níos mó ar ghníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla "neamhthraidisiúnta".
- Déanfaidh na hionaid áineasa spóirt, fóillíochta agus pobail uile iniúchadh ar an gclár reatha chun machnamh a dhéanamh ar an ngá le sraith clár níos leithne.
- Mar aitheantas ar an éileamh níos mó ar rochtain ar chláir lasmuigh de shlí mhaireachtála thraidisiúnta "9-5", agus go háirithe iarrachtaí chun na spriocghrúpaí sainaitheanta a shroicheadh, lorgóidh CCBÁC deiseanna chun cláir a chur ar fáil lasmuigh de na huaireanta seo nuair is féidir, e.g. ceachtanna snámha.
- Déanfaidh CCBÁC iarracht, faoi réir acmhainní, leibhéal níos airde clár a chur ar fáil go luath ar maidin, deireanach sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine a chabhróidh chun níos mó deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil do go leor spriocghrúpaí agus daoine aonair.
- Déanfar comhairliúchán leis na spriocghrúpaí seo chun na hamanna agus an sceideal is oiriúnaí do chláir a shainaithint chun riachtanais na ngrúpaí sin a shásamh.

**VII. Oibreoidh CCBÁC go dlúth le hUiscebhealaí Éireann i gcomhréir lena straitéis 10 mbliana a forbraíodh le déanaí chun cláir ábhartha uiscebhunaithe a chur ar fáil.**

- Gabhfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC air féin rochtain ar chláir uiscebhunaithe, agus a minicíocht, a fheabhsú.
- Díreofar ar spriocghrúpaí (arna sainaithint thuas) nach mbíonn rochtain acu go hiondúil ar spóirt uisce. Chuige seo, beidh gá do na hOifigigh Spóirt cleachtaí a shainaithint agus oibriú i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus comhlachtaí rialaithe ábhartha.

# Cás-Staidéar: Rannpháirteachas Pobail - Ionaid Spóirt & Aclaíochta CCBÁC Bhaile Formáid

**Forbhreathnú:**

Tá éiteas d'ionchuimsiú sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Léiríonn ár gclár de cheachtanna snámha é seo go foirfe. Is scil don saol é an cumas snámh a dhéanamh agus ba cheart deis a fhoghlama a bheith ar fáil go réidh do chách. Inár gcuid saoráidí fliucha i mBaile Formaid, i bhFionnghlas, i mBaile Munna agus in Ionad Markievicz (Sráid Chnoc na Lobhar), seachadtar breis agus 265 ceacht snámha gach seachtain. Téann siad sin ó ranganna do leanaí agus tosaitheoirí aníos go dtí ardranganna máistreachta do dhaoine fásta. Déantar ár gcuid teagascóirí snámha cáilithe ar fad a oiliúint de réir chaighdeáin Shábháilteacht Uisce na hÉireann agus Chumann Snámha na hÉireann.

**Rannpháirteachas le Pobail Áitiúla trí na Meáin Shóisialta agus Ócáid Charthanachta:**

Déantar ceachtanna snámha CCBÁC a fhógairt go príomha trí na meáin shóisialta, bileoga/póstaeir agus trí scéal scéil. Mar gheall ar an tóir a bhíonn ar na ceachtanna, rinne Brian agus Laura Daly teagmháil le hIonad Spóirt agus Aclaíochta Bhaile Formaid i mí Aibreáin 2018 lena fhiafraí an bhféadfaí a n-ócáid charthanachta a óstáil san ionad. Mar chomhthéacs, is ócáid tiomsaithe airgid bhliantúil é an 'Ian Daly Swim a Mile with a Smile' a théann chun sochair do Barretstown agus d'Ospidéal Chromghlinne na Leanaí, a eagraíonn Brian & Laura i gcuimhne a mic ionúin, Ian. Tá ag éirí go geal leis an ócáid ó bhí 2004 ann agus d'éirigh leo breis agus €700,000 a thiomsú don dá charthanas le linn an ama sin.

An chéad uair a reáchtáladh an ócáid in Ionad Sláinte agus Aclaíochta Bhaile Formaid, ba iad baill foirne agus baill d'ardghrúpa snámha na bpáistí ba mhó a ghlac páirt. Le blianta beaga anuas, áfach, tá fás suntasach tagtha uirthi.




Anois, is gnách go mbíonn a lán scoileanna páirteach, mar aon le daoine áitiúla/úsáideoirí rialta na linne snámha a dteaghlach. Ag an tús, déanann roinnt daoine an 64 fad mar chuid d'iarracht sealaíochta roimh dóibh é a dhéanamh ar bhonn aonair sna blianta ina dhiaidh sin, de réir mar a éiríonn siad níos inniúla ó thaobh an tsnámha de. Tá an spleodar agus an t-atmaisféar a thagann leis an ócáid charthanachta seo, mar aon le spiorad na comrádaíochta agus na dea-mhéine, tar éis tionchar claochlaitheach a imirt ar an tsaoráid nó tháinig méadú suntasach ar an líon daoine úra a chláraigh le haghaidh ceachtanna snámha do pháistí agus do dhaoine fásta, mar gheall ar an ócáid.

Is ionann Ionad Spóirt agus Aclaíochta Bhaile Formáid agus tairseach isteach sa snámh iomaíochta do shnámhaithe ardleibhéil, trínár bhfoireann chónaitheach, Vikings. De rogha air sin, is féidir oiliúint tarrthála agus garchabhrach uisce-bhunaithe a eagrú i gcomhpháirt le Sábháilteacht Uisce Éireann. Thar na blianta, chuaigh na snámhaithe a bhain cáilíochtaí amach linn ar aghaidh chun gradaim tarrthála a bhaint amach agus fostaíocht a fháil go fiú i saoráidí fliucha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó in ionaid fóillíochta príobháideacha a bhfuil linn snámha acu sa chathair.



# Réimse Fócais 3: Comhpháirtíochtaí

**I. Cumasóidh CCBÁC comhpháirtíochtaí agus cuirfidh sé i bhfeidhm clár imeachtaí oll-rannpháirtíochta:**

- o Oibreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC i gcomhar le hOifig Imeachtaí CCBÁC ('Imeachtaí CCBÁC' anseo feasta) ag cabhrú i gcáis inarb iomchuí le pleanáil, maoirseacht agus cur i bhfeidhm féilire imeachtaí oll-rannpháirtíochta i gcáis inarb ábhartha do chuspóirí an Phlean Spóirt.
- o I gcás ina mbeidh fáil ar Oifigigh Spóirt CCBÁC, agus ina dteastaíonn a scileanna, tacóidh siad leis na himeachtaí seo mar chuid dá bpleanáil clár agus gníomhaíochtaí, ach ní ghlacfaidh siad ról ceannaireachta i seachadadh imeachtaí a bheidh mar fhreagracht ar eagraithe an imeachta i gcomhar le hImeachtaí CCBÁC.

**II. Scrúdóidh agus forbróidh CCBÁC tograí le príomhpháirtithe leasmhara chun comhdháil/seimineár spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla débhliantúil a óstáil chun pleananna, smaointe, agus tionscnaimh don cheantar a chur chun cinn agus a ailíniú i rith na bliana.**



**III. Úsáidfear cúig fhóram spóirt áitiúla (féach Colún Eagraíochta) mar struchtúr forfheidhmithe áitiúil don Phlean Spóirt:**

- Beidh ról lárnach ag na fóraim seo chun cabhrú leis na cláir, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí mionsonraithe a leagtar amach i Spóirt 'ar an talamh' a sheachadadh sna 5 cheantar riaracháin i CCBÁC.
- Beidh na fóraim seo mar mheitheal de pháirtithe leasmhara inmheánacha éagsúla feadh roinnt rannóg CCBÁC chun athrú dearfach a chur i ngníomh agus oibriú mar uirlis bainistíochta oibriúcháin sonrach chuig an gceantar áitiúil.
- Díreofar torthaí rannpháirteachais go díreach trí na fóraim seo trí chomhoibriú agus maoirseacht ar imeachtaí agus tionscnaimh chun gníomhaíocht a mhéadú agus rialú níos mó a cheadú ar thuairisciú na gclár ar leibhéal áitiúil.
- Tabharfar ardán sna fóraim seo chun nasc a chruthú leis an gComhpháirtíocht Spóirt atá ann cheana agus caidrimh a fhorbairt leis an bpobal áitiúil.

**IV. I ngach plean forbartha CCBÁC as seo amach, inmheánach don Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa, chomh maith le as rannóga, oifigí, agus ranna eile cosúil le Pleanáil, Pobal agus Tithíocht, déanfar breithniú ar riachtanais áitiúla i ndáil le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil.**

- Déanfaidh CCBÁC tiomantas do chinntiú go n-áireofar gné de chomhairliúchán agus tuairimí poiblí i riachtanais phobail áitiúla maidir le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil reatha agus sa todhchaí a bhunú agus go léireofar sin i bpleananna forbartha amach anseo. Beidh comhairliúchán leanúnach de dhíth ar leibhéal an phobail áitiúil agus féadfar é sin a éascú trí na fóraim áitiúla spóirt.

**V. Cumhachtóidh Spórt agus Áineas CCBÁC pobail chun na cláir a reáchtáil iad féin:**

- Beidh béim sna fóraim áitiúla thuasluaite, arna dtiomáint ag Oifigigh Spóirt sa cheantar, chun rannpháirteachas pobail a chomhordú agus a chumhachtú. Cothóidh sé sin braistint úinéireachta agus glacadh leis na cláir agus tionscnaimh áitiúla.








**VI. Leagfaidh CCBÁC béim ar cheannairí a chruthú sa phobal.**

- Daoine aonair a bheidh iontu seo a bhféachtar orthu mar chrann taca ina bpobal áitiúil, go háirithe i réimsí an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla, gan a bheith ina lúthchleasaithe.
- Beidh naisc bhríocha bunaithe acu lena gceantar áitiúil, agus beidh siad páirteach sna fóraim spóirt áitiúla maidir leis na cláir spóirt agus gníomhaíochta áitiúla agus i bhforbairt bonneagair ina gceantar áitiúil.
- Leanfaimid agus fásfaimid feachtas 'Seo mo Bhaile Átha Cliath' chun ardán a thabhairt do na ceannairí inár bpobail a n-eispéiris a roinnt le seirbhísí Spóirt agus Áineasa CCBÁC.

**VII. Baileoidh Oifigigh Spóirt sna cúig cheantar faisnéis maidir le clubanna cleamhnaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na seirbhísí atá ar fáil i gceantair agus chun bealach cumarsáide agus líonra clubanna a chruthú.**

- Ní bheidh clubanna cleamhnaithe teoranta do spórt áirithe, beidh siad comhdhéanta d'éagsúlacht clubanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla i ngach ceantar.
- Beidh comhlachtaí rialaithe mar nasc le clubanna cleamhnaithe faoi seach agus feabhsóidh siad comhoibriú leo.
- Leanfaidh CSFCBÁC ag breisiú agus ag forbairt bunachar sonraí cumann ar fud na cathrach trí shonraí breise a fhaigheann na hOifigigh Spóirt de réir an méid thuas a choimeád. Cothófar an bunachar sonraí seo chun críche faisnéis a chomhroinnt agus cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an gclub.
- Beidh an líonra reatha agus leathnaithe clubanna seo mar bhealach freisin chun tacú le sofheictheacht fheabhsaithe clubanna áitiúla a bhaint amach i scoileanna agus ar deireadh leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú.
- Beidh an líonra seo mar ardán comhroinnte eolais, le hiarrachtaí comhoibritheach agus smaointeoireacht chomhleanúnach maidir le saincheisteanna cosúil le dea-chleachtas, rialachas, deontais agus iarratais mhaoinithe.
- Beidh díriú láidir sa líonra seo ar chlubanna faoi seach a ailíniú leis na coincheapa 'Gníomhach' agus é mar uaillmhian gach club a bhunú mar 'Cathair Ghníomhach Bhaile Átha Cliath – Club Comhpháirtí Oifigiúil' agus go mbeidh siad páirteach i dtacú leis na tionscnaimh eile 'Gníomhach' a leagtar amach sa roinn roimhe seo, mar shampla:
    - i. Scoileanna Gníomhacha
    - ii. Sráideanna Gníomhacha
    - iii. Páirceanna Gníomhacha, etc.

  Cuirfidh sé seo le coincheap na Cathrach Gníomhaí go ginearálta.

- Bunóidh CCBÁC / CSFCBÁC beartais agus gníomhaíochtaí i gcomhréir le treoirlínte 'Obair Dheonach i mBeartas Spóirt' Spórt Éireann. Díreofar, tríd an líonra seo, ar na beartais agus gníomhaíochtaí bunaithe seo a chabhróidh chun leibhéil obair dheonach a mhéadú agus bacainní le rochtain d'oibrithe deonacha a laghdú araon.
- Tugtar deiseanna sa líonra seo maidir le huas-sciliú agus oiliúint a chur ar oibrithe deonacha agus daoine aonair sa phobal in iarracht chun caighdeáin chóitseála a fheabhsú, a dtugann na hoifigigh chómhaoinithe faoi cheana, cosaint leanaí agus freisin ceadú do leibhéil soláthair a mhéadú do réimse spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla.

**VIII. Díreoidh Spóirt agus Áineas CCBÁC ar phríomh-chomhpháirtithe agus ailínithe le pleananna reatha atá ábhartha do Spóirt agus Áineas. Gabhfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC air féin daoine aonair atá freagrach as na straitéisí seo, laistigh agus lasmuigh de CCBÁC, a lorg agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh leo agus caidrimh oibre tháirgiúla agus teagmháil rialta a dhéanamh leo. Áirítear orthu sin ach níl siad teoranta don mhéid a leanas:**

- Straitéis Spraoi (Lá Spraoi Náisiúnta)
- Plean Uiscebhealaí
- Éirigh Gníomhach in Éirinn: Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil
- Plean Straitéiseach um Éire Shláintiúil
- An Straitéis Áineasa Allamuigh Náisiúnta
- Rannpháirteachas agus Gníomhaíocht Fhisiciúil Allamuigh Spórt Éireann
- Forbairt Maoine Pobail i bPlean Bhaile Átha Cliath

**IX. Leagfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC tábhacht shuntasach ar a gcomhpháirtíochtaí le comhlachtaí rialaithe.**

- Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú le comhlachtaí rialaithe i ndáil leis an gclár oifigigh cómhaoinithe. Scrúdófar san athbhreithniú seo cláir, maoiniú, deiseanna amach anseo na gcomhpháirtíochtaí uile agus cinnteofar go bhfuil siad ailínithe i gcomhthéacs fhís agus mhisean Phlean Spóirt CCBÁC.
- Beidh caidrimh níos dlúithe, níos spriocdhírithe ann leis na comhpháirtíochtaí comhlachtaí rialaithe reatha uile (cómhaoinithe) agus tabharfar tiomantas chun dóthain seirbhísí a chur ar fáil do na caidrimh sin le hacmhainní cearta.
- Reáchtálfar cruinnithe rialachais le gach comhlachtaí rialaithe comhpháirtí chun ailíniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus príomhnithe inseachadta maidir le gach comhpháirtíocht spóirt agus aontófar ionchais ón gcaidreamh lena n-áirítear spriocanna agus torthaí beartaithe a leagan amach.
- Déanfar athbhreithnithe rialta ar na nithe inseachadta seo agus tomhaisfear iad.
- Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar is gá ar na HOAnna reatha le comhlachtaí rialaithe comhpháirtí. Áireofar ann scrúdú ar mhaoiniú i dtéarmaí leibhéil rannchuidithe agus foinsí maoinithe.

**X. Oibreoidh Spóirt agus Áineas CCBÁC go dlúth le Páirceanna CCBÁC i ndáil le forbairt clár agus bonneagair amach anseo.**

- Príomhchaidreamh is ea an caidreamh le rannóg na bpáirceanna agus aithnítear an gá le smaointeoireacht chomhleanúnach agus obair chomhoibritheach i ndáil le cláir agus bonneagar spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla laistigh de na páirceanna chomh maith le coincheapa cosúil le Spásanna Gníomhacha agus inbhuanaitheacht.
- Oibreoidh Spóirt agus Áineas CCBÁC go dlúth le Páirceanna CCBÁC chun na pleananna agus gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ábhartha uile a chomhordú.

**XI. Aithníonn Spóirt agus Áineas CCBÁC go bhfuil tionchar an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla forleathan agus go rachaidh sé i ngleic go héifeachtach le comhpháirtithe, comhlachtaí agus beartais ábhartha a bhfuil sainchúram spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla acu.**

De réir thuarascáil Luach Eacnamaíoch an Spóirt 2021 Spórt Éireann coisceann rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil beagnach 100,000 cás galair go bliantúil, ag giniúint coigiltis beagnach €0.4bn don Rialtas. Áirítear stróc, ailsí áirithe, agus diaibéiteas Chineál 2 ar na galair a choisctear. Réamh-mheastar gur féidir le luach na dtairbhí sláinte méadú a thuilleadh chuig níos mó ná €0.5 billiún má mhéadaíonn an cion daoine fásta Éireannacha a dhéanann an leibhéal molta gníomhaíochta ó 34% go 45%.

Leanfaidh CCBÁC ag soláthar cláir chonaire gníomhaíochta fisiciúla do dhaoine a chónaíonn le galar ainsealach nó galair eile bhainteacha. Tá éileamh suntasach ar na cineálacha clár seo a éascú i bpobail áitiúla inar féidir le hothair/rannpháirtithe rochtain dhíreach a bheith acu ar ghiom le trealamh leighis, halla agus foireann oilte agus le himeacht ama gur féidir leo a maireachtáil laethúil a fheabhsú fad is a bhainistíonn siad a dtinneas agus a laghdaíonn siad go suntasach a gcuairteanna / fanachtaí ospidéil.

Déanfaidh CCBÁC / CSFCBÁC é sin trí chomhoibriú leanúnach le FSS, trí chláir atreoraithe trí ospidéil, moil do ghalair ainsealacha, fisiteiripeoirí speisialtóra, Sláinte Care CCBÁC agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Leanfaidh CCBÁC ag seachadadh ár sraith clár gníomhaíocht fhisiciúil don tSláinte trínár nOifigeach Forbartha Cur chun Cinn na Sláinte FSS / CCBÁC agus ár n-oifigigh spóirt. Leanfaimid freisin ag fás ár gClár Folláine Pobail a bhainistíonn ár mbainisteoir cláir Folláine Pobail.

Áirítear ar roinnt de na cláir a dhírítear ar an daonra níos sine:

- Fir ag Gluaiseacht
- Cláir Láidreachta Otago
- Cláir chun Teip a Chosc
- Aeróbaic Chathaoireach ar fud na Cathrach
- Cluichí 'Go for Life'
- Bog don tSláinte
- Cláir Aclaíochta agus Damhsa
- Cláir siúil,
- Ranganna cuaille gníomhachtóra
- Cláir chun caitheamh tobac a stopadh,
- Aontaí Sláinte
- Cláir snámha cosúil le hAeróbaic Uisce agus ceachtanna
- Clár Folláine Pobail

o Cinnteoidh comhpháirtíochtaí CCBÁC ailíniú feadh beartas rialtais agus náisiúnta agus ar a n-áirítear ach nach bhfuil teoranta don mhéid a leanas:

i. Éire Shláintiúil agus Beartas Sláinte Náisiúnta

ii. Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2023

iii. An Roinn Spóirt – An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

iv. Tionscadal Éireann 2040

v. An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

vi. Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023

vii. Beartas Glaiseachta Inbhuanaithe Náisiúnta

viii. Clár um Thaisteal Gníomhach NTA

ix. Éirigh Gníomhach in Éirinn; Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil

x. Straitéis nua Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2027

xi. Plean Rannpháirtíochta Spórt Éireann 2021-2024

xii. Forbairt Maoine Pobail i bPlean Bhaile Átha Cliath

xiii. Plean Gníomhaíochta domhanda don Ghníomhaíocht Fhisiciúil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte

xiv. Plean Gnó Saoráidí Uisce Faoin Aer Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath





## Cás-Staidéar: Clár Pobail um Athshlánú Scamhógach Cothabhála

**Cúlra:**

Tá léirithe go bhfeabhsaíonn cláir um Athshlánú Scamhógach Cothabhála acmhainneacht aclaíochta, go laghdaíonn siad dispné agus go bhfeabhsaíonn siad caighdeán saoil daoine a bhfuil galar scamhóige toirmeascach ainsealach/asma orthu, i gcomparáid leis an ngnáthchúram. Ar a bharr sin, tá léirithe go laghdaíonn cláir um athshlánú scamhógach cothabhála ar úsáid agus ar chostais cúraim sláinte trí shealanna san ospidéal agus cuairteanna ar an ionad éigeandála a laghdú.

In 2019, d'fhorbair agus sheol CCBÁC agus FSS Clár um Athshlánú Scamhógach Cothabhála in Ionad Spóirt Pobail San Caitríona, Lána Mhuire Mhaith, agus d'éirigh go geal leis. Reáchtáiltear clár San Caitríona taobh le clár Athshlánaithe Chairdiach Chéim IV. In 2022, rinneadh an tsamhail agus an clár a leathnú agus a sheoladh san Ionad Spóirt de chuid CCBÁC ar Bhóthar an Ghleanna, an Chúlóg.

**Aidhm an Chláir:**

Tá an clár dírithe ar chliaint a bhfuil Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach orthu agus a bhfuil an t-athshlánú scamhógach traidisiúnta, le Foireann Chomhtháite Riospráide, curtha i gcrích acu. Is éard is aidhm leis ná bheith ag tacú le cliaint chun leibhéal na gníomhaíochta coirp acu a choimeád agus a gcuid torthaí sláinte a fheabhsú, rud a bheadh ag teacht le spriocanna an Chláir Chomhtháite Cúraim um Ghalair Ainsealacha.

**Seachadadh:**

Is rang aclaíochta désheachtainiúil fadtréimhseach é COPD FITT atá á reáchtáil ag beirt ghairmithe aclaíochta, Celine Cully agus Emma Dowling, a bhfuil teistiúchán sainiúil acu chun ranganna aclaíochta a chur ar fáil do chliaint a bhfuil galar scamhóige ainsealach orthu. Bíonn an fhoireann Cúraim Chomhtháite Riospráide ag oibriú i gcomhpháirt le foireann CCBÁC chun tacú le cur i bhfeidhm agus eagrúchán an chláir agus is iad atá freagrach as cliaint oiriúnacha don chlár COPD FITT a thriáiseáil.

**Torthaí:**

San iomlán, ghlac 614 cliant páirt sa Chlár Folláine Pobail in 2023, agus 323 acu sin rannpháirteach i gclár um Athshlánú Scamhógach Cothabhála.

I mí na Bealtaine, 2023, rinneadh meastóireacht do chliaint a bhí ag freastal ar an gclár um Athshlánú Scamhógach Cothabhála le sé mhí, ar a laghad, ar Bhóthar an Ghleanna chun anailís a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir. Cuireadh suirbhé sástachta ar fáil do na cliaint seo freisin agus rinneadh athbhreithniú ar na torthaí.

Cothaíodh feidhm sna cliaint sin a raibh bunriocht riospráide acu, rud a léiríodh lena bhfad siúil agus neart sna géaga íochtair sa tástáil leantach. Ar an iomlán, bhí 99.9% de chliaint iontach sásta leis an gclár agus léirigh 71% de chliaint laghdú ar ráta géaraithe a gcuid airíonna, rud a tomhaiseadh le líon na gcuairteanna féintuairiscithe ar an dochtúir nó ar an ospidéal agus airíonna riospráide acu.



## Réimse Fócais 4:
## Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas

**I. Tabharfaidh Spóirt agus Áineas CCBÁC faoi thaighde chun leibhéil ghníomhaíochta i mBaile Átha Cliath a rianú agus a mhonatóiriú.**

- Scagfar na sonraí seo ina ndéimeagrafaic mhionsonraithe ar nós próifíl aoise, cúlra socheacnamaíoch, leibhéil ghníomhaíochta, sainroghanna maidir le háiseanna agus cláir, úsáid saoráidí, rátaí rannpháirteachais i gcláir CCBÁC etc. agus scagfar na sonraí uile i gcúig fhocheantar riaracháin lena chinntiú go bhfuil sonraí an-sonrach ar fáil maidir le gach ceantar.
- Bunaithe ar na sonraí sin, beidh Spórt agus Áineas CCBÁC in ann cláir agus tionscnaimh a leagan amach atá dírithe ar ghrúpaí nach bhfuil sách gníomhach ar fud na cathrach, chun an tionchar is fearr agus an úsáid is fearr acmhainní a chinntiú.

**II. Tabharfar faoi thaighde freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhacainní reatha le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil i mBaile Átha Cliath.**

- Trí na bacainní le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a shainaithint, beidh Spórt agus Áineas CCBÁC i staid níos fearr chun pleananna a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin.

**III. Fiosróidh Spórt agus Áineas CCBÁC comhpháirtíochtaí le cabhrú leis an taighde thuasluaite.**

- Déanfar measúnú ar chomhpháirtíochtaí féideartha le comhlachtaí rialaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha, Comhlachtaí Stáit agus Leathstáit chomh maith le hInstitiúidí 3ú leibhéal agus eagraíochtaí tríú páirtí eile.
- Cuirfear béim ar leith ar na comhpháirtíochtaí atá bunaithe cheana le hinstitiúidí tríú leibhéal i mBaile Átha Cliath (TUD, UCD, Coláiste na Tríonóide agus DCU) chun tacú leis an taighde agus tiomantas chun an taighde reatha a chinntiú.

**IV. Oibreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC le hionaid, foireann, oifigigh forbartha spóirt agus oifigigh chómhaoinithe Spórt agus Áineasa CCBÁC chun a mbreithnithe a bhailiú óna gcuid oibre laethúil sa phobal.**

- Cabhróidh na léargais a gheofar uathu siúd ar an talamh le buntaca a chur faoi chláir Spórt agus Áineas CCBÁC agus a chinntiú go bhfuil siad ábhartha agus infheidhme do riachtanais reatha chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath.
- Tabharfar saoirse freisin d'ionaid, foireann, oifigigh forbartha spóirt agus oifigigh chómhaoinithe Spórt agus Áineas CCBÁC chun a gcur chuige a nuáil ag leibhéal áitiúil, laistigh de chreat rialaithe, chun ár sprioc chnuasaitheach a bhaint amach, níos mó daoine, níos gníomhaí.

**V. Rachaidh CCBÁC i ngleic le comhlachtaí rialaithe agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha freisin, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine as cúlra mionlach nó imeallaithe.**

- Beidh na léargais sin mar bhunús le cláir Spórt agus Áineas CCBÁC, obair beirt de na hOifigigh Cuimisthe agus Imeasctha Spóirt (a threoróidh seachadadh an chláir cuimsithe spóirt don fhoireann agus do na hionaid uile) agus cinnteoidh sé go ndeartar na cláir agus na tionscnaimh agus go ndírítear iad le bheith cuimsitheach do chách.



# Réimse Fócais 5: Margaíocht & Cumarsáid

**I. Cuirfidh CCBÁC clár comhordaithe Margaíochta & Cumarsáide i bhfeidhm chun feasacht faoi na saoráidí agus cláreagrú atá ag CCBÁC cheana féin a mhéadú, agus beidh straitéis thiomnaithe ar na meáin shóisialta san áireamh ann.**

- o Cé go ritheann Spórt agus Áineas CCBÁC an clár go lárnach, tacóidh gníomhachtaithe áitiúla leis.
- o Forbrófar freisin tuilleadh clár margaíochta chun cineálacha eile gníomhaíochta fisiciúla agus bealaí eile le bheith gníomhach a chur chun cinn taobh amuigh de bhonneagar agus cláir shonracha CCBÁC cosúil le conairí, bealaí glasa agus bealaí rothaíochta.

**II. Pleanálfar feachtais spriocdhírithe ag eatraimh éagsúla i rith na bliana le tacú le príomhthionscnaimh.**

- o Áireofar ar na tionscnaimh seo cinn atá sonrach do CCBÁC, cosúil le Sports Fest, agus tacófar freisin le feachtais Náisiúnta, cosúil le 'Éirigh Gníomhach in Éirinn'.
- o Beidh na heatraimh do na feachtais seo dé-sheachtainiúil, míosúil nó ráithiúil, de réir mar a mheastar a bheith cuí le tacú leis na tionscnaimh atá i gceist.

**III. Sainaithneofar 'Laochra Spóirt' áitiúla le haghaidh gach ceann de 5 Cheantar Riaracháin CCBÁC agus tabharfar aitheantas dóibh le Duaiseanna an Ardmhéara.**

- o Úsáidfear na 'Laochra Spóirt' seo chun cabhrú le plean Margaíochta & Cumarsáide Spóirt agus Áineas CCBÁC a thiomáint agus glacadh agus rannpháirtíocht ó dhaoine i ngach ceantar de Chathair Bhaile Átha Cliath a chinntiú.
- o Úsáidfear na 'Laochra Spóirt' mar phointe fócais d'fheachtais mheán sóisialta agus úsáidfear freisin é ag gníomhachtaithe ar an láthair ag saoráidí agus imeachtaí Spóirt & Áineasa CCBÁC.

**IV. Cuirfear béim ar leith ar fheasacht faoi ghníomhaíocht allamuigh agus cineálacha gníomhaíochta fisiciúla spontáiní ó lá go lá, cuir i gcás Taisteal Gníomhach, a mhéadú.**

- o Áireofar anseo bealaí treodóireachta a chur in iúl i bpáirceanna agus ar an gcósta ar fud na cathrach.
- o Tabharfar freisin faoi mhargaíocht bhreise ar thionscnaimh atá sonrach do Bhaile Átha Cliath, cosúil le 'Lúb na Life', Lapadaíl na Life CCBÁC, cláir Treodóireachta Allamuigh chomh maith le Feachtais Náisiúnta, cosúil le 'Ná fág rian'.





## Cás-Staidéar: Cathracha Gníomhacha - Dea-chleachtas Margaíochta & Cumarsáide

D'eisigh Cathracha Gníomhacha tuairisc ar na mallaibh ar na dea-chleachtais Margaíochta & Cumarsáide le haghaidh Cathracha Gníomhacha. Is féidir go mbeadh na 10 gcroí-léargas ón tuairisc, atá leagtha amach thíos, úsáideach chun plean Margaíochta agus Cumarsáide Phlean Spóirt CCBÁC a threorú:

- **Scéala ó Bhéal go Béal:** Is é an scéala ó bhéal go béal an bealach is mó agus is éifeachtaí chun eolas a scaipeadh i measc an phobail áitiúil.
- **Coinnigh Áitiúil É:** Bíodh ambasadóir/rólchuspa áitiúil ann – ní gá gur laoch spóirt é nó í an duine seo, is leor duine ar a mbeadh meas ag an bpobal áitiúil.
- **Cosa ar an Talamh:** Is mó seans go dtabharfaidh daoine faoin ngníomhaíocht choirp trí imeachtaí a mbíonn daoine eile páirteach iontu a mheallfaidh amach as an teach iad agus ag ar féidir leo bualadh le daoine eile.
- **Croí-Eolas:** Mar aon lena léiriú go bhfuil timpeallacht shábháilte fháilteach ann, ní mór duit an croí-eolas a aibhsiú (cé, cad é, cá háit, cá huair agus cén dóigh).
- **Céimeanna Beaga:** Tosaigh le céimeanna beaga. D'fhéadfaí blas-seisiúin a reáchtáil agus iad a fhorbairt de réir a chéile thar am.
- **Bí Spriocdhírithe:** Bíonn sé tábhachtach do chur chuige a oiriúnú nuair a bhíonn feachtas margaíochta á reáchtáil agat. Cinntigh go mbíonn tú soiléir maidir le do spriocphobal, na gníomhaíochtaí roghnachais atá acu agus na croí-chainéil chun dul i bhfeidhm orthu.
- **Bí sóisialta:** Tá an-luach ag baint le hábhar shóisialta a sholáthraíonn eolas tábhachtach.
- **Cathracha Gníomhacha a Fhógairt:** Go fiú mura mbíonn daoine ag cliceáil tríothu, is bealach éifeachtach í an fhógraíocht dhigiteach chun leibhéil feasachta ar chathracha gníomhacha a mhúscailt, rud atá ríthábhachtach.
- **Bíodh Níos Mó Comhráite Agat:** Tá sé buntábhachtach go rachfá i ngleic le grúpa leathan de pháirtithe leasmhara. Is féidir é seo a dhéanamh trí phobalbhreitheanna a fhorbairt, daoine a chur a chaint agus eolas a chur ar chroí-threochtaí sa cheantar áitiúil.
- **Cuir Cathracha Gníomhacha ar an Léarscáil:** Bíonn daoine toilteanach taisteal chun gníomhaíocht choirp a dhéanamh – mar sin, ba cheart smaoineamh ar ghníomhaíochtaí a chur chun cinn fud fad na cathrach.

**Croí-Thátail le haghaidh Phlean Spóirt CCBÁC**

*Beidh ról buntábhachtach ag Margaíocht agus Cumarsáid maidir leis na saoráidí, na cláir agus an fhoireann den chéad scoth a oibríonn i Rannóg Spóirt agus Áineasa CCBÁC le go n-éireoidh le forfheidhmiú an Phlean úir Spóirt.*

# Colún 3
# Eagrúchán




## Colún 3
### Eagrúchán

**Struchtúr (agus múnla) eagraíochta a fhorbairt atá oiriúnach don fheidhm chun tacú leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp áineasa i mBaile Átha Cliath.**

## Céard a dhéanfaimid?

| | | |
|---|---|---|
| 01 | Struchtúr na hEagraíochta | Déanfaimid struchtúr Spórt agus Áineas CCBÁC a atheagrú le go mbeidh sé ag teacht leis an bPlean Spóirt agus lena chinntiú go mbíonn fócas soiléir ar na croí-réimsí tosaíochta. |
| 02 | Oibriú trasfheidhmeach | Déanfaimid comhordú agus beimid ag comhoibriú le rannóga, rannáin agus oifigí eile de chuid CCBÁC mar aon le comhpháirtithe seachtracha chun soláthar na dtorthaí agus na spriocanna atá sa Phlean Spóirt a éascú. |
| 03 | Forbhreathnú Straitéiseach | Cruthóimid struchtúir, próisis agus múnlaí tuairiscithe le haghaidh forbhreathnú straitéiseach lena chinntiú go ndéanaimid monatóireacht agus breithmheas ar bhonn leanúnach ar sheachadadh an Phlean Spóirt. |
| 04 | Múnla Oibríochtúil | Déanfaimid breithniú ar ár múnla oibriúcháin chun na torthaí ar an infheistíocht maoinithe poiblí a uasmhéadú agus cinnteoimid, san am céanna, solúbthacht, gastacht agus éifeachtúlacht i seachadadh an Phlean Spóirt. |
| 05 | Foireann | Déanfaimid tiomantas dár bhfócas a mhéadú ar fhorbairt agus uas-sciliú leanúnach ár bhfoirne, chun tacú le seirbhísí agus torthaí Phlean Spóirt den chéad scoth a sheachadadh |

# Réimse Fócais: Bearta

## Réimse Fócais 1:
## Struchtúr na hEagraíochta

**I. Déanfaidh CCBÁC struchtúr na heagraíochta sa Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa a athdhearadh lena chinntiú go mbeidh sé i gcomhréir leis an bPlean Spóirt agus chun seachadadh éifeachtach na spriocthorthaí a éascú. Seo a leanas roinnt de na príomhathruithe le breithniú don struchtúr nua:**

- Róil Oifigigh Sinsearacha Spóirt (Grád 6) a cheapadh chun maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa fisiciúla uile a chuireann na hOifigigh Spóirt agus na hOifigigh Chómhaoinithe ar fáil. Tá an struchtúr reatha ró-réidh agus dá réir sin bíonn saincheisteanna oibríochtúla agus riosca go laghdaítear fócas ann. Tuairisceoidh an bheirt Oifigeach Spóirt Sinsearach nua do Bhainisteoir Ginearálta CSFCBÁC. Mar gheall air sin beidh soiléireacht níos fearr faoin treo, beidh bainistíocht líne níos dírithe, agus beidh comhsheasmhacht níos mó ar bhainistíocht oibríochtúil na nOifigeach Spóirt ar feadh na cúig cheantar riaracháin i gCathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh sé deis ar fáil freisin don fhoireann dul chun cinn;
- Fóram Spóirt áitiúil a bhunú i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin agus cinntiú go leithdháiltear Oifigigh Spóirt do cheann amháin de na 5 Fhóram Spóirt áitiúla chun leibhéil níos fearr fócais, comhpháirtíochta, agus rannpháirtíochta pobail áitiúil a chinntiú (féach tuilleadh sonraí thíos maidir le bunú, struchtúr, agus ról choincheap an Fhóraim Spóirt Áitiúil);
- Beirt oifigeach sinsearach (Grád 7) a cheapadh a bhfuil freagracht orthu as:
    - i. Cur i bhfeidhm an Phlean Spóirt – maoirseacht agus bainistiú ar an bplean cur i bhfeidhm don Phlean Spóirt nua. Beidh freagracht ag an ról seo as comhordú agus seachadadh torthaí an phlean laistigh den phlean agus de bhainistíocht cláir an phlean;
    - ii. Bainistíocht Saoráidí – Maoirseacht ghinearálta ar Shaoráidí Spóirt CCBÁC lena n-áirítear bainistiú fuinnimh, soláthar, ceannach etc. chun tairbhí barainneachtaí scála a chinntiú feadh na saoráidí éagsúla, comhsheasmhacht níos mó sa chur chuige maidir le bainistíocht saoráidí, agus forbhreathnú straitéiseach ar chláir leanúnacha cothabhála agus deisiúcháin do na saoráidí atá ann;
- Acmhainneacht taighde agus meastóireachta a bhunú lena chinntiú go bhfuil sonraí taighde mionsonraithe againn mar bhunús le cinnteoireacht, anailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar thionchar na gclár, agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhthiomsú leanúnach taighde sonrach do cheantar Chathair Bhaile Átha Cliath (d'fhéadfaí ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh le taighde nó d'fheadfaí comhpháirtíochtaí le hollscoileanna a leathnú);
- Comhoibriú leis an rannóg imeachtaí i bpleanáil, comhordú, agus cur i gcrích na mórthionscadal ábhartha agus na mórimeachtaí (lena n-áirítear Cláir Náisiúnta agus/nó Imeachtaí Oll-Rannpháirtíochta). Cinnteoidh sé sin cur chuige níos cuíchóirithe le himeachtaí den sórt sin a reáchtáil agus cumasaíonn sé Oifigigh Spóirt chun díriú ar chláir agus ar rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil;
- Cruthófar foireann margaíochta agus cumarsáide lárnach laistigh den Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa chun maoirseacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht phobail éifeachtach a sheachadadh maidir le saoráidí, cláir, imeachtaí, agus gníomhaíochtaí CCBÁC. Teastaíonn saineolas meán digiteach/margaíochta speisialtóra chuige seo agus cur chuige níos comhsheasmhaí feadh shaoráidí agus réimsí gníomhaíochta uile CCBÁC;
- Athbhreithniú ar fhoirne agus ar fheidhmeanna riaracháin reatha feadh Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa chun comhdhlúthú iarrachta, barrfheabhsú acmhainní, agus soláthar seirbhísí tacaíochta breisithe leis an roinn a chinntiú trí:
    - iii. Éifeachtúlacht bhreisithe: trí acmhainní agus saineolas a roinnt, oibreoidh an fhoireann chumaisccthe níos éifeachtúla, laghdófar dúbláil iarrachta, agus laghdófar costas riaracháin;
    - iv. Tionchar méadaithe: Ceadófar le meascadh an dá fhoireann riaracháin do rochtain níos leithne laistigh den phobal agus cuirfear ar chumas na roinne aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais agus leasanna éagsúla an phobail;
    - v. Cinnteoireacht chuíchóirithe: Cumasóidh an fhoireann chumaisccthe cinnteoireacht níos cuíchóirithe agus níos comhtháite. Dá réir sin, beidh fócas níos fearr, leagfar cuspóirí níos soiléire, agus ailíneofar iarrachtaí i dtreo spriocanna coiteanna an Phlean Spóirt nua.
- Foireann Cláreagraithe, Oideachais agus Oiliúna a bhunú a dhíreoidh ar chláir phobail, tionscnaimh oideachais, agus oiliúint foirne nasctha leis an bPlean Spóirt nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm;
- Tacú leis an Oifigeach Straitéise Spraoi i gcás inarb iomchuí chun an Straitéis Spraoi a sheachadadh. Beidh an ról seo freagrach as an Straitéis Spraoi a chur i bhfeidhm.

**II.** **Cruthóidh CCBÁC Fóraim Áitiúla Spóirt i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Buailfidh na Fóraim Áitiúla Spóirt le chéile go tráthrialta (ar bhonn ráithiúil ar a laghad) agus cinnteoidh siad go bhfuil seachadadh áitiúil an Phlean Spóirt 'ar an talamh' éifeachtach, agus feidhmeoidh siad mar shásra chun aiseolas a thabhairt, riachtanais áitiúla a shainaithint, tacaíocht ar bhonn áitiúil a chinntiú do chláir/tionscnaimh, feasacht faoi ghníomhaíocht a mhéadú, agus dlúthnaisc agus caidreamh éifeachtach leis an bpobal áitiúil maidir le gníomhaíocht spóirt agus áineasa a chruthú go ginearálta. Beidh na Fóraim Spóirt Áitiúla comhdhéanta de na seirbhísí inmheánacha CCBÁC ábhartha uile lena n-áirítear:**

- Foireann Spóirt & Áineasa CCBÁC;
- Pleanáil CCBÁC;
- Seirbhísí Tithíochta agus Pobail CCBÁC;
- Páirceanna CCBÁC;
- Comhshaol CCBÁC;
- Taisteal Gníomhach CCBÁC;
- Comhordaitheoir na Cathrach Gníomhaí;
- Oifigigh Sláinte (e.g. Oifigeach Cur chun Cinn na Sláinte);
- Aon ionadaí eile a mheastar a bheith cuí.

**III.** **Beidh fócas agus sainchúram na bhFóram Spóirt Áitiúla dírithe ar chúrsaí 'ar an talamh' agus tacóidh siad le rolladh amach praiticiúil na gclár agus na dtionscnamh ina gceantar áitiúil agus cuirfidh siad naisc chuig na grúpaí pobail agus na comhlachtaí ábhartha atá gníomhach laistigh den cheantar ar fáil. Tabharfaidh na Fóraim Áitiúla Spóirt nuashonruithe rialta agus lorgóidh siad ionchur óna gCoiste Ceantair Áitiúil ar bhonn bliantúil.**

**IV.** **Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú agus ath shainmhíniú ar an struchtúr agus ar an ngaol idir CCBÁC agus Spórt Éireann chun samhail shaincheaptha a fhorbairt lena léireofar saintréithe uathúla Chathair Bhaile Átha Cliath. Tacaíonn Spórt Éireann le daoine a spreagadh tabhairt faoi ghníomhaíocht agus páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil trí Shamhail na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt. Is é CSFCBÁC feithicil CCBÁC do shamhail na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt de chuid Spórt Éireann. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar ról CSFCBÁC mar CÁS, déanfaimid:**

- Comhaontú a bhunú le Spórt Éireann chun seirbhís spóirt CCBÁC a bheith ann a sheachadann na cláir agus tionscnaimh náisiúnta ábhartha i gcomhthéacs na físe straitéisí áitiúla a leagtar amach sa phlean seo agus struchtúir rialachais chearta;
- Clár gníomhaíochta agus tacaíochta maoinithe réamh-chomhaontaithe ó Spórt Éireann a fhorbairt do thionscnaimh ábhartha chun iad a chumasú ailíniú agus tacú le cláir, tionscadail, agus tionscnaimh eile a leagtar amach sa Phlean Spóirt nua.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus freagrachtaí reatha Bhord CSFCBÁC agus Choiste Stiúrtha na Cathrach Gníomhaí chun tograí cuíchóirithe ionchasacha a thabhairt ar aghaidh agus chun rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí níos mó a chumhachtú idir comhaltaí.



## Réimse Fócais 2: Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta

**I.** **Oibreoidh CCBÁC trí shamhail chomhpháirtíochta chun comhpháirtithe ábhartha (inmheánacha agus seachtracha) a spreagadh chun tacú le seachadadh an Phlean Spóirt nua;**

- Oibreoimid go dlúth le comhpháirtithe áitiúla trí struchtúr an Fhóraim Spóirt Áitiúil a leagtar amach thuas.
- Bunóimid comhoibriú trasrannach, rannóige agus oifige, de réir mar is gá, laistigh de CCBÁC chun leibhéil níos mó comhordaithe agus comhoibrithe a chinntiú chun an Plean Spóirt a sheachadadh agus chun ailíniú leis an bPlean Spóirt agus le pleananna agus beartais eile laistigh de CCBÁC.

**II.** **Fiosróidh CCBÁC tacaíocht bhreise agus comhoibriú breise le Comhairle na nÓg. Dul i ngleic leis an ngrúpa chun cuidiú le bacainní/dúshláin a shainaithint, saincheisteanna a ardú, deiseanna/smaointe a shainaithint, aiseolas a thabhairt faoina bhfuil/nach bhfuil ag obair, agus chun tuairim a thabhairt faoin tslí a ndéanaimid forbairt agus dul chun cinn ar ghníomhaíocht spóirt agus áineasa i gCathair Bhaile Átha Cliath.**

**III.** **Déanfaidh CCBÁC 'Ambasadóirí Bhaile Átha Cliath Gníomhach' a earcú i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin chun feasacht, infheictheacht agus rannpháirtíocht a mhéadú maidir le spórt, áineas agus gníomhaíocht fhisiciúil.**

- Beidh na hambasadóirí pobalbhunaithe seo nasctha leis an bhFóram Spóirt Áitiúil ina gceantar agus cabhróidh siad mar aghaidh phoiblí do chláir agus tionscnaimh Spóirt agus Áineas CCBÁC sna ceantair sin.

**IV.** **Cinnteoidh CCBÁC go mbeidh soiléire ann ó thaobh ról agus freagrachtaí maidir le pleanáil i ndáil le spásanna oscailte agus tírdhreach cathrach ionas go mbeidh deis cainte ag lucht spóirt agus áineasa i bpléití faoi phleananna do na spásanna poiblí sin amach anseo.**

**V.** **Cuirfidh CCBÁC nuashonruithe ar stádas agus teachtaireachtaí maidir lenár bPlean Spóirt nua ar fáil do ranna, rannóga agus oifigí CCBÁC agus do Choistí Ceantair CCBÁC go tráthrialta, agus tabharfaidh sé nuashonruithe ginearálta don phobal lena chinntiú go mbeidh a thuilleadh infheictheachta ag cláir, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí beartaithe agus monatóireacht leanúnach ar sheachadadh, agus a thuilleadh feasachta fúthu, le linn shaolré an Phlean Spóirt.**

## Cás-Staidéar: Sportsfest Bhaile Átha Cliath

Cúlra:

Sportsfest Bhaile Átha Cliath an t-ainm atá ar imeacht seachtaine suaitheanta Chomhphháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath CCBÁC, lena ndéantar ceiliúradh ar an spórt i bpobail fud fad na cathrach. Féachtar, leis an imeacht leo, le fís agus spriocanna CSFCBÁC a athneartú, mar atá, deiseanna inbhuanaithe a chur ar fáil don uile dhuine, beag beann ar aois, inscne, ábaltacht nó cúlra, chun bheith rannpháirteach agus sult a bhaint as an spórt agus as an ngníomhaíocht choirp pé gníomhaíocht a roghnóidís.

Le blianta beaga anuas, tá CSFCBÁC tar éis an féilire imeachtaí aige a fhorbairt le go mbeadh sé ag teacht le himeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cabhraíonn an cur chuige straitéiseach seo chun cur chun cinn na seirbhíse a uasmhéadú.

Reáchtáiltear Sportsfest i gcomhthráth le Seachtain bhliantúil Eorpach an Spóirt agus, ó thaobh na bolscaireachta de, d'éirigh go geal leis seo nó cuireann sé le luach, móiminteam agus próifíl na gclár agus na dtionscnamh áitiúil.

Cur chuige Comhpháirtíochta:

Tá cothú na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha laistigh de CCBÁC agus ar bhonn seachtrach ríthábhachtach i dtaca le seachadadh rathúil na gclár agus na seirbhísí leanúnacha de chuid CSFCBÁC agus chun tionscnaimh úra nuálacha a thabhairt isteach.

Ón taobh seachtrach de, bíonn CSFCBÁC ag oibriú go dlúth le scoileanna agus clubanna áitiúla, le seirbhísí óige, le grúpaí mionlaigh agus leis an iliomad eagraíochtaí amhail FSS agus Seandaoine Gníomhacha/Aostacht agus Deiseanna agus ar bhonn inmheánach, tacaíonn na dlúth-chomhpháirtíochtaí oibre le rannóga Seirbhísí Spóirt & Áineasa agus Páirceanna & Pobail na Comhairle Cathrach go mór le réadú spriocanna agus cuspóirí CSFCBÁC.

Is deis é Sportsfest chun na comhpháirtíochtaí seo a aibhsiú mar aon le hobair na nOifigeach Spóirt i ngach toghlimistéar agus na n-oifigeach Cómhaoinithe sa Lúthchleasaíocht, Dornálaíocht, Cruicéad, Sacar, Rámhaíocht, Rugbaí agus Snámh.

Agus é anois ina sheachtú bliain, tá Sportsfest fós ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí i bhféilire Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath (CSFCBÁC). Tá thart ar 6,800 duine tar éis páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí de chuid Sportsfest Bhaile Átha Cliath ó cuireadh tús leis in 2018. Thar na blianta, tá sé tar éis forbairt agus baintear feidhm as croí-nithe a foghlaimíodh chun feabhsúchán agus fás leantach an imeachta a threorú.

Sa chéad bhliain dó, bhí féilire leitheadach ag Sportsfest agus fócas ann ar naisc a bhunú le go leor imeachtaí náisiúnta agus spóirt a bhí ann cheana ar fud na cathrach.

Le dhá bhliain anuas, glacadh le cur chuige níos ciorraithe agus baineadh úsáid níos cliste as acmhainní trí bheith ag díriú ar chláir agus tionscnaimh reatha a chur chun cinn, faoi mheirge Sportsfest agus Seachtain Eorpach an Spóirt. In 2023, cuireadh béim mhéadaithe ar an inrochtaineacht agus ar an inbhuanaitheacht agus tugadh cuireadh do chlubanna sa phobal a bheith rannpháirteach trí imeachtaí oscailte a óstáil nó trí bhlas-seisiúin a chur ar fáil d'fhonn an rannpháirtíocht a mhéadú. Is mór an tionchar a tháinig le hoscailt na gclár trí bhlas-seisiúin a chur ar fáil nó taispeánann sé seo réimse na gníomhaíochtaí a chuireann an tseirbhís ar fáil, méadaíonn ar na féidearthachtaí i dtaca le rannpháirtíocht fhadtréimhseach agus athneartaíonn teachtaireacht na hionchuimsitheachta sa spórt, rud atá ag croí-lár fhócas straitéiseach CSFCBÁC. Is ionann seo freisin agus deis chun Ionaid Spóirt agus Aclaíochta CCBÁC, páirceanna CCBÁC agus saoráidí spóirt eile faoin aer sa chathair a chur ar taispeáint.



## Réimse Fócais 3: Forbhreathnú Straitéise

**I. Déanfaidh CCBÁC oifigeach sinsearach tiomnaithe (Grád 7) a cheapadh chun forbhreathnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Spóirt;**

- o Tuairisceoidh an ról seo go díreach le Ceannasaí Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa CCBÁC agus beidh sé freagrach as pleanáil, comhordú, agus bainistiú chur i bhfeidhm an Phlean Spóirt.

**II. Tacóidh CCBÁC le straitéis Bhaile Átha Cliath Gníomhach agus treiseoidh sé í, trí rolladh amach na straitéise seo a phleanáil, a chomhordú agus forbhreathnú a dhéanamh uirthi, trí:**

- o Fócas 'Cathair Ghníomhach Bhaile Átha Cliath' a bhunú laistigh dár nGrúpa Stiúrtha;
- o Cinntiú go bhfuil ionadaíocht trasfheidhmeach sa ghrúpa ó na ranna, rannóga, agus oifigí CCBÁC infheidhme uile chomh maith le ó chomhlachtaí stáit ábhartha;
- o Freagracht a ghlacadh as stádas 'Cathair Ghníomhach' a bhaint amach do Chathair Bhaile Átha Cliath (mar a leagtar amach i gColún 2 thuas);
- o Clár cuimsitheach 'Cathair Ghníomhach Bhaile Átha Cliath' a fhorbairt;
- o Aitheantas branda 'Baile Átha Cliath Gníomhach' a chruthú agus sraith fobhrandaí le tacú leis an raon clár a bhaineann le 'Gníomhach' a leagtar amach thuas.
- o Athbhreithniú a dhéanamh ar na tionscnaimh dhea-chleachtais ó chláir 'Cathair Ghníomhach' eile;

**III. Bainfidh CCBÁC úsáid as an M1 (beart ní aonair) ar dtús – beart féintuairiscithe atá bailíochtaithe go hidirnáisiúnta – mar an bpríomhbheart chun rátaí rannpháirtíochta i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a rianú. Leis an mbeart sin, déantar scála na ndaoine a thuairiscíonn iad féin mar 'Éighníomhach', 'Measartha Gníomhach' nó 'Gníomhach' a rianú. Déanfaimid imscrúdú ar an mbeart PTF uathúil is gá chun leibhéil ghníomhaíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath a léiriú go cruinn, áfach, trínár gcomhpháirtíochtaí agus trínár dtiomantas do shamhail sonraí.**

**IV. Déanfaidh CCBÁC athbhreithnithe eatramhacha ar an bPlean Spóirt i mBliain 2 agus i mBliain 4 den chur i bhfeidhm.**

# Réimse Fócais 4: Samhail Oibríochtúil

Tá réimse saoráidí ina phunann ag CCBÁC, lena n-áirítear ionaid fóillíochta, ionaid áineasa agus phobail, linnte snámha etc. Bainistíonn CCBÁC gach ceann díobh sin seachas trí cinn go díreach (tá sé sin uathúil in údaráis áitiúla in Éirinn). Is é ár n-éiteas seirbhísí áineasa riachtanacha a sholáthar do na pobail i gCathair Bhaile Átha Cliath nach mbeadh an deis acu seachas sin úsáid a bhaint astu. Cuireann CCBÁC infheistíocht shuntasach ar fáil chun na seirbhísí seo a mhaoiniú agus lena chinntiú go bhfuil siad inacmhainne, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch na cathrach.

Bhunaigh CCBÁC Swan Leisure Ltd. (cuideachta neamhbhrabúsach) chun Swan Leisure Centre i Rath Maoinis a bhainistiú faoi cheadúnas. Tá Bord Swan Leisure Ltd comhdhéanta den fheidhmeannas agus comhalta tofa na Comhairle Cathrach. Bainistíonn Cuideachtaí Teoranta cosúla na hIonaid Fóillíochta Údaráis Áitiúil uile eile in Éirinn. Bhí tionchar ó am go ham ar sheirbhísí a chuireann CCBÁC ar fáil go díreach ag an margadh saothair, saincheisteanna slabhra soláthair agus struchtúir Údaráis Áitiúil nach bhfuil feiliúnach go minic don chineál seachadadh seirbhíse is gá chun seirbhísí do phobail áitiúla inár saoráidí a uasmhéadú.

I. **Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú ar a indéanta a bheadh sé an tsamhail oibríochtúil a úsáidtear in Swan Leisure Centre a leathnú amach chuig Saoráidí Spóirt CCBÁC eile ar bhonn píolótach nuair is féidir.**

  o Déanfar staidéar indéantachta i mBliain 1 chun ionad píolótach oiriúnach a shainaithint don tsamhail seo agus é mar chuspóir úsáid a mhéadú go suntasach fad is a fhágtar an fhoireann le díriú ar ghníomhaíocht chláreagraithe.

  o Ba cheart go mbunófaí gach ionad nua le 'Samhail Swan' i bhfeidhm cheana féin;

II. **Cinnteoidh CCBÁC go mbeidh oifigigh spóirt i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin, i gcomhréir leis na moltaí sa Cholún Eagraíochta thuas, chun éifeachtacht sholáthar na gclár i ngach ceann de na ceantair a mhéadú agus chun cuidiú le gníomhaíocht a bhaineann le plean Chathair Bhaile Átha Cliath a bhrú chun cinn.**

III. **Leasóidh CCBÁC ról na nOifigeach Spóirt chun béim a chur ar a thábhachtaí atá an ghné 'trúpaí ar an talamh' a bhaineann leo agus ar an tionchar agus an éifeacht a bhíonn ag rannpháirtíocht phobail chun na spriocthorthaí sa Phlean Spóirt a bhaint amach.**

IV. **Leagfaidh CCBÁC torthaí agus spriocanna soiléire amach don Oifigeach Spóirt – agus an sprioc faoin mbeart aonair M1 ina príomhsprioc – lena chinntiú go ndíreofar níos mó ar thionchar agus chun a chur ar a gcumas dóibh tosaíocht a thabhairt dá gcuid oibre chun na torthaí agus spriocanna comhaontaithe a sheachadadh.**

V. **Bunóidh CCBÁC fóraim thráthrialta le go bhféadfaidh Oifigigh Spóirt faisnéis, smaointe, dea chleachtas a roinnt agus díriú ar fhoghlaim óna chéile chun torthaí níos fearr a bhaint amach ina róil.**



# Cás-Staidéar: Samhail Oibríochtúil – Swan Leisure

Samhail Oibríochtúil Ionad Swan

Is asluiteach é CCBÁC i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile a fheidhmíonn, den chuid is mó, samhail sheachfhoinsithe dá gcuid ionad spóirt. Is sampla í Samhail Oibríochtúil 'Swan' de shamhail oibríochtúil i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena gcomhtháthaítear seachfhoinsiú bhainistiú agus oibríochtaí an ionaid fóillíochta agus, san am céanna, ina gcoimeádtar an rialachas agus an maoirsiú atá dírithe ar an bpobal.

Is samhail neamhbhrabúsach é Swan Leisure mar a bhfuil fócas agus cuspóir dírithe ar an rannpháirteachas pobail agus gníomhaíocht choirp mhéadaithe. Is Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shocraíonn na praghsanna ag Swan Leisure, tá beirt ionadaithe de chuid CCBÁC ar an mbord agus íocann Swan cíos le CCBÁC as an bhfoirgneamh. Socraíonn Swan na rátaí atá le híoc leis an bhfoireann agus tá neamhspleáchas iomlán acu i dtaca leis an gcláreagrú agus sceidealú, chomh luath is a chinntítear go bhfuiltear ag comhlíonadh dualgais inrochtaineachta pobail agus an sprioc a bhaineann leis an bpobal a dhéanamh gníomhach.

Tá samhail oibríochtúil 'Swan' i bhfeidhm i láthair na huaire in dhá shaoráid ar le CCBÁC iad: Swan Leisure Ráth Maonais, seomra aclaíochta agus linn snámha, agus Swan Leisure Chromghlinne, saoráid linn snámha leithleach.

Áirítear ar na tairbhí:

Lúfaireacht & Solúbthacht: Tá an lúfaireacht agus an tsolúbthacht chéanna ag Samhail Oibríochtúil 'Swan' is a bheadh ag eintiteas tráchtála, trína cuid clár agus oibríochtaí.

cé go bhfanann sí dílis do na seirbhísí fóirdheontais agus soláthraíonn seirbhísí éigeantacha spóirt agus áineasa do mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Tairiscint Leathnaithe Rochtana agus Seirbhísí don Phobal: Ar cheann de chroí-thairbhí Shamhail Swan, tá feasacht mhéadaithe phoiblí. Is mó i bhfad an méid ama a chuirtear ar fáil le haghaidh rochtain an phobail le Samhail Swan ná leis na hionaid atá faoi stiúir CCBÁC. Bíonn seirbhísí breisithe ar fáil sna hIonaid Swan freisin, i gcomparáid le hionaid eile de chuid CCBÁC.

Feidhmíocht Airgeadais Níos Fearr: Tá barrachais dheimhneacha oibríochtúla á mbreacadh ag an dá Ionad Swan cé gur easnaimh dhiúltacha a cuireadh síos dá gcontrapháirteanna CCBÁC. Ós rud é go bhfeidhmítear ionaid Swan de réir cur chuige 'neamhbhrabúsach', d'fhág sé gur féadadh na barrachais oibríochtúla a gineadh a ath-infheistiú sna hionaid, rud a d'fhág gur féadadh iad a fheabhsú agus a fhorbairt.

Earcaíocht & Coinneáil Foirne: Mar gheall ar a struchtúr fostaíochta, tá na hIonaid Swan i bhfad níos fearr ag mealladh agus ag coinneáil foirne ná mar atá ionaid CCBÁC, go háirithe na daoine sin a bhfuil na scileanna agus an oiliúint acu le haghaidh seirbhísí ardéilimh. Soláthraíonn na hionaid deiseanna níos fearr le haghaidh forbairt agus coinneáil foirne. Tá líonta foriomlána na mball foirne atá fostaithe rud maith níos airde i gcomparáid le hionaid eile CCBÁC (cé go ngineann siad, fós féin, barrachais oibríochtúla).

**Croí-Thátail le haghaidh Phlean Spóirt CCBÁC**
*Tá roghanna difriúla ar fáil do Spórt & Áineas CCBÁC maidir leis an gcaoi a reáchtáiltear na hIonaid éagsúla Fóillíochta agus Áineasa. Fiosróidh CCBÁC a indéanta a bheadh sé samhail oibríochtúil 'Swan' a leathnú amach, de réir mar ab iomchuí, chuig ionaid eile.*



# Réimse Fócais 5: Foireann

I. **Faoin tsamhail eagraíochta nua, is tosaíocht é níos mó gastachta agus solúbthachta inár bhfoireann chun ár n uaillmhianta cláreagraithe a chomhlíonadh, chun rannpháirtíocht ár bhfostaithe a choinneáil ar bun agus chun freastal ar riachtanais mhuintir Bhaile Átha Cliath.**

- o Lorgófar deiseanna d'fhoireann Spórt agus Áineasa CCBÁC le dul i ngleic le gníomhaíochtaí, saoráidí agus/nó i róil éagsúla i gcás inarb oiriúnach agus a bhfuil éileamh air.
- o Tacófar agus cothófar príomhspéiseanna ár bhfoirne, i ndáil le spóirt agus áineas.
- o Fiosrófar conairí nua agus inrochtana don fhorbairt agus cur chun cinn laistigh de shaoráidí Spórt agus Áineasa CCBÁC lena chinntiú go bhfeiceann ár bhfoireann cumas chun a ngairm a fhorbairt linn ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

II. **Is iad ár bhfoireann an tsócmhainn is mó atá againn inár n-iarrachtaí chun muintir Bhaile Átha Cliath a bheith níos gníomhaí, níos minice. Príomhthosaíocht maidir le seachadadh na straitéise seo is ea infheistíocht leanúnach inár bhfoireann.**

- o **Fiosrófar leathnú a dhéanamh ar chláir oiliúna agus forbartha foirne reatha i Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa CCBÁC.**
- o **Déanfar athbhreithniú ar thacaíocht do scileanna/oiliúint speisialtóra i réimsí spéise (cosúil le pilates, ióga, damhsa, traenáil phearsanta) agus feabhsófar agus leathnófar rochtain ar na conairí sin.**
- o **Leanfaidh CCBÁC ag teagmháil agus ag cothú caidreamh trédhearcach lenár bhfoireann le cultúr oscailte d'aiseolas saibhir a chinntíonn gur féidir lenár ndaoine muinín a bheith acu asainn agus labhairt linn mar ionad oibre a bhfuil tóir air agus atá slán.**





# Cur i bhfeidhm




# Amlíne:

**Bliain 1**

I. Plean Spóirt CCBÁC Nua 2024-29 a sheoladh

II. Ceantair sa chathair a shainaithint nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu ó thaobh áiseanna de.

**Bliain 1**

I. Déanfar Oifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na spásanna glasa / oscailte agus páirceanna ar fad.

II. Cruthóidh CCBÁC Fóram Spóirt Áitiúla i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Bliain 1**

III. Cruthóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath branda uileghabhálach "Baile Átha Cliath Gníomhach" le roinnt fobhrandaí.

**Bliain 1**

IV. Tosaíocht a dhéanamh de shiúlbhealaí agus de rotharbhealaí níos sábháilte go dtí agus ó scoileanna, ionaid pobail, moil áineasa agus saoráidí spóirt CCBÁC chun rochtain níos éasca ar shaoráidí atá ann cheana a chur chun cinn.

V. Tabharfar faoi iniúchadh ar leordhóthanacht spraoi.

**Bliain 1**

I. Cuirfidh Spóirt agus Áineas CCBÁC clár comhordaithe Margaíochta & Cumarsáide i bhfeidhm agus beidh straitéis thiomnaithe ar na meáin shóisialta san áireamh ann.

II. Déanfaidh CCBÁC struchtúr na heagraíochta sa Rannóg Spóirt agus Áineasa a athdhearadh lena chinntiú go mbeidh sé i gcomhréir leis an bPlean Spóirt agus chun seachadadh éifeachtach na spriocthorthaí a éascú.

**Bliain 1**

III. Déanfaidh CCBÁC 'Ambasadóirí Bhaile Átha Cliath Gníomhach' a earcú i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin chun feasacht, infheictheacht agus rannpháirtíocht a mhéadú maidir le spórt, áineas agus gníomhaíocht fhisiciúil.

**Bliain 1**

IV. Spóirt agus Áineas CCBÁC le tabhairt faoi thionscadal straitéiseach ar leithligh chun iniúchóireacht iomlán a dhéanamh ar pháirceanna imeartha ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Bliain 2**

I. Cuirfidh CCBÁC nuashonruithe stádais agus cumarsáidí rialta ar fáil maidir lenár bPlean Spóirt nua.

**Bliain 2**

II. Bunóidh CCBÁC meithleacha trasrannacha agus rannóige laistigh de CCBÁC chun leibhéil níos mó comhordaithe agus comhoibrithe a chinntiú chun an Plean Spóirt a sheachadadh agus chun ailíniú leis an bPlean Spóirt agus le pleananna agus beartais eile laistigh de CCBÁC.

**Bliain 2**

III. Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú agus ath shainmhíniú ar an struchtúr agus an caidreamh idir CCBÁC agus Spórt Éireann chun samhail saincheaptha a fhorbairt a léiríonn saintréithe uathúla Chathair Bhaile Átha Cliath

**Bliain 2**

I. Tabharfaidh Spóirt agus Áineas CCBÁC faoi thaighde chun leibhéil ghníomhaíochta i mBaile Átha Cliath a rianú agus a mhonatóiriú.

II. Tabharfar faoi thaighde freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhacainní reatha le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil i mBaile Átha Cliath

**Bliain 2**


III. Oibreoidh CCBÁC go dlúth le hUiscebhealaí Éireann (uiscebhealach is ea an chanáil) i gcomhréir lena straitéis Uiscebhealaí chun cláir Uisce Faoin Aer a chur ar fáil.

**Bliain 2**

IV. Oibreoidh Rannóg Spóirt agus Áineas CCBÁC le Bainisteoirí Ionaid chun na cláir a chuireann siad ar fáil a scrúdú agus a athfhorbairt.

# Struchtúr Seachadta:

Tá cur i bhfeidhm rathúil Phlean Spóirt CCBÁC 2024-29 nua de fhreagracht ar réimse páirtithe leasmhara:




- Beidh an **phríomhfhreagracht** as an bPlean Spóirt nua le Rannóg Seirbhís **Spóirt agus Áineasa CCBÁC**.
- Fiosróidh CCBÁC roghanna i ndáil le cur i bhfeidhm an phlean i ndáil le róil **Bhord Comhairleach Comhpháirtíochta Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath** agus **Coiste Stiúrtha na gCathracha Gníomhach**.
- Beidh struchtúir agus próisis **rialachais agus maoirseachta** iomchuí i bhfeidhm atá oiriúnach do chuspóir CCBÁC.
- Tacóidh na **Fóraim Spóirt Áitiúla** le Rannóg Seirbhís Spóirt agus Áineasa CCBÁC chun cur chun feidhme agus seachadadh an Phlean Spóirt nua a chinntiú.
- Ceapfar **Oifigeach um Chur chun feidhme an Phlean Spóirt** chun cur chun feidhme an phlean a mhaoirsiú agus forálacha ann do **leithdháileadh buiséadach** riachtanach chun rath foriomlán an tionscnaimh a mhaoirsiú.
- Forbrófar agus ionchorprófar sa Phlean Spóirt 2024-2029 **sásraí tuairiscithe** iomchuí chun faireachán agus tuairisciú dul chun cinn beacht a chinntiú ar na spriocanna agus cuspóirí a leagtar amach sa phlean. Beidh **próisis athbhreithnithe eatramhacha** i mbliain 2 agus bliain 4 de Phlean Spóirt CCBÁC 2024-29.

# Aguisín





## Aguisíní

**Aguisín 1:**

Amlíne mhion do Ghníomhaíochtaí 90 - 105

**Aguisín 2:**

Raon feidhme agus Cur chuige Tionscadail 106 - 109

**Aguisín 3:**

Existing Relevant Strategies & Policies informing
the DCC Sports Plan 2024-29 110 - 115

**Aguisín 4:**

Additional Info on Dublin City Area 116 - 120

# Aguisín 1
# Amlíne mhion do Ghníomhaíochtaí



| Colún | Réimse Fócais | Príomhbheart | Amlíne |
|---|---|---|---|
| An Ghaeilge | An Ghaeilge a Chuimsiú | Méadóidh Spóirt agus Áineas CCBÁC deiseanna do dhaoine i gCathair Bhaile Átha Cliath le bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil trí Ghaeilge | Ar bun fós |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Bainfidh Spórt agus Áineas CCBÁC feidhm as an uirlis mhapála straitéisí chun ceantair sa chathair a shainaithint nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu ó thaobh áiseanna de. Chomh luath is a shainaithneofar iad, déanfar tosaíocht de na ceantair seo le haghaidh infheistíocht straitéiseach. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Tá clár leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin lena sholáthar faoi Chlár Caipitil reatha CCBÁC. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC an comhoibriú le gach roinn, rannóg agus oifig iomchuí de chuid na Comhairle a neartú. | De réir mar is gá |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Leanfaidh an clár infheistíochta caipitiúla rollach, lena leithdháiltear caipiteal suntasach le haghaidh tionscadail mhóra thar thréimhse trí bliana, d'oibreacha atá beartaithe cheana do Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh, an Baile Gaelach, srl. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC | Cinnteoidh CCBÁC go dtiocfaidh, le gach infheistíocht chaipitiúil úr agus le feabhsúcháin chaipitil ar bhonneagar atá ann cheana, deiseanna le haghaidh rochtain fheabhsaithe do dhaoine ar gach cumas. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Saoráidí Spóirt & Áineasa CCBÁC (fophointe) | Beidh Spórt agus Áineas CCBÁC ag comhoibriú le forbairt na bhfeabhsúchán bonneagair i gcomhthéacs na spriocanna agus na gcuspóirí atá leagtha amach faoi iarrachtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar an gcéad phríomhchathair uathachas-bháúil ar domhan, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar sholáthar seomraí céadfacha. Bonneagar agus cláir. | Ar bun fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Déanfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC infheistíocht i saoráidí áineasa sábháilte dea-chaighdeáin, rud a shaibhreoidh spásanna poiblí ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath. Tacóidh Spórt agus Áineas CCBÁC le húsáid chruthaitheach pleanáilte na spásanna poiblí, go háirithe maidir le soláthar Roinn Páirceanna CCBÁC, Pleanáil CCBÁC mar aon le ranna, rannóga agus oifigí ábhartha eile. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Bainfidh Spórt agus Áineas CCBÁC leas as an uirlis mhapála chun léarscáil agus taifead cruinn a dhéanamh de na saoráidí agus bonneagar atá ar fáil. Cuirfidh sé lena gcuspóir maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath a bheith níos gníomhaí níos minice. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Déanfar Oifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na spásanna glasa / oscailte agus páirceanna ar fad. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Tá measúnacht ar spásanna glasa / oscailte agus páirceanna i gCathair Bhaile Átha Cliath le déanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí fisiceacha agus áineasa. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Déanfaidh CCBÁC breithniú ar an lá súgartha náisiúnta a reáchtáiltear gach bliain i gCearnóg Mhuirfean, a leathnú go dtí páirceanna eile i gCathair Bhaile Átha Cliath chun imeacht don chathair ar fad a dhéanamh de a bheadh insroichte ag bunús na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Súgartha, beidh Spórt agus Áineas CCBÁC ag comhoibriú le Páirceanna CCBÁC i dtaca leis an iniúchóireacht leorgachta súgartha a bhfuil siad ag gabháil di. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bonneagar | Spásanna Glasa/ Oscailte | Tá Spórt agus Áineas CCBÁC le Scoil Rothaíochta píolótach a reáchtáil chun scileanna rothaíochta áineasa agus praiticiúla a sholáthar don phobal, agus béim ann ar an tsábháilteacht. Déanfar scileanna loingseoireachta bóithre mar aon le feasacht feithiclí agus coisithe a theagasc. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Páirceanna Imeartha | CCBÁC le hiniúchóireacht iomlán a dhéanamh ar pháirceanna imeartha CCBÁC ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Páirceanna Imeartha | Déanfar staidéar féidearthachta chun comhpháirtíochtaí féideartha a fhiosrú le scoileanna, tríd an Roinn Oideachais agus comhlachtaí/institiúidí poiblí eile, a bhféadfadh sé páirceanna imeartha nach mbaintear lánúsáid astu a bheith ar fáil acu chun cabhrú le CCBÁC freastal ar an éileamh ar a gcuid páirceanna imeartha féin. Díreofar an staidéar ar dheiseanna chun saoráidí atá ann cheana a fháil ar cíos agus, chomh maith, ar scéimeanna féideartha cómhaoinithe le haghaidh forbraíochtaí as seo amach. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Páirceanna Imeartha | CCBÁC lena chinntiú go gcuimsíonn gach plean le haghaidh forbraíochtaí todhchaí (m.sh. forbraíochtaí tithíochta agus oifige) foráil le haghaidh spásanna agus áiseanna spóirt agus áineasa iomchuí. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Páirceanna Imeartha | Cuirfidh CCBÁC clár straitéiseach i bhfeidhm chun páirceanna uile-aimsire nua a sholáthar agus páirceanna uile-aimsire atá ann cheana a uasghrádú i gcomhréir le leithdháileadh ciste infheistíochta caipitiúla €8m mar chuid de Chlár Caipitil CCBÁC. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Uiscebhealaí | Rannóg Spóirt & Áineasa CCBÁC leis an uirlis mhapála a úsáid chun gach linn snámha, uiscebhealach, stráice cósta, canáil & abhainn atá ar fáil i gCathair Bhaile Átha Cliath a aibhsiú chun deiseanna féideartha lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt & áineasa a shainaithint. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bonneagar | Uiscebhealaí | Tá staidéar féidearthachta ar fhéidearthachtaí i dtaca le linnte modúlacha, linnte snámha iniompartha, linnte snámha poiblí allamuigh agus linnte poiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath lena dhéanamh agus díreofar aird chuí ar shamplaí ábhartha as cathracha eile. | Bliain 2 |
| Bonneagar | Uiscebhealaí | Spórt agus Áineas CCBÁC le hOifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na linnte, na n-uiscebhealaí, na stráicí cósta, na gcanálacha agus na n-aibhneacha go léir. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Uiscebhealaí | Cuirfear Plean Saoráidí Uisce Faoin Aer CCBÁC, atá á fhorbairt i láthair na huaire, i bhfeidhm ina iomláine chomh luath is a bheidh sé réidh. Mar atá luaite sa straitéis atá ag teacht chun cinn sa Phlean, beidh sé d’aidhm leis níos mó daoine a bheith gníomhach ar ár gcuid uiscebhealaí lena n-áirítear aibhneacha, canálacha, ceantair dugaí, tránna, agus limistéir uisce oscailte. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | CCBÁC le tosaíocht a dhéanamh de shiúlbhealaí agus de rotharbhealaí níos sábháilte go dtí agus ó scoileanna, ionaid phobail, moil áineasa agus saoráidí spóirt CCBÁC chun rochtain níos éasca ar shaoráidí atá ann cheana a chur chun cinn. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | Déanfar bealach/bealaí leanúnacha siúil, rothaíochta agus uisce a bhunú thart ar Chathair Bhaile Átha Cliath faoi mheirge Bhaile Átha Cliath Ghníomhaigh. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | Spórt agus Áineas CCBÁC le hOifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnacht na mbóithre, sráideanna, cosán agus lánaí rothair uile. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | Spórt agus Áineas CCBÁC lena chinntiú go gcuimseofar iad agus go mbeidh siad san áireamh i ngach mórthionscadal caipitil de chuid CCBÁC, i bpleananna ceantair áitiúil agus i máistirphleananna, agus sa phleanáil nó san iniúchóireacht phobail le haghaidh forbraíochtaí móra tithíochta. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | Mar atá luaite sa Straitéis Súgartha, tacóidh CCBÁC le hiniúchadh leorgachta súgartha, rud a bhféadfaí é a úsáid mar chuid den bhonn eolais faoi fhorbairt phlean ‘Sráideanna Gníomhacha’, arbh é ab aidhm leis sráideanna súgartha a chothú trí chleas na bacóide agus suiteálacha spontáineacha eile a chur chun cinn. | Bliain 1 |
| Bonneagar | Pleanáil Chun Cinn | Spórt agus Áineas CCBÁC le foinsí maoinithe a shainaithint, amhail scéim an bhonneagair áineasa allamuigh, chun tacú le cuid de na tionscnaimh atá beartaithe ar fud na cathrach. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh | Cloífidh CCBÁC le spriocanna astaíochta carbóin agus fuinnimh Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus muid ag seachadadh na dtionscnamh agus na gclár i bPlean Spóirt úr CCBÁC 2024-29. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh | Déanfaidh CCBÁC ailíniú leis an gClár Pathfinder atá ann cheana, rud atá ríthábhachtach maidir le forfheidhmiú an Bheartais Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh | Cinnteoidh CCBÁC go mbeidh fócas inbhuanaitheachta ar gach tionscadal Forbartha Bonneagair Seirbhísí Spóirt agus Áineasa. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Inbhuanaitheacht Timpeallachta & Bainistiú Fuinnimh (fophointe) | Déanfaidh CCBÁC measúnú dícharbónaithe ar shaoráidí áineasa eile atá níos lú agus cruthóidh treochlár don dícharbónú agus chun gach córas atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a laghdú/dhíbirt. | Ar bun fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bonneagar | Inbhuanaitheacht Chomhshaoil & Bainistiú Fuinnimh | Cinnteoidh CCBÁC go mbeifear meabhrach ar chúrsaí comhshaoil agus fuinnimh agus na hoibreacha iarfheistithe agus cothabhála uile i saoráidí de chuid Rannóg Spóirt agus Áineasa CCBÁC idir lámha. | Ar bun fós |
| Bonneagar | Ionaid Áineasa | Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú ar an bplean bliantúil reatha do na hIonaid Áineasa chun plean straitéiseach cúig bliana a fhorbairt. | Bliain 2 |
| Bonneagar | Ionaid Áineasa | Cinnteoidh CCBÁC go bhforbrófar clár aonair le haghaidh gach ionad áineasa. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Oibreoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Baile Átha Cliath Gníomhach chun stádas Lipéad Chathair Ghníomhach Dhomhanda a bhaint amach faoi chreat GAPPA le linn chreat ama comhaontaithe. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Mar chuid den chomhoibriú thuas, oibreoidh coiste stiúrtha na Cathrach Gníomhaí le Foireann CCBÁC chun iarrachtaí a chomhordú i ngach ceann de na 5 fho réimse riaracháin. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Áireofar seimineár bliantúil le Tionscnaimh Chathair Ghníomhach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun samplaí dea chleachtais a roinnt, chun tionscnaimh nua a thabhairt isteach don bhliain atá le teacht, chun nuashonruithe fianaisebhunaithe ar chláreagrú go dtí seo a chur ar fáil agus chun tuairisc a thabhairt faoin dul chun cinn i dtreo an Stádas Cathair Ghníomhach Dhomhanda a bhaint amach. | go Bliantúil |
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Nascfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Cathair Ghníomhach dhomhanda eile a bhfuil deimhniú GAPPA bainte amach acu agus oibreoidh sí leo maidir le meantóireacht, comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a mhalartú. | Ar bun fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Cruthóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath branda uileghabhálach 'Baile Átha Cliath Gníomhach' le roinnt fobhrandaí. Tabharfaidh sé sin raon ardán chun cláir, tionscnaimh, pleananna, acmhainní, uirlisí agus teimpléid nasctha leis an gcoincheap 'Gníomhach' laistigh agus lasmuigh de CCBÁC a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Baile Átha Cliath Gníomhach | Beidh Taisteal Gníomhach ina phríomhghné de bhranda Bhaile Átha Cliath Gníomhach le béim ar dheiseanna feabhsaithe a chruthú don iompar inbhuanaithe, gníomhach ar fud na cathrach. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Úsáidfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sainmhíniú an Achta um Spórt Éireann, 2015 ar ghníomhaíocht fhisiciúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le raon féideartha gníomhaíochta a chumhdaíonn cláir agus tionscnaimh na Rannóige Seirbhísí Spóirt agus Áineasa ar a n-áirítear raon leathan spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil; | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Spriocghrúpa tábhachtach den straitéis seo is ea leanaí in aois scoile. Leanfar ag seachadadh cláir Scoileanna Gníomhacha mar ghné chomhsheasmhach i bhféilire na scoile. | Bliain 2 |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Sainaithneoidh CCBÁC cláir nuálacha nua atá ag teacht aníos do scoileanna agus leanfaidh sí leis sraith na gcroíchlár a chuirimid ar fáil faoi láthair do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhreisiú sna 5 limistéar riaracháin i gCathair Bhaile Átha Cliath. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Fiosróidh CCBÁC forbairt Sheachtain na Folláine do leanaí agus déagóirí le páirtithe leasmhara ábhartha eile. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Díreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC gníomhaíochtaí ar spriocghrúpaí a bhfuil claonadh acu gan a bheith chomh gníomhach. | Ar bun fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Oibreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC le Bainisteoirí Ionaid chun na cláir a chuireann siad ar fáil a scrúdú agus a athfhorbairt. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Spriocghrúpaí | Oibreoidh CCBÁC go dlúth le hUiscebhealaí Éireann i gcomhréir lena straitéis 10 mbliana a forbraíodh le déanaí chun cláir ábhartha uiscebhunaithe a chur ar fáil. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Cumasóidh CCBÁC comhpháirtíochtaí agus cuirfidh sé i bhfeidhm clár imeachtaí oll-rannpháirtíochta: | Bliain 2 |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Scrúdóidh agus forbróidh CCBÁC tograí le príomhpháirtithe leasmhara chun comhdháil/seimineár spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla débhliantúil a óstáil chun pleananna, smaointe, agus tionscnaimh don cheantar a chur chun cinn agus a ailíniú i rith na bliana. | Bliain 2 |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Úsáidfear cúig fhóram spóirt áitiúla (féach Colún Eagraíochta) mar struchtúr forfheidhmithe áitiúil don Phlean Spóirt. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | I ngach plean forbartha CCBÁC as seo amach, inmheánach don Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa, chomh maith le as rannóga, oifigí, agus ranna eile cosúil le Pleanáil, déanfar breithniú ar riachtanais áitiúla i ndáil le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Cumhachtóidh Spóirt agus Áineas CCBÁC pobail chun na cláir a reáchtáil iad féin. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Leagfaidh CCBÁC béim ar cheannairí a chruthú sa phobal. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Baileoidh Oifigigh Spóirt sna cúig cheantar faisnéis maidir le clubanna cleamhnaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na seirbhísí atá ar fáil i gceantair agus chun bealach cumarsáide agus líonra clubanna a chruthú. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Díreoidh Spórt agus Áineas CCBÁC ar phríomh-chomhpháirtithe agus ailínithe le pleananna reatha atá ábhartha do Spóirt agus Áineas. Gabhfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC air féin daoine aonair atá freagrach as na straitéisí seo, laistigh agus lasmuigh de CCBÁC, a lorg agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh leo agus caidrimh oibre tháirgiúla agus teagmháil rialta a dhéanamh leo. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Leagfaidh Spórt agus Áineas CCBÁC tábhacht shuntasach ar a gcomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí neamhrialtasacha. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Oibreoidh Spóirt agus Áineas CCBÁC go dlúth le Páirceanna CCBÁC i ndáil le forbairt clár agus bonneagair amach anseo. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Comhpháirtíochtaí | Aithníonn Spóirt agus Áineas CCBÁC go bhfuil tionchar an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla forleathan agus go rachaidh sé i ngleic go héifeachtach le comhpháirtithe, comhlachtaí agus beartais ábhartha a bhfuil sainchúram spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla acu. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Tabharfaidh Spóirt agus Áineas CCBÁC faoi thaighde chun leibhéil ghníomhaíochta i mBaile Átha Cliath a rianú agus a mhonatóiriú. | Bliain 2 |
| Cláreagrú | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Tabharfar faoi thaighde freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhacainní reatha le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil i mBaile Átha Cliath. | Bliain 2 |
| Cláreagrú | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Fiosróidh Spórt agus Áineas CCBÁC comhpháirtíochtaí le cabhrú leis an taighde thuasluaite. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Oibreoidh Spóirt agus Áineas CCBÁC le hionaid, foireann, oifigigh forbartha spóirt agus oifigigh chómhaoinithe Spóirt agus Áineasa CCBÁC chun a mbreithnithe a bhailiú óna gcuid oibre laethúil sa phobal. | Ar bun fós |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cláreagrú | Faoi Stiúir Sonraí agus Léargas | Rachaidh CCBÁC i ngleic le comhlachtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha freisin, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine as cúlra mionlach nó imeallaithe. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Margaíocht agus Cumarsáid | Cuirfidh CCBÁC clár comhordaithe Margaíochta & Cumarsáide i bhfeidhm chun feasacht faoi na saoráidí agus cláreagrú atá ag CCBÁC cheana féin a mhéadú, agus beidh straitéis thiomnaithe ar na meáin shóisialta san áireamh ann. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Margaíocht agus Cumarsáid | Pleanálfar feachtais spriocdhírithe ag eatraimh éagsúla i rith na bliana le tacú le príomhthionscnaimh. | Ar bun fós |
| Cláreagrú | Margaíocht agus Cumarsáid | Sainaithneofar 'Laochra Spóirt' áitiúla le haghaidh gach ceann de na 5 Cheantar Bhardasacha agus tabharfar aitheantas dóibh le Duaiseanna an Ardmhéara. | Bliain 1 |
| Cláreagrú | Margaíocht agus Cumarsáid | Cuirfear béim ar leith ar fheasacht faoi ghníomhaíocht allamuigh agus cineálacha gníomhaíochta fisiciúla spontáiní ó lá go lá, cuir i gcás Taisteal Gníomhach, a mhéadú. | Ar bun fós |
| Eagrúchán | Struchtúr na hEagraíochta | Déanfaidh CCBÁC struchtúr na heagraíochta sa Rannóg Seirbhísí Spóirt agus Áineasa a athdhearadh lena chinntiú go mbeidh sé i gcomhréir leis an bPlean Spóirt agus chun seachadadh éifeachtach na spriocthorthaí a éascú. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eagrúchán | Struchtúr na hEagraíochta | Cruthóidh CCBÁC Fóraim Áitiúla Spóirt i ngach ceann de na cúig limistéar riaracháin i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Buailfidh na Fóraim Áitiúla Spóirt le chéile go tráthrialta (ar bhonn ráithiúil ar a laghad) agus cinnteoidh siad go bhfuil seachadadh áitiúil an Phlean Spóirt 'ar an talamh' éifeachtach, agus feidhmeoidh siad mar shásra chun aiseolas a thabhairt, riachtanais áitiúla a shainaithint, tacaíocht ar bhonn áitiúil a chinntiú do chláir/tionscnaimh, feasacht faoi ghníomhaíocht a mhéadú, agus dlúthnaisc agus caidreamh éifeachtach leis an bpobal áitiúil maidir le gníomhaíocht spóirt agus áineasa a chruthú go ginearálta. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Struchtúr na hEagraíochta | Beidh fócas agus sainchúram na bhFóram Spóirt Áitiúla dírithe ar chúrsaí 'ar an talamh' agus tacóidh siad le rolladh amach praiticiúil na gclár agus na dtionscnamh ina gceantar áitiúil agus cuirfidh siad naisc chuig na grúpaí pobail agus na comhlachtaí ábhartha atá gníomhach laistigh den cheantar ar fáil. Tabharfaidh na Fóraim Áitiúla Spóirt nuashonruithe rialta agus lorgóidh siad ionchur óna gCoiste Ceantair Áitiúil ar bhonn bliantúil. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Struchtúr na hEagraíochta | Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú agus ath shainmhíniú ar an struchtúr agus ar an ngaol idir CCBÁC agus Spórt Éireann chun samhail shaincheaptha a fhorbairt lena léireofar saintréithe uathúla Chathair Bhaile Átha Cliath. Tacaíonn Spórt Éireann le daoine a spreagadh tabhairt faoi ghníomhaíocht agus páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil trí Shamhail na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt. Is é CSFCBÁC feithicil CCBÁC do shamhail na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt de chuid Spórt Éireann. | Bliain 2 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eagrúchán | Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta | Oibreoidh CCBÁC trí shamhail chomhpháirtíochta chun comhpháirtithe ábhartha (inmheánacha agus seachtracha) a spreagadh chun tacú le seachadadh an Phlean Spóirt nua. | Ar bun fós |
| Eagrúchán | Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta | Fiosróidh CCBÁC tacaíocht bhreise agus comhoibriú breise le Comhairle na nÓg. Dul i ngleic leis an ngrúpa chun cuidiú le bacainní/dúshláin a shainaithint, saincheisteanna a ardú, deiseanna/smaointe a shainaithint, aiseolas a thabhairt faoina bhfuil/nach bhfuil ag obair, agus chun tuairim a thabhairt faoin tslí a ndéanaimid forbairt agus dul chun cinn ar ghníomhaíocht spóirt agus áineasa i gCathair Bhaile Átha Cliath | Ar bun fós |
| Eagrúchán | Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta | Déanfaidh CCBÁC 'Ambasadóirí Bhaile Átha Cliath Gníomhach' a earcú i ngach ceann de na cúig cheantar riaracháin chun feasacht, infheictheacht agus rannpháirtíocht a mhéadú maidir le spórt, áineas agus gníomhaíocht fhisiciúil. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta | Cinnteoidh CCBÁC go mbeidh soiléire ann ó thaobh ról agus freagrachtaí maidir le pleanáil i ndáil le spásanna oscailte agus tírdhreach cathrach ionas go mbeidh deis cainte ag lucht spóirt agus áineasa i bpléití faoi phleananna do na spásanna poiblí sin amach anseo | Ar bun fós |
| Eagrúchán | Samhail Thrasfheidhmeach/ Chomhpháirtíochta | Cuirfidh CCBÁC nuashonruithe ar stádas agus teachtaireachtaí maidir lenár bPlean Spóirt nua ar fáil do ranna, rannóga agus oifigí CCBÁC agus do Choistí Ceantair CCBÁC go tráthrialta, agus tabharfaidh sé nuashonruithe ginearálta don phobal lena chinntiú go mbeidh a thuilleadh infheictheachta ag cláir, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí beartaithe agus monatóireacht leanúnach ar sheachadadh, agus a thuilleadh feasachta fúthu, le linn shaolré an Phlean Spóirt. | Go ráithiúil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eagrúchán | Forbhreathnú Straitéise | Déanfaidh CCBÁC oifigeach sinsearach tiomnaithe (Grád 7) a cheapadh chun forbhreathnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Spóirt. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Forbhreathnú Straitéise | Tacóidh CCBÁC le straitéis Bhaile Átha Cliath Gníomhach agus treiseoidh sé í, trí rolladh amach na straitéise seo a phleanáil, a chomhordú agus forbhreathnú a dhéanamh uirthi. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Forbhreathnú Straitéise | Bainfidh CCBÁC úsáid as an M1 (beart ní aonair) ar dtús – beart féintuairiscithe atá bailíochtaithe go hidirnáisiúnta – mar an bpríomhbheart chun rátaí rannpháirtíochta i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a rianú. Leis an mbeart seo, déantar. scála na ndaoine a thuairiscíonn iad féin mar 'Éighníomhach', 'Measartha Gníomhach' nó 'Gníomhach' a rianú Déanfaimid imscrúdú ar an mbeart PTF uathúil is gá chun leibhéil ghníomhaíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath a léiriú go cruinn, áfach, trínár gcomhpháirtíochtaí agus trínár dtiomantas do shamhail sonraí. | Ar bun fós |
| Eagrúchán | Forbhreathnú Straitéise | Déanfaidh CCBÁC athbhreithnithe eatramhacha ar an bPlean Spóirt i mBliain 2 agus i mBliain 4 den chur i bhfeidhm. | De réir mar is gá |
| Eagrúchán | Samhail Oibríochtúil | Déanfaidh CCBÁC athbhreithniú ar a indéanta a bheadh sé an tsamhail oibríochtúil a úsáidtear in Swan Leisure Centre a leathnú amach chuig Saoráidí Spóirt CCBÁC eile ar bhonn píolótach nuair is féidir. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Samhail Oibríochtúil | Cinnteoidh CCBÁC go mbeidh oifigigh spóirt i ngach ceann de na cúig limistéar riaracháin, i gcomhréir leis na moltaí sa Cholún Eagraíochta thuas, chun éifeachtacht sholáthar na gclár i ngach ceann de na ceantair a mhéadú agus chun cuidiú le gníomhaíocht a bhaineann le plean Chathair Bhaile Átha Cliath a bhrú chun cinn. | Bliain 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eagrúchán | Samhail Oibríochtúil | Leasóidh CCBÁC ról na nOifigeach Spóirt chun béim a chur ar a thábhachtaí atá an ghné 'trúpaí ar an talamh' a bhaineann leo agus ar an tionchar agus an éifeacht a bhíonn ag rannpháirtíocht phobail chun na spriocthorthaí sa Phlean Spóirt a bhaint amach. | Bliain 1 |
| Eagrúchán | Samhail Oibríochtúil | Leagfaidh CCBÁC torthaí agus spriocanna soiléire amach don Oifigeach Spóirt – agus an sprioc faoin mbeart aonair M1 ina príomhsprioc – lena chinntiú go ndíreofar níos mó ar thionchar agus chun a chur ar a gcumas dóibh tosaíocht a thabhairt dá gcuid oibre chun na torthaí agus spriocanna comhaontaithe a sheachadadh. | Go ráithiúil |
| Eagrúchán | Samhail Oibríochtúil | Bunóidh CCBÁC fóraim thráthrialta le go bhféadfaidh Oifigigh Spóirt faisnéis, smaointe, dea chleachtas a roinnt agus díriú ar fhoghlaim óna chéile chun torthaí níos fearr a bhaint amach ina róil. | Bliain 3 |
| Eagrúchán | Foireann | Faoin tsamhail eagraíochta nua, is tosaíocht é níos mó gastachta agus solúbthachta inár bhfoireann chun ár n uaillmhianta cláreagraithe a chomhlíonadh, chun rannpháirtíocht ár bhfostaithe a choinneáil ar bun agus chun freastal ar riachtanais mhuintir Bhaile Átha Cliath. | Ar bun fós |





# Aguisín 2
# Raon feidhme agus Cur chuige Tionscadail



## Raon feidhme Phlean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024-2029

**Tá treoir mhionsonraithe don tionscadal agus raon feidhme Phlean Spóirt CCBÁC 2024-2029 thíos, arna gcur ar fáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:**

| | |
|---|---|
| Riachtanais Bhonneagair CCBÁC; | » Na ceantair sa chathair ina bhféadfaí Moil Spóirt a thógáil a shainaithint<br>» Athbhreithniú ar an tSamhail Oibríochtúil (lena n áirítear Anailís Costais is Tairbhe, Plean Gnó, Struchtúr Praghsála, Socruithe Bainistíochta Saoráidí, Comhpháirtíochtaí Féideartha, etc…)<br>» Inbhuanaitheacht / Bainistíocht Fuinnimh / Breithnithe Comhshaoil<br>» Iniúchadh saoráidí (ar a n-áireofar sainaithint ceanglais uasghrádaithe)<br>» Cuíchóiriú saoráidí reatha<br>» Clár Caipitil CCBÁC – sceideal molta oibreacha. |
| Riachtanais Bheartais & Cláreagraithe CCBÁC | » Athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil faoi láthair ó thaobh clár agus seirbhísí de (lena n áirítear athbhreithniú criticiúil ar rannpháirtíocht leanúnach CSFCBÁC i gcur chun cinn feachtas agus tionscnamh náisiúnta gníomhaíochta fisicí agus luach na bhfeachtas agus clár sin i gcoinne na n acmhainní a shanntar dóibh<br>» Athbhreithniú a dhéanamh ar CSFCBÁC, ar a struchtúr foirne agus anailís chriticiúil ar cé chomh maith agus atá sé ag feidhmiú laistigh den tsamhail reatha, i.e. mar chuid de líonra CÁS ar fud na tíre (Spórt Éireann) agus mar chuid de<br>» Shamhail Oifigigh Forbartha cómhaoinithe i Rannóg Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíocha CCBÁC – cé chomh maith agus atá sé sin ag obair? Athbhreithniú ar Cheannteidil Comhaontuithe srl... |
| Ceanglais Straitéise Spóirt & Áineasa; | » Ailíniú agus sineirgí le beartais/pleananna náisiúnta agus corparáideacha atá ann cheana féin<br>» Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara / Athbhreithniú ar thírdhreach reatha ó thaobh páirtithe leasmhara<br>» Forbairt Maoine Pobail<br>» Cathracha Gníomhacha<br>» Anailís ar na Bearnaí (ó thaobh Bonneagair agus sholáthar na gclár)<br>» Fás Daonra Amach Anseo<br>» Maoiniú<br>» Rochtain<br>» Rannpháirtíocht Phobail<br>» Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna reatha earcaíochta<br>» Athbhreithniú ar Oiliúint Foirne<br>» Bacainní ar rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil agus moltaí chun aghaidh a thabhairt air sin.<br>» Treochtaí / deiseanna atá ag teacht chun cinn i réimse an spóirt agus na gníomhaíochta fisicí<br>» Plean Margaíochta & Cumarsáide<br>» Athbhreithniú ar PTF – cén chaoi a ndéanaimid an rath a thomhas? Sonraí bunlíne / cáilíochtúla i gcoinne cainníochtúla<br>» Plean Gníomhaíochta ina bhfuil na príomhléargais, conclúidí, moltaí agus beartaithe réalaíocha intomhaiste |

## Modheolaíocht an Chur Chuige

| MÁRTA 2023 | AIBREÁN 2023 | BEALTAINE 2023 | MEITHEAMH 2023 | IÚIL 2023 | LÚNASA 2023 | MEÁN FÓMHAIR 2023 | DEIREADH FÓMHAIR 2023 | SAMHAIN 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| Taighde Deisce | Comhairliúchán agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara | Forbairt Straitéise | Athbhreithniú agus faomhadh |
|---|---|---|---|
| Athbhreithniú ar pholasaithe agus creata reatha de chuid CCBÁC Tagarmharcáil an dea-chleachtais ó phleananna spóirt bardasacha ar bhonn domhanda. Ionchorprú na mbeartas spóirt, gníomhaíochta coirp agus rannpháirtíochta náisiúnta agus áitiúla. | **Agallaimh:** 44 agallamh le páirtithe leasmhara éagsúla<br>**Ceardlanna:** 5 x ceardlann straitéise 120-nóiméad<br>**Suirbhéanna:** Seoladh agus rinneadh sainscagadh agus anailís ar 3 shuirbhé – Pobal, Úsáideoir Shaoráid CCBÁC agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR)/Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNR) | Tar éis comhairliúchán le páirtithe leasmhara, forbraíodh tuarascáil achomair anailíse mhionsonraithe lenar bunaíodh riachtanais straitéiseacha an Phlean Spóirt.<br>Ina dhiaidh seo, reáchtáladh roinnt seisiún ceardlainne chun plé a dhéanamh ar an tuarascáil achomair a bhí ag teacht chun cinn, chun bailchríoch a chur ar chuspóir, fís agus misean an tionscnaimh. | Rinneadh Straitéis deiridh Phlean Spóirt Chathair Bhaile Átha Cliath 2024-2029 a athbhreithniú, a atriail agus a chur isteach lena faomhadh i mí Eanáir 2024. |

## Comhairliúchán Páirtí Leasmhar

### 65 Agallamh & Cruinniú

San iomlán, éascaíodh **65** ócáid chomhoibritheacha rannpháirteachais le linn phróiseas forbartha na straitéise.

Ar na hócáidí rannpháirteachais sin, bhí cruinnithe le comhpháirtithe straitéiseacha inmheánacha agus seachtracha a sainaithníodh.

(Féach Aguisín le haghaidh liosta iomlán d'ócáidí comhoibritheacha rannpháirteachais).

### 1,505 Freagra Suirbhé

Tháinig **1,505** freagra ar shuirbhéanna éagsúla a seoladh ó thús deireadh phróiseas forbartha an phlean úir spóirt:

Poiblí - 1,267 freagra

Úsáideoir Saoráide - 200 freagra

ENR/CNR – 38 freagra

### 20+ Cuairt ar Shuíomhanna CCBÁC

De bhreis air sin, tugadh níos mó ná **20** cuairt suímh ar Ionaid Spóirt agus Áineasa agus ar Ionaid Chaitheamh Aimsire de chuid CCBÁC.

Leis na cuairteanna sin, bhíothas in ann anailís a dhéanamh ar dheisriocht reatha na saoráidí atá ann cheana agus fuarthas deis chun bualadh le bainisteoirí na n-ionad agus le húsáideoirí saoráide.







# Aguisín 3
# Straitéisí agus Beartais Reatha Ábhartha atá mar bhuntaca le Plean Spóirt CCBÁC 2024-29



## Éirigh Gníomhach in Éirinn; Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil;




**Beartas:** Tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil cur leis an méid gníomhaíochta fisiciúla a dhéantar i measc an daonra trí stíleanna maireachtála míshláintiúla a leasú agus feasacht faoi na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn. An cuspóir atá leis ná méadú 1% in aghaidh na bliana a chur ar gníomhaíocht fhisiciúil tráthrialta i measc daoine ar gach aois ach go háirithe i measc leanaí, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus daoine fásta níos sine.

**Tionchar:** Tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil cur le leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla ar fud na tíre. Cé go bhfuil Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dírithe ar Chathair Bhaile Átha Cliath agus sin amháin, beidh sé ailínithe le beartas náisiúnta chun treoirlínte iomchuí a chur ar fáil lena chinntiú go mbeidh Baile Átha Cliath ar an gcathair is gníomhaí in Éirinn.


## An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027;




**Beartas:** Leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 na cuspóirí beartais fadtéarmacha a bhfuil mar aidhm acu rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn a mhéadú. Tá 57 ngníomh sa bheartas thar thrí phríomhcholún maidir le rannpháirtíocht a mhéadú, ardfheidhmíocht a fheabhsú, agus acmhainn agus cumais a fhorbairt.

**Tionchar:** Cuireann an Beartas Náisiúnta Spóirt ar a cumas do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a beartas spóirt agus a tionscnaimh chláreagraithe a thagarmharcáil, ar beartas agus tionscnaimh iad a bhfuil mar aidhm acu rannpháirtíocht a mhéadú agus acmhainn agus cumais a fhorbairt trí úsáid a bhaint as tagarmharcáil, méadrachtaí, spriocanna agus cuspóirí.

## Éire Óg: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga (0-24) 2023-2028;




**Beartas:** Tá an creat beartais nua beartaithe le bheith ina bhonn eolais d'obair thras Rialtais do leanaí agus do dhaoine óga le linn na tréimhse 2023-2028 agus féachann sé le leanaí agus daoine óga a chur i gcroílár an bheartais.

**Tionchar:** Cuideoidh an creat le buntaca a chur faoin tslí a dtabharfar aghaidh, i bPlean Spóirt nua CCBÁC 2024 - 2029, ar na saincheisteanna is práinní do leanaí agus do dhaoine óga i ndáil le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil.

## Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021–2025;


**Beartas:** Tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025 caitheamh tobac, úsáid alcóil, aistí bia míshláintiúla, easpa gníomhaíochta fisiciúla, agus murtall a laghdú, agus sláinte agus folláine a chur chun cinn.




**Tionchar:** Leis na tionscnaimh i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil, cuideofar lena bhfuil i bPlean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024-2029 chun cónaitheoirí agus cuairteoirí ar Chathair Bhaile Átha Cliath a spreagadh chun tabhairt faoi stíleanna maireachtála níos sláintiúla a bheith gníomhach níos minice.

## Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2027

**Beartas:** Forbraíodh Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2027 d'fhonn cur chuige comhordaithe ar fud na cathrach a ghlacadh maidir le saoráidí súgartha ardchaighdeáin, inrochtana agus ionchuimsitheacha a fhorbairt, chomh maith le deiseanna súgartha laethúla a fhorbairt do na leanaí agus do na daoine óga ar fad.




**Tionchar:** Trí ghnéithe de Straitéis Súgartha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a ionchorprú sa Phlean Spóirt nua 2024-29, cinntítear go gcuimseofar na déimeagrafaic ar fad agus go gcuirfear spásanna sábháilte ar fáil do leanaí le bheith gníomhach agus le nósanna sláintiúla a chur ar bun go luath ina saol.

## Plean Rannpháirtíochta Spórt Éireann 2021–2024;


**Beartas:** Tá sé cholún i bPlean Rannpháirtíochta Spórt Éireann 2021-2024; Beartais Ghníomhacha, Prionsabail Ghníomhacha, Daoine Gníomhacha, Áiteanna Gníomhacha, Comhpháirtithe Gníomhacha, agus Cur Chun Cinn Gníomhach. Is é sprioc an phlean ná cultúr a chruthú ina spreagfar gach duine in Éirinn a bheith rannpháirteach go gníomhach i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil, ina dtacófar leo agus ina gcuirfear ar a gcumas é sin a dhéanamh.




**Tionchar:** Cathair Bhaile Átha Cliath; Níos Gníomhaí, Níos Minice is ea an cuspóir atá ag an bPlean Spóirt nua. Trí na colúin ghníomhacha a chruthaigh Spórt Éireann a úsáid ar an leibhéal áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath, cuideofar linn ár bhfís a bhaint amach, is é sin, go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan.

## Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2023;


**Beartas:** Tugtar tosaíocht i bPlean Gníomhaíochta Sláintecare 2023 do chur i bhfeidhm dhá chlár athchóirithe. Díríonn clár a haon ar shábháilteacht a fheabhsú, rochtain thráthúil ar chúram agus sláinte agus folláine a chur chun cinn. Díríonn clár a dó ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte agus oibriú i dtreo cúram sláinte uilíoch.




**Tionchar:** Trí bhíthin cuspóir bunúsach, fís bhunúsach agus misean bunúsach Phlean Spóirt nua Bhaile Átha Cliath 2024-29 a bhaint amach, agus trí chur i bhfeidhm rathúil ár spriocanna agus cuspóirí, cuideofar leis an Roinn Sláinte a gcuid spriocanna beartais a bhaint amach maidir le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus éagothroime sláinte a laghdú i gCathair Bhaile Átha Cliath.

## Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: Baile Átha Cliath atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030 Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide 2024-2029;

**Beartas:** Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide CCBÁC na bearta a dhéanfaidh an Chomhairle Cathrach chun cathair Bhaile Átha Cliath, agus a muintir a ullmhú le haghaidh thionchair an athraithe aeráide atá ar eolas.




**Tionchar:** Caithfear ailíniú a bheith ann idir an Plean Spóirt nua agus Baile Átha Cliath atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030 lena chinntiú go mbeidh aon tionscnamh nó infheistíocht a thiocfaidh as an bPlean Spóirt nua 2024-2029 freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus inbhuanaithe, agus go gcuirfidh siad leis na spriocanna a leagtar amach sa CAP.

## Forbairt Maoine Pobail i bPlean Bhaile Átha Cliath;

**Beartas:** Is tionscnamh forásach é an plean um fhorbairt maoine pobail lena spreagtar deiseanna áitiúla agus forbairt eacnamaíoch i gCathair Bhaile Átha Cliath.




**Tionchar:** Trí dheiseanna áitiúla le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar fáil i gcomhar leis an tionscnamh um fhorbairt maoine pobail, tabharfaidh tacaíocht dá bpobail fás agus forbairt thar thréimhse na dtionscnamh seo.

## Cathracha Gníomhacha;




**Beartas:** Tá tionscadal Cathracha Gníomhacha de chuid Spórt Éireann dírithe ar pháirt a thabhairt do phobail ar fud na tíre trí thacú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh oideachais, cúrsaí sóisialta nó eacnamaíochta de, nó daoine faoi mhíchumas a bheith níos gníomhaí.

**Tionchar:** Go bunúsach, baineann an clár Cathracha Gníomhacha le daoine a spreagadh le bheith níos gníomhaí níos minice. Trí oibriú le Coiste Bhaile Átha Cliath de Chathracha Gníomhacha, cuirfear ar a chumas do Phlean Spóirt nua CCBÁC 2024-29 daoine i gCathair Bhaile Átha Cliath a spreagadh le bheith níos gníomhaí níos minice.

## Plean Gníomhaíochta Domhanda don Ghníomhaíocht Fhisiciúil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte;




**Beartas:** Plean Gníomhaíochta Domhanda don Ghníomhaíocht Fhisiciúil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (GAPPA), atá dírithe ar na daoine is éighníomhaí a spreagadh le bheith gníomhach.

**Tionchar:** Príomhfhócas de Phlean Spóirt nua Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024-29 é dul i ngleic le spriocghrúpaí a eisítear iad nó a mbíonn drogall orthu de ghnáth a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil.

## Plean Gnó Saoráidí Uisce Faoin Aer Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;




**Beartas:** Tá sé mar aidhm ag an bplean seo, atá á fhorbairt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi láthair, leas a bhaint as na huiscebhealaí (Aibhneacha, Canálacha, Uisce Faoin Aer, Ceantar na nDugaí) trí raon leathan clár agus gníomhaíochtaí.

**Tionchar:** Is príomhchuid de Phlean Spóirt nua CCBÁC 2024-2029 é níos mó daoine a spreagadh le bheith níos gníomhaí trí leas níos fearr a bhaint as Uiscebhealaí Bhaile Átha Cliath




## Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022 2028;



**Beartas:** Leagtar amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 an chaoi a bhforbróidh an chathair chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí, na n-oibrithe agus na gcuairteoirí go léir ar Chathair Bhaile Átha Cliath

**Tionchar:** Tá sé d'aidhm ag an bplean forbartha cathrach agus ag an bplean spóirt nua araon feabhas a chur ar cháilíocht saoil dá cónaitheoirí, agus a chinntiú gur áit tharraingteach í Cathair Bhaile Átha Cliath le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt uirthi. Sa Phlean Spóirt, cuirfear le roinnt de na tionscnaimh a bhfuil gearrchuntas orthu cheana féin sa Phlean Forbartha.

## Straitéis Pháirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2019-2022;




**Beartas:** Leagtar amach i Straitéis Pháirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath an raon leathan acmhainní agus seirbhísí atá i bpunann na Seirbhísí Páirceanna agus luaitear an beartas reatha agus na gníomhartha beartaithe chun an fhís straitéiseach de Bhaile Átha Cliath níos glaise agus níos deise le bheith i do chónaí ann a bhaint amach.

**Tionchar:** Tá Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar cheann de na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an bPlean Spóirt nua a fhorbairt. Is ríthábhachtach é, le go n éireoidh leis an bPlean Spóirt, oibriú agus comhoibriú i ndlúthchomhar leis na Seirbhísí Páirceanna agus iad ag déanamh formhaoirseacht ar oibriú na spásanna glasa oscailte i gCathair Bhaile Átha Cliath.

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2016-2021;




**Beartas:** Tá sé mar aidhm ag Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath cathair a fhás agus a chothabháil ar cathair í a bheidh bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, an cheartais shóisialta agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus ina bhfreastalóidh geilleagar áitiúil láidir ar riachtanais an phobail áitiúil.

**Tionchar:** Is téama lárnach í an ghné 'pobail áitiúil' den phlean Eacnamaíochta agus Pobail a fhéachfar lena ionchorprú sa phlean spóirt nua lena chinntiú go mbeidh na pobail áitiúla ar fad i mBaile Átha Cliath in ann a gcumas maidir le bheith níos gníomhaí níos minice a uasmhéadú.

# Aguisín 4
# Eolas Breise maidir le Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath



## Treoirlínte don Ghníomhaíocht Fhisiciúil

- **Treoirlínte do leanaí agus daoine óga (2-18 mbliana d'aois)**

  Ba cheart go mbeadh gach leanbh agus duine óg gníomhach, ar leibhéal meánach go bríomhar, ar feadh 60 nóiméad ar a laghad gach lá. Déan cleachtaí chun matáin a láidriú, solúbthacht a fheabhsú, agus cnámha a láidriú trí huaire sa tseachtain.

- **Treoirlínte do dhaoine fásta (18-64 bliana d'aois)**

  Gníomhaíocht réasúnta dian ar feadh 30 nóiméad ar a laghad, cúig lá sa tseachtain (nó 150 nóiméad sa tseachtain).

- **Treoirlínte do dhaoine fásta níos sine (65+ bliana d'aois)**


  Gníomhaíocht réasúnta dian ar feadh 30 nóiméad ar a laghad, cúig lá sa tseachtain (nó 150 nóiméad sa tseachtain). Dírigh ar ghníomhaíocht aeróbach, láidriú matán agus cothromaíocht.

- **Treoirlínte do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas**

  Bíodh sé mar aidhm agat a bheith chomh gníomhach agus is féidir leis an míchumas, chun na treoirlínte do d'aoisghrúpa a chomhlíonadh. Treoirlínte Bímis Gníomhach, FSS, 2018.)

Léiríonn na sonraí sa tábla thíos an dúshlán a bhfuil aghaidh le tabhairt air. Tá leibhéil ghníomhaíochta daoine óga ar fud na hÉireann ró-íseal (ní dhéanann ach 17% de dhaoine 10-12 bliana d'aois leibhéal gníomhaíochta leordhóthanach agus laghdaítear an figiúr sin go dtí 10% i gcás daoine 12-18 mbliana d'aois!). Is eol dúinn freisin go bhfuil leibhéil ghníomhaíochtaí na ngrúpaí eile a leagtar béim orthu thuas cuid mhaith faoi bhun na leibhéal inmhianaithe.

## Leitheadúlacht mheasta na leibhéal de ghníomhaíocht choirp leordhóthanach





Rinneadh measúnú ar leibhéil gníomhaíochta coirp i measc páistí agus déagóirí le linn an **Staidéir ar Rannpháirtíocht Páistí sa Spórt** agus sa Ghníomhaíocht Choirp in 2018 agus tiomsaíodh sonraí i dtaca le daoine fásta le linn **Shuirbhé Éire Shláintiúil** in 2018.

# Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar cheann de cheithre údarás áitiúla i gContae Bhaile Átha Cliath. Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar an taobh ó thuaidh de Chathair Bhaile Átha Cliath, tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ar an taobh thiar di agus tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin ar an taobh ó dheas. Tá líne chósta 52km ar an taobh thoir de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n áirítear Calafort Bhaile Átha Cliath agus Inbhear na Life. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de chúig limistéar riaracháin, atá miondealaithe iad féin ina dToghlimistéir Áitiúla. Is mar seo a leanas na cúig limistéar riaracháin:

- **BÁC Thiar-Thuaidh**
- **BÁC Thuaidh-Lár**
- **BÁC Láir**
- **BÁC Theas-Lár**
- **BÁC Thoir Theas**








## Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: Ár nDaoine

**11.7%**
Cónaíonn 11.7% de Dhaonra na hÉireann i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**588,233**
Daonra Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**11.35%**
Faoi 2031 tá tuartha go dtiocfaidh an % seo d'fhás ar dhaonra Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**19%**
de dhaonra Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath os cionn aois scoir (195,664)

**38**
Bliain d'aois aois mheánach na ndaoine a chónaíonn i limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

## Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: In uimhreacha

**Tá an sciar is airde de náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa tír ag Cathair Bhaile Átha Cliath:**
De réir an Daonáirimh in 2022, is saoránaigh neamh-Éireannacha iad 17% den daonra i gCathair Bhaile Átha Cliath. Ar bhonn náisiúnta, is cóngaraí do 12% an figiúr do shaoránaigh neamh-Éireannacha. As na cónaitheoirí neamh-Éireannacha i gCathair Bhaile Átha Cliath, ba shaoránaigh de chuid na Brasaíle iad an grúpa ba mhó (11,188 duine) agus ina dhiaidh sin, saoránaigh de chuid na hIndia (10,308). Bhí 31,661 duine ina gcónaí i gCathair Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2022 a bhí tar éis aistriú chuig an gcathair sa bhliain roimh an daonáireamh – ba as áit éigin eile in Éirinn do 9,186 de na daoine seo. Bhí 2,279 Taistealaí ina gcónaí i gCathair Bhaile Átha Cliath in 2022. Ó thaobh na déshaoránachta de i mBaile Átha Cliath, ba í saoránacht Éireannach-SAM an grúpa ba mhó (3,229) agus ina dhiaidh sin Éireannach-RA (2,986)

**Tá próifíl sláinte níos ísle ag Cathair Bhaile Átha Cliath ná mar atá ag an gcuid eile den tír:**
In 2022, thuairiscigh 83% de dhaonra na hÉireann go raibh sláinte mhaith nó iontach maith acu, laghdú de 4% ó 2016. Ag 76%, ba í Cathair Bhaile Átha Cliath an ceantar inar thuairiscigh an sciar is lú de dhaoine go raibh sláinte iontach maith nó sláinte mhaith acu (449,248 duine). Cé go raibh 25,181 duine ann freisin a thuairiscigh sláinte olc nó sláinte iontach olc, ardú ó 22,021 in 2016.


**I mBaile Átha Cliath, thuairiscigh 21% den daonra (c.305,000) ar a laghad riocht sláinte fadmharthanach amháin:**
Astu seo, thuairiscigh beagnach 107,000 duine (7% de dhaonra an chontae) go raibh siad thíos go mór mór nó go mór le ar a laghad riocht nó deacracht fhadmharthanach amháin. Thuairiscigh 198,228 duine eile (14% de dhaonra an chontae) go raibh siad thíos méid éigin nó beagáinín le ar a laghad riocht nó deacracht fhadmharthanach amháin.

**Taistealaíonn c.260,600 duine isteach go Cathair Bhaile Átha Cliath chun na hoibre:**
Thiomáin beagnach 77,500 acu sin ar obair i ngluaisteán. Ó thaobh an taistil ghníomhaigh de, cuireadh an siúl síos don dara sciar is airde de chomaitéirí le beagnach 46,500 duine agus thaistil breis agus 26,600 duine ar rothar. Bhí na sciartha is airde de dhaoine a shiúil agus a tháinig ar rothar ag an gcathair, le 18% agus 10% faoi seach. D'úsáid breis agus 39,500 duine bus agus chuaigh beagnach 18,000 duine ar obair ar thraein/DART/LUAS. Ba iad na comaitéirí cathrach ba dhóchúla a thaistealódh ar bhus, le 15%.

**Tá c.698,900 duine os cionn 15 bliana d'aois fostaithe i mBaile Átha Cliath:**
Chuimsigh sé seo breis agus 300,200 duine atá fostaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath. Is ionann an ráta dífhostaíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath agus c. 9%. B'ionann ráta rannpháirtíochta an lucht saothair i gCathair Bhaile Átha Cliath agus 65%, lena n-áirítear 60% do mhná agus 70% d'fhir, rud a fhágann go raibh an ráta rannpháirtíochta is airde aici do mhná agus an dara ráta foriomlán is airde ar bhonn náisiúnta. Cé go mbíonn beagnach 119,800 duine i gCathair Bhaile Átha Cliath ag oibriú ón mbaile, ar a laghad cuid den am.







# Éirí Gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath

Tá líon ollmhór áiteanna i gCathair Bhaile Átha Cliath inar féidir le daoine a bheith gníomhach; tá os cionn **327 Spás le haghaidh Spóirt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil** agus **30 Cineál Spóirt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil** le fáil, agus iad comhdhéanta de **509 gClub, nGrúpa, nEagraíocht agus Saoráid Ghaolmhara le haghaidh Spóirt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil:**

- **84** Páirceanna/Spásanna Glasa
- **22** Ionaid Spóirt & Áineasa
- **199** Páirceanna & Saoráidí Spóirt
- **14** Linnte Snámha
- **5** Páirceanna Clárscátála
- **3** Saoráid Spóirt Uisce
- **155** Peil/Sacar
- **30** Leadóg
- **38** Cispheil
- **7** Lúthchleasaíocht
- **27** Dornálaíocht
- **90** Cluichí Gaelacha
- **14** Galf/Galf Dhá Mhaide
- **4** Snámh
- **4** Badmantan
- **11** Cruicéad
- **10** Rugbaí
- **9** Spóirt Uisce
- **2** Eachspóirt
- **61** Rothaíocht
- **8** Haca
- **10** Canúáil/Rámhaíocht
- **8** Ealaíona Comhraic
- **5** Babhláil (Faiche)
- **1** Spóirt Chathaoireacha Rothaí
- **3** Boghdóireacht
- **1** Gluaisrothaíocht
- **1** Tarraingt Téide
- **1** Leadóg Thábla
- **3** Casadh an Bhaitín
- **1** Spóirt Ghárthóireachta Molta
- **30** Cróice
- **38** Seoltóireacht
- **1** Babhláil
- **1** Cluichí Oilimpeacha Speisialta

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



SPORT IRELAND
LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS